

**Comhairle Contae Fhine Gall**
Fingal County Council

fingal.ie

# Comhairle Contae Fhine Gall Buiséad Bliantúil

# Fingal County Council Annual Budget

# 2026

**Leasuithe ar an Dréacht-Bhuiséad Bliantúil mar a thíolaic an Príomhfheidhmeannach don Chomhairle é**.

Phléigh na Comhaltaí an Dréacht-Bhuiséad Bliantúil ag an gCruinniú Buiséid a tionóladh Dé Máirt an 18 Samhain 2025. Glacadh an buiséad mar a tíolacadh é, in éineacht leis an leasú seo a leanas:

"Go ndéanfaí dréachtbhuiséad 2026 mar a tíolacadh é a leasú mar atá leagtha amach agus go nglacfaí an buiséad mar a leasaíodh é."

| | | |
|---|---|---|
| **Laghdú a dhéanamh ar Rannán A – Tábla F – Ioncam – Cíosanna ó Thithe** | | **2,700,000** |
| **<u>Laghdú a dhéanamh ar chaiteachas mar atá leagtha amach thíos</u>** | | |
| <u>Laghdú a dhéanamh ar</u> <u>Aistrithe Caipitil</u> F0403 | Saoráidí Pobail | 530,000 |
| A0101 | Aonaid Tithíochta Údaráis Áitiúil a Chothabháil | 530,000 |
| F0201 | Oibríochtaí na Seirbhíse Leabharlainne | 520,000 |
| B0304 | Bóithre Réigiúnacha – Cothabháil Droichead | 50,000 |
| E0901 | Ionaid Adhlactha a Chothabháil | 50,000 |
| F0504 | Oibríochtaí Saoráidí Oidhreachta/Léirmhínitheacha | 520,000 |
| <u>Laghdú a dhéanamh ar an gClár Oibreacha</u> | | |
| B0405 | Bóithre Áitiúla – Oibreacha Ginearálta Cothabhála | 160,000 |
| F0301 | Páirceanna, Páirceanna Imeartha agus Spásanna Oscailte | 145,000 |
| B0602 | Cothabháil Tráchta | 150,000 |
| B0502 | Feabhsú ar Shoilsiú Poiblí | 45,000 |
| | **Iomlán** | **2,700,000** |

<u>Nóta míniúcháin</u>

Áiríodh le dréachtbhuiséad 2026 mar a tíolacadh é méadú €5.3m ar chistiú caipitil do thionscadail sna réimsí atá leagtha amach. Athraíodh an figiúr sin mar thoradh ar an leasú a ritheadh, agus méadú €3.1m ag teacht ar chistiú caipitil do thionscadail sna réimsí atá leagtha amach dá bharr sin.

Áiríodh le dréachtbhuiséad 2026 mar a tíolacadh é méadú €1m ar an gclár bliantúil oibreacha le haghaidh oibríochtaí. Athraíodh an figiúr sin mar thoradh ar an leasú a ritheadh, agus méadú €0.5m ag teacht ar an gclár bliantúil oibreacha le haghaidh oibríochtaí.

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

# Buiséad Bliantúil 2026

## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2026

# BUISÉAD BLIANTÚIL 2026
## CLÁR ÁBHAR

**Leathanach**


**Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ..... 8**

**Anailís Airgeadais ..... 14**

**Anailís Airgeadais – Graif ..... 20**

**Táblaí Reachtúla A – E ..... 26**

TÁBLAÍ REACHTÚLA F

**Rannán A – Tithíocht agus Foirgníocht ..... 40**

**Rannán B – Iompar de Bhóthar agus Sábháilteacht ar Bhóithre ..... 49**

**Rannán C – Seirbhísí Uisce ..... 57**

**Rannán D – Bainistíocht Forbartha ..... 62**

**Rannán E – Seirbhísí Comhshaoil ..... 78**

**Rannán F – Áineas agus Taitneamhacht ..... 88**

**Rannán G – Talmhaíocht, Bia agus Muir ..... 102**

**Rannán H – Seirbhísí Ilghnéitheacha ..... 107**

**Deimhniú ..... 115**

**Muirear Bainistíochta Lárnaí – Aguisín 1 ..... 116**

**An Leithdháileadh Cánach Maoine Áitiúla – Aguisín 2 ..... 117**

Comhairle Contae Fhine Gall

**Fingal County Council**

# TUARASCÁIL AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

# DO MHÉARA AGUS COMHALTAÍ

# CHOMHAIRLE CONTAE FHINE GALL

## BUISÉAD BLIANTÚIL - 2026

### RÉAMHRÁ

Is é an cuspóir foriomlán do bhuiséad 2026 leanúint le seirbhísí ardchaighdeáin a chothabháil agus a fheabhsú agus cistiú a mhéadú chun na tionscadail bhonneagair a theastaíonn sa Chontae a sholáthar. Táthar ag coinne i mbuiséad 2026 le caiteachas foriomlán €433m, atá cothrom le méadú 11.4% ar bhuiséad 2025 agus le méadú os cionn a dhá oiread ar chaiteachas ioncaim na Comhairle sna deich mbliana atá imithe thart.

Ullmhaíodh Dréacht-Bhuiséad 2026 san fhormáid reachtúil agus i gcomhairle leis an nGrúpa Beartais Chorparáidigh, lena bhreithniú ag na Comhaltaí Tofa. Tá roinnt céimeanna i gceist leis an bpróiseas chun an buiséad a thiomsú, lena n-áirítear iad seo a leanas:

Dul i gcomhairle le gach grúpa polaitíochta agus le gach comhalta neamhspleách maidir leis na tosaíochtaí buiséadacha agus an straitéis bhuiséadach le cúpla mí anuas.

Dul i gcomhairle leis an nGrúpa Beartais Chorparáidigh chun breithniú a dhéanamh ar an straitéis buiséid, na dúshláin airgeadais agus na mionsonraí buiséid ag céimeanna éagsúla d'ullmhú an bhuiséid.

Athbhreithnithe mionsonraithe a dhéanamh ar gach gné den bhuiséad i gcomhar le Stiúrthóirí agus le sealbhóirí buiséid.

Sa chéim dheiridh den phróiseas buiséid, déanann na Comhaltaí Tofa breithniú ar an mbuiséad ag an gCruinniú Buiséid Bhliantúil, rud atá sceidealaithe don 18 Samhain 2025.

### FEIDHMEANNA FORCHOIMEÁDTA NA gCOMHALTAÍ TOFA

Tá roinnt feidhmeanna forchoimeádta ag na Comhaltaí i ndáil leis an bpróiseas buiséid. Tá na feidhmeanna forchoimeádta sin mar a leanas:

#### Cáin Mhaoine Áitiúil

Tá sé de chumhacht ag na Comhaltaí an Ráta Cánach Maoine Áitiúla (Fachtóir Coigeartaithe Áitiúil) a athrú trí é a mhéadú/a laghdú faoi 15% ar a mhéad.

#### An Buiséad a Ghlacadh

Féadfaidh na Comhaltaí an Buiséad a ghlacadh fara leasú nó gan leasú agus ní mór dóibh na suimeanna atá á soláthar lena n-aistriú chuig an gCuntas Caipitil a cheadú.

### An Ráta a Chinneadh

Ní mór do na Comhaltaí breithniú a dhéanamh ar rún ar leith i ndáil leis an Ráta Bliantúil ar an Luacháil ag an gcruinniú Buiséid.

### Rátaí ar Áitribh Fholmha

Déantar foráil leis an Acht um Rátaí Rialtais Áitiúil agus Nithe Eile, 2019, go bhféadfaidh comhaltaí tofa d'údarás áitiúil scéim a dhéanamh lena ndéanfar foráil maidir le rátaí a laghdú i leith maoine folmha.

## RÁTAÍ TRÁCHTÁLA

Leis an mBuiséad, déantar méadú 4% ar Rátaí sa bhliain 2026. Tá sé sin ar an gcéad mhéadú ar rátaí le roinnt mhaith blianta anuas, agus tá sé i bhfad faoi bhun an ráta boilscithe charnaigh ó bhí an bhliain 2020 ann, is é sin 23%.

## CÁIN MHAOINE ÁITIÚIL

Ag cruinniú na Comhairle i mí Iúil 2025, chinn na Comhaltaí an ráta Cánach Maoine Áitiúla a laghdú faoi 5.0% don bhliain 2026.

## BUAICPHOINTÍ AN BHUISÉID

Mar atá leagtha amach thuas, déantar le dréachtbhuiséad 2026 soláthar don infheistíocht sa Chontae a mhéadú go mór, mar atá mionsonraithe thíos:

### Soláthar Foirne

Tá ár mbaill foirne ina gcuid dhílis den chumas atá againn seirbhísí a sholáthar do mhuintir Fhine Gall agus ár dtionscadail chaipitil a chur i gcrích sa Chontae. Déantar leis an mBuiséad soláthar do róil bhreise, go háirithe i réimsí na tithíochta agus na n-oibríochtaí.

### Tithíocht

Tháinig méadú €24.0m ar an mbuiséad Tithíochta, agus é ag ardú go €159.8m. Áirítear leis sin caiteachas €15.5m sa bhreis ar thithíocht a sholáthar trí chomhlachtaí tithíochta ceadaithe. Déantar leis an mbuiséad soláthar do €1.9m sa bhreis ar chothabháil tithíochta. Tháinig méadú €2.5m ar an gcistiú le haghaidh deontais tithíochta. Tháinig méadú €1.25m ar ranníocaíocht na Comhairle le Feidhmeannas Réigiúnach Bhaile Átha Cliath do Dhaoine gan Dídean freisin.

### Oibríochtaí

Déantar leis an mBuiséad socrú do mhéadú €3.6m i réimsí éagsúla a bhaineann le hoibríochtaí (gan párolla agus cistiú caipitil a áireamh), lena n-áirítear cothabháil bóithre, soilsiú poiblí, páirceanna, clóis súgartha, ionaid athchúrsála, cuanta, leithris phoiblí agus ionaid adhlactha. Déantar soláthar leis freisin do leithdháileadh €0.5m sa bhreis ar an gclár bliantúil oibreacha le haghaidh oibríochtaí.

### An Spórt

Soláthraítear leis an mbuiséad €600k sa bhreis i leith an riachtanais cistiúcháin a theastaíonn le haghaidh linn snámha a sholáthar i mBaile Brigín. Áirítear leis an mbuiséad spóirt freisin deontais caipitil spóirt is ionann agus €975k.

**Na hEalaíona**
Leithdháileadh €430k sa bhreis ar fhorbairt na n-ealaíon sa Chontae.

**An Oidhreacht, Imeachtaí, agus Cur Chun Cinn na Turasóireachta**
Áirítear leis an mbuiséad méadú €588k le haghaidh imeachtaí, le haghaidh chur chun cinn na turasóireachta agus le haghaidh maoine oidhreachta sa Chontae.

**Pobal**
Áirítear €590k sa bhreis leis an mbuiséad Pobail. Leis sin, soláthrófar cistiú breise le haghaidh deontais phobail chomh maith le cistiú le haghaidh oibriú an ionaid pobail nua i mBaile Dúill.

**Cistiú Caipitil**
Tíolacadh an plean caipitil 2026 – 2028 do na Comhaltaí ag cruinniú na Comhairle i mí Dheireadh Fómhair 2025. Mar atá sainaitheanta sa phlean, teastaíonn cistiú méadaithe ó roinnt réimsí caiteachais caipitil, lena n-áirítear ionaid phobail, leabharlanna, maoine oidhreachta, agus oibríochtaí. Áirítear leis an mbuiséad seo méadú €3.8m ar aistrithe caipitil chuig na réimsí sin chun buntacú le tionscadail a sholáthar.

## BUÍOCHAS
Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na Comhaltaí Tofa den Chomhairle as ucht a dtacaíochta, agus ba mhaith liom a rá gur mór agam an tiomantas a léirigh an Comh. Tom O'Leary, an Méara, agus Brian McDonagh, an Méara roimhe, do na freagrachtaí speisialta a ghabhann leis an Oifig agus a gcúirtéis agus a gcomhoibriú, mar aon leis an nGrúpa Beartais Chorparáidigh, agus gnó na Comhairle á ghabháil de láimh acu le linn na bliana 2025. Táim ag tnúth le leanúint le hobair i gcomhpháirt leis na Comhaltaí Tofa chun seirbhís phoiblí ardchaighdeáin a sholáthar do shaoránaigh Fhine Gall.


Ba mhaith liom ómós a thabhairt freisin do na baill foirne uile as ucht a dtiomantais agus a ndíograise i leith seirbhísí a sholáthar do mhuintir Fhine Gall. Is cúram deacair dúshlánach é buiséad a ullmhú, rud a chomhordaíonn an Rannóg Airgeadais agus a bhfuil ról ag gach Rannóg ar fud na Comhairle ann. Maidir leis sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na baill foirne uile a bhí páirteach in ullmhú an Bhuiséid.

## CONCLÚID

Is ionann Buiséad 2026 agus méadú suntasach ar an infheistíocht sa Chontae, agus gnóthaítear leis an cuspóir atá ann seirbhísí ardchaighdeáin a chothú agus a fheabhsú agus cistiú a mhéadú chun na tionscadail bhonneagair sa Chontae a chur i gcrích, agus staid stuama airgeadais á coinneáil ar bun an tráth céanna.

De réir mar a leanann an Contae le fás agus le forbairt, táim ag tnúth le leanúint le hobair i gcomhar leis na Comhaltaí chun a chinntiú go mbeidh na hacmhainní airgeadais riachtanacha ar fáil chun seirbhísí agus infheistíocht bonneagair a sholáthar do gach duine ar fud an Chontae.

**Molaim go nGlacfaí an Buiséad.**



**AnnMarie Farrelly**
**Príomhfheidhmeannach**
Samhain 2025

Comhairle Contae Fhine Gall

**Fingal County Council**

# ANAILÍS AIRGEADAIS

## ANAILÍS AIRGEADAIS

### TRÉIMHSE BHUISÉADACH FHORORDAITHE

Rinne an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta an tréimhse ón 3 Samhain 2025 go dtí an 28 Samhain 2025 a shocrú mar an tréimhse fhorordaithe le haghaidh an Cruinniú Buiséid don bhliain 2026 a thionól. Tionólfar an Cruinniú Buiséid reachtúil an 18 Samhain 2025, agus ní mór an Buiséad a ghlacadh laistigh de thréimhse 14 lá dar tús an dáta sin. Dá bhrí sin, is é an 1 Nollaig 2025 an dáta deiridh le haghaidh an Buiséad a ghlacadh.

### TORADH 2025

Is é €394.1m an toradh tuartha don bhliain 2025. Áirítear leis an toradh caiteachas sa bhreis le haghaidh oibríochtaí, le haghaidh na Rannóige Forbartha Eacnamaíche, Fiontar, Turasóireachta agus Cultúrtha agus le haghaidh gníomhú ar son na haeráide. Ba le deontais agus ioncam sa bhreis a cistíodh an caiteachas sa bhreis sin.

### BUISÉAD 2026

Déantar leis an Dréacht-Bhuiséad soláthar do chaiteachas iomlán €433.4m, rud atá cothrom le méadú €44.5m ar bhuiséad 2025. Is ionann buiséad 2026 agus méadú faoi dhó ar bhuiséad bliantúil na Comhairle le 10 mbliana anuas, rud a léiríonn an fás tapa sa Chontae, an méadú ar an éileamh ar sheirbhísí, agus an gá le hinfheistíocht bonneagair. D'fhéach an Chomhairle leis an éileamh méadaitheach sin ar acmhainní a bhainistiú agus le bainistíocht stuama airgeadais a choinneáil ar bun an tráth céanna.

### RÁTAÍ TRÁCHTÁLA

Is iad rátaí tráchtála an phríomhfhoinse cistiúcháin don Chomhairle, agus iad freagrach as thart ar 40% den ioncam foriomlán don bhliain 2026. Déantar leis an mbuiséad méadú 4% ar an Ráta Bliantúil ar an Luacháil, agus é ag ardú go 0.1868. A bhuí leis an méadú sin, éascaítear infheistíocht mhéadaithe i seirbhísí agus cistiú do ghnéithe den phlean caipitil, mar atá leagtha amach i réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh.

I ndáiríre, chuaigh níos mó ná cúig bliana déag thart ó rinneadh aon mhéadú ar bith ar rátaí, ar lena linn a tháinig laghdú ar rátaí do bhreis agus 75% d'íocóirí rátaí tar éis maoine tráchtála ar fud an chontae a athluacháil le héifeacht ón mbliain 2020.

Tá an ráta boilscithe carnach sa gheilleagar ón mbliain 2020 i leith cothrom le thart ar 23%, agus níor mhéadaigh Fine Gall rátaí chun coinneáil suas leis an méadú sin ar chostais. Leagtar amach sa tábla thíos tionchar an mhéadaithe 4% ar rátaí, agus é miondealaithe de réir bandaí.

| Banda Rátaí | | | |
|---|---|---|---|
| ó € | go € | Toradh Rátaí Reatha € | Rátaí % |
| 0 | 1,000 | 350,369 | 0.2% |
| 1,001 | 5,000 | 8,111,097 | 4.8% |
| 5,001 | 10,000 | 7,163,843 | 4.3% |
| 10,001 | 20,000 | 8,492,146 | 5.1% |
| 20,001 | 50,000 | 18,050,520 | 10.7% |
| 50,001 | 100,000 | 15,609,709 | 9.3% |
| 100,001 | 500,000 | 32,458,373 | 19.3% |
| >500,001 | | 77,807,570 | 46.3% |
| **Iomlán** | | **168,043,626** | **100.0%** |

| Tionchar an Mhéadaithe 4% ar Rátaí | | | |
|---|---|---|---|
| Luach iomlán an mhéadaithe 4% ar rátaí € | An rannchuidiú le luach iomlán an mhéadaithe ar rátaí | An líon íocóirí rátaí sa bhanda | Céatadán na n-íocóirí rátaí sa bhanda |
| 14,015 | 0.2% | 589 | 9.2% |
| 324,444 | 4.8% | 3103 | 48.3% |
| 286,554 | 4.3% | 1075 | 16.7% |
| 339,686 | 5.1% | 628 | 9.8% |
| 722,021 | 10.7% | 593 | 9.2% |
| 624,388 | 9.3% | 234 | 3.6% |
| 1,298,335 | 19.3% | 171 | 2.7% |
| 3,112,303 | 46.3% | 34 | 0.5% |
| **6,721,745** | **100.0%** | **6,427** | **100.0%** |

| Sampla den mhéadú ar rátaí, bunaithe ar luach uasta an bhanda € |
|---|
| 40 |
| 200 |
| 400 |
| 800 |
| 2,000 |
| 4,000 |
| 20,000 |

Mar is léir ón tábla, is ag beagán faoi bhun 75% d'íocóirí rátaí atá bille rátaí bliantúil faoi bhun €10,000, agus is ag beagán faoi bhun 57.5% díobh atá bille faoi bhun €5,000. Is é méadú €200 in aghaidh na bliana ar a b(h)ille rátaí bliantúil an tionchar a bheadh ann ar íocóir rátaí a íocann €5,000 faoi láthair. Is ionann é sin agus méadú €3.85 in aghaidh na seachtaine. Léirítear leis an mbuiséad buacacht €1m ar rátaí le linn na bliana 2026.

Léirítear leis an mBuiséad go gcoimeádfar an faoiseamh i leith áitribh fholmha ag 0%. Leis an mBuiséad, leantar lena shocrú freisin go mbeidh an Chomhairle in ann maolú a dhéanamh ar aon laghdú féideartha ar ioncam rátaí mar gheall ar achomhairc luachála atá fós ar siúl.

## CÁIN MHAOINE ÁITIÚIL

Ag Cruinniú na Comhairle i mí Iúil 2025, vótáil na Comhaltaí chun an fachtóir coigeartaithe áitiúil Cánach Maoine Áitiúla a shocrú ag -5.0% don bhliain 2026.

Méadaíodh an méid Cánach Maoine Áitiúla a leithdháileadh ar an mbonnlíne don bhliain 2026. Méadaíodh an méid Cánach Maoine Áitiúla a leithdháileadh ar chaiteachas lánroghnach ó 22.5% go 31% freisin. Luaitear mar a leanas i gCiorclán FIN 09/2025: *"Tá sé tugtha faoi deara ag an Rialtas go mbeifear ag súil leis, maidir le haon údarás áitiúil a bhainfidh tairbhe as an aistriú chuig coinneáil 31%, go n-úsáidfidh sé an cistiú sa bhreis sin do chláir athghiniúna uirbí ina limistéir féin".* Léirítear é sin sa bhuiséad.

Léirítear sa tábla thíos tionchar na n-athruithe sin idir na blianta 2025 agus 2026.

| Comhairle Contae Fhine Gall – An Leithdháileadh Cánach Maoine Áitiúla don bhliain 2026 | | | |
|---|---|---|---|
| | **2026** | ***2025*** | ***Difríocht*** |
| An Cháin Mhaoine Áitiúil a Choinnítear go hÁitiúil (100%) | 49,735,680 | 45,836,328 | *3,899,352* |
| Bonnlíne | 9,424,881 | 5,824,881 | *3,600,000* |
| An Cháin Mhaoine Áitiúil tar éis na bonnlíne | 40,310,799 | 40,011,447 | 299,352 |
| Lúide Féinchistiú | 24,892,738 | 29,698,273 | *(4,805,535)* |
| **An Cháin Mhaoine Áitiúil le haghaidh úsáid dhílis** | | | |
| An Cháin Mhaoine Áitiúil le haghaidh úsáid dhílis (roimh an athrú) | 15,418,061 | 10,313,174 | *5,104,887* |
| Bonnlíne | 9,424,881 | 5,824,881 | *3,600,000* |
| Lúide an t-athrú (2026: -5.0%, 2025: -7.5%) | (2,486,784) | (3,437,725) | *950,941* |
| **An Cháin Mhaoine Áitiúil iomlán le haghaidh úsáid dhílis (tar éis an athraithe)** | **22,356,158** | **12,700,330** | **9,655,828** |

## CÍOSANNA TITHÍOCHTA

Tá an scéim reatha cíosanna difreálacha tithíochta beagnach 13 bliana d'aois anois, agus tá sí á hathbhreithniú faoi láthair d'fhonn scéim nuashonraithe a chur chun feidhme sa dara ráithe den bhliain 2026.

Éascaíodh le buiséid i ndiaidh a chéile leibhéal méadaithe cistiúcháin do chothabháil tithíochta, agus é ag méadú faoi thart ar 50% ón mbliain 2020 amháin. Áirítear le buiséad 2026 méadú sa bhreis ar chistiú do chothabháil tithíochta, agus beidh tuilleadh méaduithe ag teastáil amach anseo.


Leanfaidh an scéim nua de choinneáil a dhéanamh ar liosta na bhfoinsí ioncaim nach gcuirtear san áireamh agus cíos á ríomh, amhail sochar leanaí, liúntas breosla, etc.

## COSTAIS PHÁROLLA, PHINSIN AGUS SCOIR

Leanann an Chomhairle le hiarracht a dhéanamh róil fholmha a líonadh, toisc go bhfuil siad ríthábhachtach maidir leis an gcumas atá againn seirbhísí agus ár bplean caipitil a sholáthar. Leis an mbuiséad párolla, déantar soláthar do na poist chomhaontaithe uile laistigh de phlean fórsa saothair na Comhairle, mar aon le soláthar do róil sa bhreis a bhaineann go príomha le hoibríochtaí agus le tithíocht.

| €M | Buiséad 2025 | Toradh 2025 | Buiséad 2026 |
|---|---|---|---|
| Pá | 28.4 | 27.5 | 27.4 |
| Tuarastail | 63.9 | 64.4 | 66.8 |
| **Iomlán** | **92.3** | **92.0** | **94.1** |
| Costais Phinsin agus Scoir | 22.2 | 23.1 | 25.4 |

Mar atá leagtha amach sa ghraf thíos, tháinig méadú ar chostais phinsin agus scoir ó €15.9m sa bhliain 2020 go figiúr tuartha €25.4m sa bhliain 2026.




## UISCE ÉIREANN

Ullmhaítear Buiséad 2026 ar an mbonn go leanfar le costais dhíreacha agus leis an ranníocaíocht dhíreach i leith an mhuirir bainistíochta lárnaí araon a aisghabháil ag leibhéil chomhaontaithe ó Uisce Éireann agus ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta faoi seach.

Léirítear i dtoradh 2025 agus i mbuiséad 2026 laghdú leantach ar aisghabháil costas díreach saothair de réir mar a bhogann baill foirne Chomhairle Contae Fhine Gall go hUisce Éireann nó de réir mar a fhanann siad sa Chomhairle.

## AN tSEIRBHÍS DÓITEÁIN

Trí chomhaontú, is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a sholáthraíonn an tSeirbhís Dóiteáin do na ceithre Údarás Áitiúla i mBaile Átha Cliath. Is i measc na nÚdarás a chomhroinntear glanchostas na seirbhíse, agus aird á tabhairt ar dhaonra Fhine Gall mar chéatadán de dhaonra na gceithre Údarás i mBaile Átha Cliath, ar an líon teaghlach i ngach limistéar riaracháin agus ar an luacháil inrátaithe stairiúil. Meastar gurb é €27.3m sciar Fhine Gall de chostas na seirbhíse sa bhliain 2026, agus é cothrom le méadú €1.5m ar an bhfigiúr i mBuiséad 2025. Tá cionroinnt chostais na Seirbhísí Dóiteáin i measc na gceithre Údarás i mBaile Átha Cliath mar a leanas:

| | Buiséad 2025 | | Buiséad Athbhreithnithe 2025 | | Buiséad 2026 | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Údarás Áitiúil** | Glanchostas | Cionroinnt % | Glanchostas | Cionroinnt % | Glanchostas | Cionroinnt % |
| **Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath** | 62,305,349 | 48.4% | 63,172,205 | 47.8% | 65,849,437 | 47.4% |
| **Comhairle Contae Fhine Gall** | 25,852,339 | 20.1% | 26,212,024 | 19.7% | 27,322,887 | 19.7% |
| **Comhairle Contae Átha Cliath Theas** | 24,162,376 | 18.8% | 24,498,548 | 18.4% | 25,536,794 | 18.4% |
| **Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin** | 19,129,213 | 14.9% | 19,395,359 | 14.6% | 20,217,332 | 14.6% |
| **Iomlán** | 131,449,277 | 102.1% | 133,278,135 | 100.4% | 138,926,450 | 100.0% |

## CLÁR CAIPITIL

Tíolacadh an Clár Caipitil 2026-2028 do na Comhaltaí ag Cruinniú na Comhairle i mí Dheireadh Fómhair. Sainaithnítear ann breis agus 300 tionscadal a mbeidh caiteachas measta €1.43 billiún i gceist leo thar an tréimhse 3 bliana. Sainaithnítear sa chlár roinnt réimsí amhail ionaid phobail, leabharlanna, maoine oidhreachta, etc., óna dteastaíonn cistiú méadaithe ón mbuiséad ioncaim. Ina theannta sin, mar atá leagtha amach i réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh, cuireadh méaduithe cistiúcháin do na tionscadail chaipitil sin ar áireamh sa bhuiséad.

## COSTAIS TACAÍOCHTA SEIRBHÍSE

Áirítear le gach rannán cionroinnt a bhaineann le costais riaracháin ghinearálta agus le forchostais nach bhfuil inmhuirearaithe go díreach i leith aon rannán ar leith. Is mar 'chostais tacaíochta seirbhíse' a ghrúpáiltear na costais sin, agus áirítear leo caiteachais cóiríochta oifige, tuarastail nach bhfuil inmhuirearaithe go díreach i leith rannán ar leith, pinsin, aiscí scoir, seirbhísí ríomhaireachta, costais dlí, postas, teileafón, priontáil, páipéarachas, agus fógraíocht. Ba ar bhonn spreagthaí costais náisiúnta a leithdháileadh na forchostais sin ar Rannáin agus ar Sheirbhísí.

Tá na costais leagtha amach in Aguisín 1, agus is ionann iad agus €66.4m don bhliain 2026. Tá sé sin cothrom le méadú is fiú thart ar €7.3m ar Bhuiséad 2025. Is iad costais phárolla, phinsin agus scoir agus caiteachas TF atá taobh thiar den mhéadú sin.

Tá anailís ar an gcaiteachas i ngach réimse leagtha amach thíos:


| | | **Conas a leithdháiltear an Muirear Bainistíochta Lárnaí** |
|---|---|---|
| **Forchostas na Rannóige um Ghnóthaí Corparáideacha** | **7,219,200** | Tá an leithdháileadh bunaithe ar an líon ball foirne ar tuarastal i Rannáin A go H. |
| Áirítear leis seo costais a bhaineann le raon réimsí atá faoi bhainistiú ag seirbhísí corparáideacha, lena n-áirítear saoráil faisnéise, cúram custaiméirí, an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, an oifig rochtana, agus cumarsáid. Cuirtear costais a bhaineann le hiniúchóireacht inmheánach agus leis an gcoiste iniúchóireachta ar áireamh anseo. Cuirtear ar áireamh anseo freisin an costas a bhaineann le hárachais chorparáideacha. | | |
| **Forchostas na Rannóige um Fhoirgnimh Chorparáideacha** | **12,446,000** | Tá an leithdháileadh bunaithe ar an líon méadar cearnach ar dtús agus ansin ar an líon ball foirne ar tuarastal i Rannáin A go H. |
| Áirítear leis seo costais a bhaineann le foirgnimh chorparáideacha a sholáthar agus a chothabháil, lena n-áirítear aisíocaíochtaí iasachta agus costais ghaolmhara foirne. | | |
| **Airgeadas** | **3,593,200** | Tá costais bunaithe ar an líon idirbheart airgeadais a ghintear i Rannáin A go H. |
| Áirítear leis seo costais foirne a bhaineann leis an rannóg airgeadais. Áirítear leis seo árachais, cuntais iníoctha, bainistíocht agus rialú airgeadais, costais a bhaineann leis an gcóras bainistíochta airgeadais, agus soláthar. | | |
| **Seirbhísí Daoine** | **5,133,000** | Tá an leithdháileadh bunaithe ar an líon iomlán ball foirne i Rannáin A go H. |
| Áirítear leis seo costais foirne a bhaineann leis an rannóg seirbhísí daoine, mar aon le costais earcaíochta, oiliúint foirne, oiliúint sláinte agus sábháilteachta, folláine foirne, agus riarachán párolla. | | |
| **Seirbhísí Digiteacha** | **12,620,100** | Tá costais bunaithe ar an líon ríomhairí pearsanta agus ar úsáid feidhmchlár i Rannáin A go H. |
| Áirítear leis seo costais foirne seirbhísí digiteacha, bonneagar líonra, freastalaithe, ríomhairí pearsanta, ríomhairí glúine, agus ceadúnais crua-earraí agus bogearraí cumarsáide. Áirítear leis seo freisin costais tionscadail a bhaineann le córais nua TF a chur chun feidhme agus le córais reatha TF a uasghrádú ar fud na Comhairle. | | |
| **Costais Scoir** | **25,423,000** | Tá costais bunaithe ar chéatadán de na costais tuarastail i Rannáin A go H. |
| Áirítear leis seo costais phinsin agus scoir agus costais ghaolmhara riaracháin. | | |

Comhairle Contae Fhine Gall
**Fingal County Council**

# ANAILÍS AIRGEADAIS – GRAIF


# Caiteachas in aghaidh an Duine den Daonra

| | Caiteachas | % den Bhuiséad | Caiteachas in aghaidh an Duine den Daonra |
|---|---|---|---|
| Tithíocht agus Foirgníocht | €159,800,300 | 36.87% | €483.50 |
| Iompar de Bhóthar agus Sábháilteacht ar Bhóithre | €46,968,200 | 10.84% | €142.11 |
| Seirbhísí Uisce | €15,283,200 | 3.53% | €46.24 |
| Bainistíocht Forbartha | €40,110,800 | 9.26% | €121.36 |
| Seirbhísí Comhshaoil | €59,399,000 | 13.71% | €179.72 |
| Áineas agus Taitneamhacht | €84,734,000 | 19.55% | €256.38 |
| Talmhaíocht, Bia agus Muir | €2,164,000 | 0.50% | €6.55 |
| Seirbhísí Ilghnéitheacha | €24,893,900 | 5.74% | €75.32 |
| | **€433,353,400** | **100.00%** | **€1,311.18** |





* Daonra 330,506 – Daonáireamh 2022

# Buiséad Ioncaim, Bliain ar Bhliain, 2020 - 2026





# Cén áit a dtarlóidh an caiteachas




# Anailís ar Chaiteachas

| | Buiséad 2025<br>€ | Buiséad Athbhreithnithe 2025<br>€ | Buiséad 2026<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Párolla** | | | |
| Tuarastail agus Pá | 92,330,500 | 91,961,800 | 94,138,400 |
| Caiteachais Phárolla Eile | 2,313,500 | 1,974,300 | 2,471,400 |
| Pinsin agus Aiscí | 22,229,800 | 23,078,000 | 25,410,000 |
| | | | |
| **Caiteachais Oibriúcháin** | | | |
| Talamh agus Trealamh a Cheannach | 2,771,900 | 2,707,000 | 2,683,000 |
| Deisiúcháin agus Cothabháil | 822,100 | 815,300 | 857,700 |
| Íocaíochtaí Conartha | 36,826,000 | 38,938,900 | 40,711,000 |
| Seirbhísí Gníomhaireachta | 89,483,900 | 88,334,100 | 109,911,200 |
| Gléasra ar Cíos | 4,217,900 | 4,194,400 | 4,510,000 |
| Ábhair, agus Fadhbanna le Stórtha | 4,170,100 | 3,913,400 | 4,213,300 |
| Deontais Tithíochta | 6,553,700 | 5,917,800 | 8,456,000 |
| Íocaíochtaí Deontas/Fóirdheontas | 6,536,700 | 8,986,800 | 9,048,000 |
| Costais Comhaltaí | 451,000 | 451,000 | 462,000 |
| Táillí Sainchomhairleoireachta agus Gairmiúla | 9,206,800 | 9,917,800 | 10,430,200 |
| Fuinneamh | 5,400,600 | 5,514,500 | 5,609,400 |
| Costais na Scéime um Chóiríocht ar Cíos | 23,547,000 | 23,045,000 | 22,990,000 |
| Caiteachais Oibriúcháin Eile | 10,444,700 | 10,693,300 | 10,723,900 |
| | | | |
| **Caiteachais Riaracháin agus Bhunaithe** | | | |
| Cumarsáid | 1,314,300 | 1,391,200 | 1,498,500 |
| Oiliúint agus Earcaíocht | 1,394,900 | 1,455,100 | 1,554,500 |
| Priontáil agus Páipéarachas | 689,000 | 641,500 | 707,100 |
| Ranníocaíochtaí le Comhlachtaí Eile | 2,763,000 | 3,375,000 | 3,251,000 |
| Caiteachais Riaracháin Eile | 8,471,200 | 9,269,700 | 10,277,800 |
| Cíosanna agus Rátaí | 1,996,200 | 2,119,100 | 2,183,300 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 465,000 | 485,000 | 500,000 |
| Caiteachais Bhunaithe Eile | 960,500 | 1,032,800 | 1,032,900 |
| Caiteachais Airgeadais (lena n-áirítear Iasachtaí agus Léasanna) | 12,851,800 | 13,119,400 | 12,913,600 |
| Aistrithe chuig Caipiteal | 37,039,300 | 37,148,200 | 42,784,200 |
| Ilghnéitheach | 3,624,500 | 3,625,200 | 4,025,100 |
| | **388,875,900** | **394,105,600** | **433,353,400** |




# Analaís ar Ioncam

| | Buiséad 2025 | Buiséad Athbhreithnithe 2025 | Buiséad 2026 |
|---|---|---|---|
| | € | € | € |
| Rátaí Tráchtála | 167,751,500 | 167,269,502 | 175,765,400 |
| Deontais (lena n-áirítear féinchistiú a bhaineann leis an gCáin Mhaoine Áitiúil) | 134,726,700 | 135,821,900 | 157,216,100 |
| Asbhaintí Aoisliúntais agus Pinsin | 2,165,000 | 2,210,098 | 2,444,542 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil (Lánroghnach) | 12,700,300 | 12,700,300 | 22,356,158 |
| Cíos Tithíochta | 24,580,200 | 26,782,200 | 30,852,100 |
| Cíos Tithíochta Eile | 5,050,000 | 5,555,200 | 7,771,100 |
| Ús agus Muirir ar Iasachtaí Tithíochta | 4,114,500 | 4,106,500 | 4,106,500 |
| Uisce Éireann | 8,776,900 | 5,768,200 | 3,747,000 |
| Ioncam ó Ionaid Athchúrsála agus ó Líontaí Talún | 1,456,000 | 1,460,000 | 1,525,000 |
| Táillí Pleanála | 1,880,500 | 1,885,500 | 1,885,500 |
| Táillí Páirceála/Muirir Pháirceála | 2,000,000 | 2,020,000 | 3,030,000 |
| Gníomhaíochtaí Áineasa agus Taitneamhachta | 666,200 | 711,700 | 845,300 |
| Seirbhísí Gníomhaireachta agus Seirbhísí atá In-fhorchúitithe ó Údaráis Áitiúla Eile | 3,298,300 | 4,131,500 | 3,126,900 |
| Maoin a Fháil ar Cíos agus Talamh a Fháil ar Léas | 1,551,900 | 1,629,800 | 1,608,700 |
| Muirir Dhóiteáin | 1,500,000 | 1,500,000 | 1,500,000 |
| Íocaíochtaí i leith Áiteanna Cónaithe Príobháideacha Neamhphríomha | 50,000 | 20,900 | |
| Táillí Eile agus Fíneálacha | 3,549,300 | 3,868,600 | 4,118,800 |
| Ioncam Ilghnéitheach | 13,058,600 | 16,663,700 | 11,454,300 |
| | **388,875,900** | **394,105,600** | **433,353,400** |



# Dáileadh Ioncaim Bhuiséadaithe ó Rátaí Tráchtála 2026 – €175.77m




**Cuimsíonn an “Luacháil Uileghabhálach” na luachálacha ó fhóntais phoiblí amhail cuideachtaí uisce, fuinnimh agus cumarsáide.**

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

# Buiséad Reachtúil

## TÁBLAÍ A - E

Ba cheart a thabhairt faoi deara, mar gheall ar an leibhéal mionsonraí atá i gceist le Costais Tacaíochta Seirbhíse a chionroinnt, gur féidir go bhfuil slánú le feiceáil i roinnt de na táblaí. Níl aon éifeacht ábhartha ag an slánú sin, agus níl aon tionchar aige ar na figiúirí foriomlána buiséid.

| TÁBLA A – RÍOMH AN RÁTA BHLIANTÚIL AR AN LUACHÁIL DON BHLIAIN AIRGEADAIS | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Achoimre de réir Rannán Seirbhíse** | **Caiteachas €** | **Ioncam €** | **Glanchaiteachas Buiséid 2026 €** | **%** | **Toradh Glanchaiteachais Measta 2025 €** | **%** |
| **Ollchaiteachas Ioncaim agus Ollioncam** | | | | | | |
| A Tithíocht agus Foirgníocht | 159,800,300 | 154,067,900 | 5,732,400 | 2.9% | 7,088,300 | 3.9% |
| B Iompar de Bhóthar agus Sábháilteacht ar Bhóithre | 46,968,200 | 11,539,800 | 35,428,400 | 17.9% | 34,064,600 | 18.9% |
| C Seirbhísí Uisce | 15,283,200 | 10,555,800 | 4,727,400 | 2.4% | 4,258,500 | 2.4% |
| D Bainistíocht Forbartha | 40,110,800 | 11,032,800 | 29,078,000 | 14.7% | 26,182,300 | 14.5% |
| E Seirbhísí Comhshaoil | 59,399,000 | 10,341,100 | 49,057,900 | 24.8% | 45,584,600 | 25.3% |
| F Áineas agus Taitneamhacht | 84,734,000 | 7,474,600 | 77,259,400 | 39.0% | 69,400,700 | 38.6% |
| G Talmhaíocht, Bia agus Muir | 2,164,000 | 504,500 | 1,659,500 | 0.8% | 1,692,400 | 0.9% |
| H Seirbhísí Ilghnéitheacha | 24,894,100 | 29,715,400 | (4,821,300) | (2.4%) | (8,301,900) | (4.6%) |
| | **433,353,600** | **235,231,900** | **198,121,700** | 100.0% | **179,969,500** | 100.0% |
| Soláthar don Iarmhéid Dochair | - | | - | | | |
| **OLLCHAITEACHAS AGUS OLLIONCAM ARNA gCOIGEARTÚ (A)** | **433,353,600** | **235,231,900** | **198,121,700** | | **179,969,500** | |
| **Arna Maoiniú le hIarmhéideanna Eile Ioncaim/Sochair** | | | | | | |
| Soláthar don Iarmhéid Sochair | | - | - | | | |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | | 22,356,158 | 22,356,158 | | | |
| **FO-IOMLÁN (B)** | | | **22,356,158** | | | |
| **MÉID NA RÁTAÍ ATÁ LE GEARRADH MAR THOBHACH C=(A-B)** | | | **175,765,542** | | | |
| Glanluacháil Éifeachtach **(E)** | | | 940,928,112 | | | |
| **RÁTA BLIANTÚIL GINEARÁLTA AR AN LUACHÁIL (C/E)** | | | **0.1868** | | | |

| TÁBLA B: Caiteachas agus Ioncam do 2026 agus Toradh Measta do 2025 | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2026 | | | | 2025 | | | |
| | Caiteachas | | Ioncam | | Caiteachas | | Ioncam | |
| **Rannán agus Seirbhísí** | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara € | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara € | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Toradh Measta € | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Toradh Measta € |
| **A Tithíocht agus Foirgníocht** | | | | | | | | |
| A01 Aonaid Tithíochta Údaráis Áitiúil a Chothabháil agus a Fheabhsú | 17,269,300 | 17,799,300 | 31,795,400 | 34,495,400 | 15,535,800 | 15,849,100 | 24,967,900 | 27,390,100 |
| A02 Measúnú Tithíochta, Leithdháileadh Tithíochta agus Aistriú Tithíochta | 2,745,400 | 2,745,400 | 69,900 | 69,900 | 2,759,800 | 2,662,400 | 66,800 | 66,100 |
| A03 Cíos Tithíochta agus Ceannach ag Tionóntaí a Riar | 2,970,800 | 2,970,800 | 63,700 | 63,700 | 2,618,000 | 2,803,800 | 62,600 | 61,900 |
| A04 Tacaíocht Forbartha Pobail Tithíochta | 2,297,900 | 2,297,900 | 55,800 | 55,800 | 2,106,500 | 2,023,600 | 53,600 | 55,100 |
| A05 Seirbhís do Dhaoine gan Dídean a Riar | 6,728,900 | 6,728,900 | 640,300 | 640,300 | 5,290,800 | 5,710,800 | 604,400 | 634,100 |
| A06 Tacaíocht don Chlár Caipitil Tithíochta | 12,662,800 | 12,662,800 | 8,074,900 | 8,074,900 | 11,873,900 | 12,421,400 | 8,159,600 | 9,333,900 |
| A07 An Scéim um Chóiríocht ar Cíos agus an Clár Léasaithe | 95,165,800 | 95,165,800 | 97,906,500 | 97,906,500 | 79,528,900 | 76,444,100 | 81,902,200 | 77,893,300 |
| A08 Iasachtaí Tithíochta | 5,875,400 | 5,875,400 | 4,823,800 | 4,823,800 | 5,906,400 | 5,944,100 | 4,904,000 | 4,824,400 |
| A09 Deontais Tithíochta | 9,398,300 | 9,398,300 | 7,902,600 | 7,902,600 | 6,832,300 | 6,746,200 | 5,293,200 | 5,377,600 |
| A11 Seirbhísí Gníomhaireachta agus Seirbhísí In-fhorchúitithe | 2,446,000 | 2,446,000 | 815,700 | 815,700 | 2,401,300 | 2,738,100 | 856,100 | 926,200 |
| A12 An Clár um Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta | 866,200 | 866,200 | 545,800 | 545,800 | 908,500 | 851,000 | 563,900 | 543,600 |
| A13 Ar Cíos de réir Costais | 1,373,500 | 1,373,500 | 1,373,500 | 1,373,500 | - | 225,000 | - | 225,000 |
| **Iomlán Rannán A** | **159,800,300** | **160,330,300** | **154,067,900** | **156,767,900** | **135,762,200** | **134,419,600** | **127,434,300** | **127,331,300** |

| TÁBLA B: Caiteachas agus Ioncam do 2026 agus Toradh Measta do 2025 | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2026 | | | | 2025 | | | |
| | Caiteachas | | Ioncam | | Caiteachas | | Ioncam | |
| **Rannán agus Seirbhísí** | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara € | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara € | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Toradh Measta € | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Toradh Measta € |
| **B Iompar de Bhóthar agus Sábháilteacht ar Bhóithre** | | | | | | | | |
| B01 Príomhbhóithre Náisiúnta – Cothabháil agus Feabhsú | - | - | - | - | - | - | - | - |
| B02 Bóithre Náisiúnta den Dara Grád – Cothabháil agus Feabhsú | - | - | - | - | - | - | - | - |
| B03 Bóithre Réigiúnacha – Cothabháil agus Feabhsú | 14,512,800 | 14,562,800 | 3,705,800 | 3,705,800 | 12,972,100 | 12,326,600 | 3,335,300 | 3,698,600 |
| B04 Bóithre Áitiúla – Cothabháil agus Feabhsú | 14,107,200 | 14,267,200 | 2,095,200 | 2,095,200 | 13,568,400 | 14,652,300 | 2,084,800 | 2,140,600 |
| B05 Soilsiú Poiblí | 5,073,100 | 5,118,100 | 361,300 | 361,300 | 4,976,900 | 5,271,600 | 765,200 | 358,000 |
| B06 Feabhsú ar Bhainistíocht Tráchta | 5,227,200 | 5,377,200 | 896,300 | 896,300 | 4,985,300 | 5,270,400 | 95,500 | 1,430,300 |
| B07 Feabhsú ar Innealtóireacht Sábháilteachta ar Bhóithre | - | - | - | - | - | - | - | - |
| B08 Sábháilteacht ar Bhóithre a Chur Chun Cinn agus Oideachas a Sholáthar ina leith | 3,656,300 | 3,656,300 | 164,100 | 164,100 | 3,447,900 | 3,514,600 | 119,900 | 132,400 |
| B09 Páirceáil | 1,336,300 | 1,336,300 | 3,030,500 | 3,030,500 | 995,900 | 1,065,800 | 2,000,600 | 2,020,500 |
| B10 Tacaíocht don Chlár Caipitil Bóithre | 2,417,300 | 2,417,300 | 69,100 | 69,100 | 2,361,600 | 2,262,000 | 53,100 | 52,600 |
| B11 Seirbhísí Gníomhaireachta agus Seirbhísí In-fhorchúitithe | 638,000 | 638,000 | 1,217,500 | 1,217,500 | 713,600 | 757,000 | 1,194,500 | 1,222,700 |
| **Iomlán Rannán B** | **46,968,200** | **47,373,200** | **11,539,800** | **11,539,800** | **44,021,700** | **45,120,300** | **9,648,900** | **11,055,700** |

| TÁBLA B: Caiteachas agus Ioncam do 2026 agus Toradh Measta do 2025 | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **2026** | | | | **2025** | | | |
| | **Caiteachas** | | **Ioncam** | | **Caiteachas** | | **Ioncam** | |
| **Rannán agus Seirbhísí** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| **C Seirbhísí Uisce** | | | | | | | | |
| C01 Soláthar Uisce | 6,204,100 | 6,204,100 | 3,726,500 | 3,726,500 | 9,427,000 | 7,717,500 | 6,841,000 | 5,031,800 |
| C02 Cóireáil Fuíolluisce | 3,663,400 | 3,663,400 | 6,632,900 | 6,632,900 | 5,635,300 | 4,544,800 | 8,562,400 | 7,640,700 |
| C03 Muirir Uisce agus Fuíolluisce a Bhailiú | - | - | - | - | - | - | - | - |
| C04 Leithris Phoiblí | 2,016,900 | 2,016,900 | 5,500 | 5,500 | 1,463,000 | 1,894,900 | 6,200 | 6,200 |
| C05 Suiteálacha Grúpa agus Suiteálacha Príobháideacha a Riar | 15,300 | 15,300 | 15,000 | 15,000 | 15,100 | 15,100 | 15,000 | - |
| C06 Tacaíocht don Chlár Caipitil Uisce | 368,900 | 368,900 | 80,800 | 80,800 | 260,900 | 265,500 | 91,500 | 92,200 |
| C07 Seirbhísí Gníomhaireachta agus Seirbhísí In-fhorchúitithe | - | - | - | - | - | - | - | - |
| C08 Seirbhísí Uisce agus Sláintíochta an Údaráis Áitiúil | 3,014,600 | 3,014,600 | 95,100 | 95,100 | 2,113,500 | 2,670,200 | 117,300 | 78,600 |
| **Iomlán Rannán C** | **15,283,200** | **15,283,200** | **10,555,800** | **10,555,800** | **18,914,800** | **17,108,000** | **15,633,400** | **12,849,500** |

| TÁBLA B: Caiteachas agus Ioncam do 2026 agus Toradh Measta do 2025 | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2026 | | | | 2025 | | | |
| | Caiteachas | | Ioncam | | Caiteachas | | Ioncam | |
| **Rannán agus Seirbhísí** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| **D Bainistíocht Forbartha** | | | | | | | | |
| D01 Pleanáil Chun Cinn | 3,228,100 | 3,228,100 | 65,300 | 65,300 | 2,738,900 | 3,248,400 | 62,400 | 310,900 |
| D02 Bainistíocht Forbartha | 11,521,200 | 11,521,200 | 1,929,100 | 1,929,100 | 10,517,200 | 11,276,900 | 1,926,600 | 1,929,100 |
| D03 Forfheidhmiú | 2,244,100 | 2,244,100 | 175,000 | 175,000 | 1,817,400 | 1,974,600 | 53,200 | 167,900 |
| D04 Saoráidí Tionsclaíocha agus Tráchtála | 1,733,300 | 1,733,300 | 43,500 | 43,500 | 1,482,400 | 1,602,800 | 28,900 | 28,700 |
| D05 An Turasóireacht a Fhorbairt agus a Chur Chun Cinn | 1,569,300 | 1,569,300 | 160,200 | 160,200 | 1,170,700 | 1,260,900 | 12,900 | 20,000 |
| D06 An Fheidhm Pobail agus Fiontair | 5,331,900 | 5,331,900 | 3,495,700 | 3,495,700 | 5,287,300 | 5,133,400 | 3,383,600 | 3,495,300 |
| D07 Eastáit Tithíochta Neamhchríochnaithe | - | - | - | - | - | - | - | - |
| D08 Rialú Foirgníochta | 2,352,700 | 2,352,700 | 346,100 | 346,100 | 2,086,700 | 2,129,000 | 347,000 | 321,600 |
| D09 Forbairt Gheilleagrach agus Cur Chun Cinn | 8,746,800 | 8,746,800 | 3,288,000 | 3,288,000 | 7,606,000 | 8,227,000 | 3,384,200 | 3,989,200 |
| D10 Bainistíocht Maoine | 2,106,600 | 2,106,600 | 791,600 | 791,600 | 2,166,200 | 1,955,600 | 759,500 | 817,700 |
| D11 Seirbhísí Oidhreachta agus Caomhantais | 1,276,800 | 1,276,800 | 738,300 | 738,300 | 1,329,500 | 841,700 | 841,700 | 387,600 |
| D12 Seirbhísí Gníomhaireachta agus Seirbhísí In-fhorchúitithe | - | - | - | - | - | - | - | - |
| **Iomlán Rannán D** | **40,110,800** | **40,110,800** | **11,032,800** | **11,032,800** | **36,202,300** | **37,650,300** | **10,800,000** | **11,468,000** |

| TÁBLA B: Caiteachas agus Ioncam do 2026 agus Toradh Measta do 2025 | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **2026** | | | | **2025** | | | |
| | **Caiteachas** | | **Ioncam** | | **Caiteachas** | | **Ioncam** | |
| **Rannán agus Seirbhísí** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| **E Seirbhísí Comhshaoil** | | | | | | | | |
| E01 Líontaí Talún a Oibriú agus Iarchúram | 2,748,300 | 2,748,300 | 33,200 | 33,200 | 2,579,400 | 2,738,900 | 33,300 | 33,000 |
| E02 Oibríochtaí Saoráidí Aisghabhála agus Athchúrsála | 4,744,800 | 4,744,800 | 2,175,800 | 2,175,800 | 4,577,300 | 4,572,500 | 2,176,700 | 2,190,600 |
| E03 Oibríochtaí Saoráidí ina nDéantar Fuinneamh de Dhramhaíl | 896,600 | 896,600 | 1,435,400 | 1,435,400 | 871,600 | 896,600 | 1,657,800 | 2,438,000 |
| E04 Seirbhísí Bailithe Dramhaíola a Sholáthar | - | - | - | - | - | - | - | - |
| E05 Bainistíocht Bruscair | 1,517,800 | 1,517,800 | 100,600 | 100,600 | 1,578,000 | 1,493,300 | 104,900 | 104,500 |
| E06 Glantachán Sráide | 9,750,500 | 9,750,500 | 205,300 | 205,300 | 9,243,500 | 9,221,900 | 212,500 | 210,500 |
| E07 Faireachán a Dhéanamh ar na Rialacháin Dramhaíola agus iad a Fhorfheidhmiú | 1,525,300 | 1,525,300 | 457,300 | 457,300 | 1,563,000 | 1,331,700 | 398,800 | 441,500 |
| E08 Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola | 286,800 | 286,800 | 94,700 | 94,700 | 299,400 | 291,600 | 94,000 | 79,000 |
| E09 Ionaid Adhlactha a Chothabháil | 3,178,800 | 3,228,800 | 1,459,000 | 1,459,000 | 2,648,700 | 3,006,100 | 1,257,000 | 1,256,600 |
| E10 Sábháilteacht Déanmhas agus Áiteanna | 1,468,500 | 1,468,500 | 26,300 | 26,300 | 1,216,000 | 1,269,000 | 26,500 | 26,300 |
| E11 Seirbhís Dóiteáin a Oibriú | 27,324,400 | 27,324,400 | - | - | 25,854,200 | 26,214,000 | - | - |
| E12 Cosc Dóiteáin | 255,300 | 255,300 | 1,504,200 | 1,504,200 | 265,100 | 287,700 | 1,505,000 | 1,504,900 |
| E13 Cáilíocht an Uisce, Aer agus Truailliú Torainn | 3,465,000 | 3,465,000 | 1,842,300 | 1,842,300 | 2,809,800 | 3,170,600 | 1,491,100 | 1,739,600 |
| E14 Seirbhísí Gníomhaireachta agus Seirbhísí In-fhorchúitithe | - | - | - | - | - | - | - | - |
| E15 An tAthrú Aeráide agus Tuile | 2,236,900 | 2,236,900 | 1,007,000 | 1,007,000 | 1,275,800 | 2,058,000 | 314,300 | 942,800 |
| **Iomlán Rannán E** | **59,399,000** | **59,449,000** | **10,341,100** | **10,341,100** | **54,781,800** | **56,551,900** | **9,271,900** | **10,967,300** |

| TÁBLA B: Caiteachas agus Ioncam do 2026 agus Toradh Measta do 2025 | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2026 | | | | 2025 | | | |
| | Caiteachas | | Ioncam | | Caiteachas | | Ioncam | |
| **Rannán agus Seirbhísí** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| **F Áineas agus Taitneamhacht** | | | | | | | | |
| F01 Oibríochtaí Saoráidí Fóillíochta | 671,300 | 671,300 | 233,800 | 233,800 | 602,600 | 598,300 | 215,100 | 225,100 |
| F02 Seirbhís Leabharlainne agus Cartlainne a Oibriú | 21,322,800 | 21,842,800 | 529,900 | 529,900 | 19,691,100 | 19,919,600 | 505,900 | 607,600 |
| F03 Oibríochtaí Limistéar Fóillíochta Amuigh faoin Spéir | 31,411,500 | 31,556,500 | 2,244,300 | 2,244,300 | 28,122,200 | 29,155,600 | 2,039,600 | 2,280,500 |
| F04 Spórt Pobail agus Saoráidí Áineasa a Fhorbairt | 15,856,200 | 16,386,200 | 3,376,700 | 3,376,700 | 11,889,400 | 13,858,600 | 1,796,500 | 3,698,200 |
| F05 An Clár Ealaíon a Oibriú | 15,472,200 | 15,992,200 | 1,089,900 | 1,089,900 | 13,414,600 | 13,816,800 | 947,400 | 1,136,800 |
| F06 Seirbhísí Gníomhaireachta agus Seirbhísí In-fhorchúitithe | - | - | - | - | - | - | - | - |
| **Iomlán Rannán F** | **84,734,000** | **86,449,000** | **7,474,600** | **7,474,600** | **73,719,900** | **77,348,900** | **5,504,500** | **7,948,200** |

| TÁBLA B: Caiteachas agus Ioncam do 2026 agus Toradh Measta do 2025 | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2026 | | | | 2025 | | | |
| | Caiteachas | | Ioncam | | Caiteachas | | Ioncam | |
| **Rannán agus Seirbhísí** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| **G Talmhaíocht, Bia agus Muir** | | | | | | | | |
| G01 Costais Draenála Talún | - | - | - | - | - | - | - | - |
| G02 Céanna agus Cuanta a Oibriú agus a Chothabháil | 740,400 | 740,400 | 26,200 | 26,200 | 636,800 | 769,000 | 37,400 | 22,300 |
| G03 Cosaint an Chósta | - | - | - | - | - | - | - | - |
| G04 Seirbhís Tréidliachta | 1,289,700 | 1,289,700 | 435,100 | 435,100 | 1,132,900 | 1,310,900 | 356,100 | 435,100 |
| G05 Seirbhísí Tacaíochta Oideachais | 133,900 | 133,900 | 43,200 | 43,200 | 112,000 | 113,100 | 43,200 | 43,200 |
| G06 Seirbhísí Gníomhaireachta agus Seirbhísí In-fhorchúitithe | - | - | - | - | - | - | - | - |
| **Iomlán Rannán G** | **2,164,000** | **2,164,000** | **504,500** | **504,500** | **1,881,700** | **2,193,000** | **436,700** | **500,600** |

| TÁBLA B: Caiteachas agus Ioncam do 2026 agus Toradh Measta do 2025 | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2026 | | | | 2025 | | | |
| | Caiteachas | | Ioncam | | Caiteachas | | Ioncam | |
| **Rannán agus Seirbhísí** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| **H Seirbhísí Ilghnéitheacha** | | | | | | | | |
| H01 Cuntas Brabúis agus Caillteanais maidir le hInnealra | 21,200 | 21,200 | - | - | - | - | - | - |
| H02 Cuntas Brabúis agus Caillteanais maidir le Stórtha | 240,200 | 240,200 | - | - | 304,800 | 254,800 | - | - |
| H03 Rátaí a Riar | 19,699,500 | 19,699,500 | 2,200,700 | 2,200,700 | 18,811,500 | 18,865,600 | 2,820,100 | 1,885,900 |
| H04 Costais Saincheadúnais | 702,800 | 702,800 | 90,500 | 90,500 | 513,600 | 614,500 | 48,600 | 90,000 |
| H05 Marbhlann a Oibriú agus Caiteachais an Chróinéara | - | - | - | - | - | - | - | - |
| H06 Droichid Mheáite | 17,300 | 17,300 | - | - | 20,200 | 20,200 | - | - |
| H07 Margaí a Oibriú agus Corrthrádáil | 1,700 | 1,700 | 97,500 | 97,500 | 1,200 | 1,200 | 70,500 | 97,500 |
| H08 Damáiste Mailíseach | - | - | - | - | - | - | - | - |
| H09 Ionadaíocht Áitiúil agus Ceannaireacht Shibhialta | 3,641,100 | 3,641,100 | 38,100 | 38,100 | 3,372,000 | 3,392,000 | 410,100 | 35,800 |
| H10 Mótarchánachas | - | - | - | - | - | - | - | - |
| H11 Seirbhísí Gníomhaireachta agus Seirbhísí In-fhorchúitithe | 570,300 | 570,300 | 27,288,600 | 27,288,600 | 568,000 | 565,200 | 26,344,800 | 29,906,200 |
| **Iomlán Rannán H** | **24,894,100** | **24,894,100** | **29,715,400** | **29,715,400** | **23,591,300** | **23,713,500** | **29,694,100** | **32,015,400** |
| **IOMLÁN FORIOMLÁN** | **433,353,600** | **436,053,600** | **235,231,900** | **237,931,900** | **388,875,700** | **394,105,500** | **208,423,800** | **214,136,000** |

| TÁBLA C – RÍOMH AN CHOIGEARTAITHE BONNBHLIANA | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |
| Údarás Rátála | (i)<br>Ráta Bliantúil ar an Luacháil 2026<br>€ | (ii)<br>Ráta Bliantúil Éifeachtach ar an Luacháil (Glan ón gCoigeartú Bonnbhliana) 2026<br>€ | (iii)<br>Coigeartú Bonnbhliana 2026<br>€ | (iv)<br>Glanluacháil Éifeachtach<br>€ | (v)<br>Luach an Choigeartaithe Bonnbhliana<br>€ |
| <u>Comhairle Contae Fhine Gall</u> | -<br>- | - | - | - | - |
| IOMLÁN | | | | - | - |

| Tábla D | | |
|---|---|---|
| **ANAILÍS AR IONCAM BUISÉID 2026 Ó EARRAÍ AGUS SEIRBHÍSÍ** | | |
| **Foinse Ioncaim** | **2026**<br>**€** | **2025**<br>**€** |
| Cíosanna ó Thithe | 38,623,200 | 29,630,200 |
| Ús agus Muirir ar Iasachtaí Tithíochta | 4,106,500 | 4,114,500 |
| Fíneálacha Páirceála agus Muirir Pháirceála | 3,030,000 | 2,000,000 |
| Uisce Éireann | 3,747,000 | 8,776,900 |
| Táillí Pleanála | 1,885,500 | 1,880,500 |
| Muirir Dramhaíola Tí | 1,475,000 | 1,456,000 |
| Muirir Dramhaíola Tráchtála | - | - |
| Muirir Líontaí Talún | 50,000 | - |
| Muirir Dhóiteáin | 1,500,000 | 1,500,000 |
| Áineas/Taitneamhacht/Cultúr | 845,300 | 666,200 |
| Seirbhísí Gníomhaireachta agus Oibreacha is Gá a Aisíoc | - | - |
| Ranníocaíochtaí ón Údarás Áitiúil | 2,316,900 | 2,433,300 |
| Aoisliúntas | 2,444,700 | 2,165,100 |
| Íocaíochtaí i leith Áiteanna Cónaithe Príobháideacha Neamhphríomha | - | 50,000 |
| Ioncam eile | 18,058,800 | 19,144,400 |
| **Iomlán Earraí agus Seirbhísí** | **78,082,900** | **73,817,100** |

| Tábla E | | |
|---|---|---|
| **ANAILÍS AR IONCAM BUISÉID 2026 Ó DHEONTAIS AGUS FÓIRDHEONTAIS** | | |
| | **2026**<br>**€** | **2025**<br>**€** |
| **An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta** | | |
| Tithíocht agus Foirgníocht | 109,126,300 | 91,477,800 |
| Iompar de Bhóthar agus Sábháilteacht ar Bhóithre | 3,914,400 | 3,914,400 |
| Seirbhísí Uisce | 6,267,000 | 6,274,600 |
| Bainistíocht Forbartha | 950,200 | 907,000 |
| Seirbhísí Comhshaoil | 10,000 | - |
| Áineas agus Taitneamhacht | 75,000 | 75,000 |
| Talmhaíocht, Bia agus Muir | - | - |
| Seirbhísí Ilghnéitheacha | 23,348,700 | 20,878,800 |
| **Fo-iomlán** | **143,691,600** | **123,527,600** |
| **Ranna Eile agus Comhlachtaí Eile** | | |
| TII (Bonneagar Iompair Éireann) | 342,000 | 750,000 |
| Cultúr, Cumarsáid agus an Spórt | - | - |
| An tÚdarás Náisiúnta Iompair | 2,279,600 | 1,130,900 |
| Coimirce Shóisialach | - | - |
| Cosaint | - | - |
| Oideachas agus Óige | - | - |
| An Chomhairle Leabharlanna | - | - |
| An Chomhairle Ealaíon | 209,000 | 100,000 |
| Iompar | - | - |
| Dlí agus Ceart, Gnóthaí Baile agus Imirce | - | - |
| Talmhaíocht, Bia, Iascach agus Muir | 10,000 | 20,000 |
| Fiontair, Turasóireacht agus Fostaíocht | 2,355,300 | 2,477,400 |
| Forbairt Tuaithe agus Pobail agus an Ghaeltacht | 4,182,100 | 3,861,300 |
| Aeráid, Comhshaol agus Fuinneamh | 1,201,900 | 576,200 |
| Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann | - | - |
| Eile | 2,877,500 | 2,163,300 |
| **Fo-iomlán** | **13,457,400** | **11,079,100** |
| **Iomlán Deontas agus Fóirdheontas** | **157,149,000** | **134,606,700** |

Comhairle Contae Fhine Gall

**Fingal County Council**

# Buiséad Reachtúil

## TÁBLAÍ F
## RANNÁIN A - H
## CAITEACHAS AGUS IONCAM

# Rannán A
# TITHÍOCHT AGUS FOIRGNÍOCHT

Tá an Rannóg Tithíochta freagrach as an mbeartas tithíochta náisiúnta a chomhlíonadh, lena n-áirítear an beartas ón Rialtas dar teideal *Tithíocht do Chách – Plean Tithíochta Nua d'Éirinn*. Leagtar amach sa phlean sin ceithre chonair straitéiseacha i dtreo na croíchuspóirí atá leis a bhaint amach, agus tacaítear le gach ceann de na croíchuspóirí sin trí Bhuiséad Ioncaim 2026:

- An Soláthar Tithíochta Nua a Mhéadú
- Tacú le hÚinéireacht Tí agus Inacmhainneacht a Fheabhsú
- Deireadh a chur leis an Easpa Dídine, Tithíocht Shóisialta a Leathnú, agus Cuimsiú Sóisialta a Chur Chun Cinn
- Aghaidh a Thabhairt ar Thithe Folmha agus Úsáid an Stoic Reatha Tithíochta a Uasmhéadú.

Trí na conairí sin, cinntíonn an Rannóg Tithíochta gur ann do rochtain ar thithíocht dóibh sin a bhfuil an gá is mó acu léi. Soláthraíonn sí tacaí tithíochta sóisialta do dhaoine aonair agus do theaghlaigh nach féidir leo cóiríocht a fháil go neamhspleách, agus cuireann sí raon seirbhísí ar fáil do thionóntaí na Comhairle, do theaghlaigh a bhfuil riachtanais tithíochta acu, agus d'úinéirí tí príobháideacha.

Chomh maith leis sin, cuireann an Chomhairle úinéireacht tí inacmhainne chun cinn trí thithe lena ndíol a thairiscint d'iarratasóirí incháilithe tríd an Scéim Ceannaigh Inacmhainne agus tríd an Iasacht Tí Údaráis Áitiúil agus trí chabhrú le maoine folmha nó tréigthe a chur in úsáid arís trí na scéimeanna deontas 'Croí Cónaithe'. Tá na tionscnaimh sin ina léiriú ar thiomantas na Comhairle d'fhorbairt tithíochta atá inbhuanaithe agus cuimsitheach agus d'fholláine pobail.

**TITHE ÚDARÁIS ÁITIÚIL A BHAINISTIÚ AGUS A CHOTHABHÁIL**

Bíonn stoc tithíochta sóisialta na Comhairle ag méadú gach bliain mar gheall ar roinnt mhaith maoine sa bhreis a bheith á dtógáil trí phíblíne láidir soláthair tithíochta na Comhairle. Mar aon le tógáil dhíreach Chomhairle Contae Fhine Gall, faightear maoine trí cheannacháin aonuaire agus trí sholáthar Chuid V i bhforbairtí príobháideacha. I dteannta ár stoc tithíochta a bhainistiú agus a chothabháil, tá ríthábhacht ag baint leis an bhfáil ar sheirbhísí réamhghníomhacha bainistíochta eastáit maidir le forbairt pobal inbhuanaithe a chinntiú.

Déanfaidh Comhairle Contae Fhine Gall níos mó ná 7,452 theach a bhainistiú agus a chothabháil sa bhliain 2026, agus measaimid go ndéileálfaimid le 15,000 iarraidh ar chothabháil. Soláthróimid seirbhís bhliantúil do thart ar 5,897 suiteáil téimh tí freisin, lena n-áireofar coirí gáis agus ola agus córais téimh éifeachtúlachta fuinnimh in-athnuaite laistigh dár stoc nua. Tá sé mar thosaíocht ag an gComhairle go fóill ár dtithíocht shóisialta a dheisiú agus a athligean go héifeachtúil ar cíos.

Tá sé beartaithe ag an gComhairle obair cothabhála coiscthí agus pleanáilte a chur i gcrích trínár gClár Caipitil sa bhliain 2026, lena n-áireofar Péinteáil Scéime agus clár Athsholáthair Fuinneog agus Doirse a thabhairt isteach. Leanfar le coirí a athsholáthar, de réir mar is gá. Leanfar freisin le hoibreacha chun comhlíonadh

caighdeán tithíochta a chinntiú. Ina theannta sin, tá sé mar aidhm le hathruithe ar an gClár Iarfheistithe Éifeachtúlachta Fuinnimh, atá sa 4ú bliain anois, a chinntiú go ndéanfar creatlach an tí a uasghrádú go rátáil chaighdeánach A3 nó go dtí an Leibhéal is Fearr Costas ar a laghad.

Méadaíodh an soláthar aistrithe caipitil go €3.22m don bhliain 2026 chun an Clár Oibreacha Caipitil dár stoc Tithíochta a chistiú.

**BAINISTÍOCHT EASTÁIT**
Reáchtáil an Rannóg Bainistíochta Eastáit 10 gCúrsa Ionduchtúcháin Tionóntaí sa bhliain 2025, ar fhreastail gach Tionónta nua de chuid na Comhairle orthu, agus leanfaimid leis na cúrsaí sin a reáchtáil sa bhliain 2026. Téann an Rannóg i dteagmháil le gach tionónta nua de chuid na Comhairle chun rannpháirtíocht ghníomhach a spreagadh i gcothabháil agus feabhsú a n-eastát agus i bhforbairt a bpobal.

Oibríonn an Chomhairle go dlúth le gníomhaireachtaí agus geallsealbhóirí seachtracha freisin chun iompraíocht fhrithshóisialta inár n-eastáit a chosc, a laghdú agus a dhíchur agus chun na torthaí is fearr a bhaint amach do gach cónaitheoir agus dá bpobal. Is féidir go n-áireofar le hoibreacha Feabhsúcháin Eastáit cur crann, cóireáil teorann agus baint graifítí.

**CÓIRÍOCHT DON LUCHT SIÚIL**
Sa Chomhaireamh Bliantúil ar Theaghlaigh den Lucht Siúil don bhliain 2024, deimhníodh go gcónaíonn 597 dteaghlach den Lucht Siúil i bhFine Gall. Aithníonn an Chomhairle an Lucht Siúil mar ghrúpa mionlaigh, agus féachann sí le cóiríocht atá oiriúnach ó thaobh cultúir de a sholáthar, agus í ag freastal ar na riachtanais shóisialta shonracha atá ag ár saoránaigh den Lucht Siúil.

Rinne na Comhaltaí an Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2025 – 2029 a ghlacadh i mí na Samhna 2024. Tríd an gClár Cóiríochta don Lucht Siúil 2025 – 2029 a chur chun feidhme, déanfaidh Comhairle Contae Fhine Gall dianiarracht freastal ar na riachtanais chóiríochta atá ag daoine den Lucht Siúil ar as an gContae ó dhúchas dóibh.

I dteannta cistiú caipitil, soláthraíodh suim €2.9m le haghaidh ár stoc sonrach cóiríochta don Lucht Siúil a bhainistiú agus a chothabháil.

**SEIRBHÍSÍ DO DHAOINE GAN DÍDEAN**
Is é is Feidhmeannas Réigiúnach Bhaile Átha Cliath do Dhaoine gan Dídean ann ná seirbhís chomhroinnte a n-oibríonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath í ina cáil mar phríomhúdarás reachtúil i Réigiún Bhaile Átha Cliath chun comhordú a dhéanamh ar an bhfreagairt réigiúnach don easpa dídine. Ag obair di i gcomhar le húdaráis áitiúla eile Bhaile Átha Cliath agus leis an bhFeidhmeannas, leanfaidh Comhairle Contae Fhine Gall leis an mbeartas reatha a chur chun feidhme, agus oibreoidh sí chun cuspóirí i réimse na heaspa dídine a chur chun feidhme agus chun an easpa dídine a mhaolú. Buiséadaíodh caiteachas €5.3m don tseirbhís sin sa bhliain 2026.

Leantar le dul chun cinn suntasach a dhéanamh maidir le cabhrú le teaghlaigh agus daoine aonair i bhFine Gall, atá gan dídean nó atá i mbaol a bheith gan dídean,

teach a aimsiú. Meastar go maolófar imthosca easpa dídine do thart ar 500 teaghlach trí mhodhanna éagsúla tacaíochta tithíochta sóisialta, lena n-áirítear tithíocht shóisialta, comhlachtaí tithíochta ceadaithe, an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta do Dhaoine gan Dídean, agus bearta eile.

Leanfar le Seirbhísí Tacaíochta a sholáthar d'iarratasóirí gan dídean nuair a théann siad i mbun tionóntachta trí sheirbhísí éagsúla tacaíochta tionóntachta, lena n-áirítear SLÍ (Tacaíocht chun Maireachtáil go Neamhspleách), rud a oibríonn Clann Shíomóin Bhaile Átha Cliath, Seirbhís Cothaithe Tionóntachta Chlann Shíomóin Bhaile Átha Cliath, HAIL (an Cumann Tithíochta le haghaidh Maireachtáil Chomhtháite) agus Tús Áite don Tithíocht.

Oibríonn Threshold chun tionóntachtaí a chosaint agus a chothú trí fhaisnéis a sholáthar dóibh sin i mBaile Átha Cliath atá i mbaol a dteach a chailleadh. Is féidir teagmháil a dhéanamh le seirbhísí Threshold trína n-uimhir SAORFHÓIN (1800 454 454).

Leanann Feidhmeannas Réigiúnach Bhaile Átha Cliath do Dhaoine gan Dídean leis an gComhaireamh débhliantúil ar Dhaoine a Chodlaíonn Amuigh a sheoladh i gcomhar leis na Foirne For-rochtana agus le Comhairle Contae Fhine Gall.

## AN ÍOCAÍOCHT CÚNAIMH TITHÍOCHTA

Tá sé mar phríomhthosaíocht ag an Rialtas an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta a chur chun feidhme. Suas go deireadh mhí Mheán Fómhair 2025, cuireadh 7,174 thionóntacht san iomlán i bhfeidhm, lenar áiríodh an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta do Dhaoine gan Dídean, ó tugadh an scéim isteach ar dtús an 1 Márta 2017.

A bhuí leis an Tairseach Nuashonraithe Tionóntachta ar líne don Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta, tá sé níos éasca agus níos tapa do thionóntaí agus do thiarnaí talún a mionsonraí a nuashonrú anois.

Leanfaidh an fhoireann um Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta de chabhrú le hiarratasóirí socruithe tionóntachta faoin Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta a chur i bhfeidhm sa bhliain 2026.

## CÍOSANNA DIFREÁLACHA

Ríomhtar cíosanna mar chion den ghlanioncam inmheasúnaithe de réir na Scéime Cíosanna Difreálacha. Is trí mhodhanna éagsúla a bhailítear íocaíochtaí cíosa, lena n-áirítear riaráistí. Áirítear leis na modhanna sin íocaíocht dhíreach in Oifigí Airgid na Comhairle, trí Chórais Íocaíochta Billí agus Buiséid Teaghlaigh An Post agus trí Bhuanordú. Tugadh tairseach nua íocaíochtaí ar líne isteach sa bhliain 2025, rud a fhágann go bhfuil sé níos éasca agus níos inrochtana do Thionóntaí a gcíos a íoc anois. Tá an Chomhairle ag coinne le hioncam €30.4m ó thithe údaráis áitiúil ar cíos sa bhliain 2026.

## COMHLACHTAÍ TITHÍOCHTA CEADAITHE

Leanann comhlachtaí tithíochta ceadaithe le ról ríthábhachtach a imirt maidir le tithíocht shóisialta a sholáthar, agus tá an Chomhairle tiomanta go fóill d'obair i gcomhar lenár gcomhpháirtithe is comhlachtaí tithíochta ceadaithe chun an soláthar tithíochta sóisialta a mhéadú trí Scéim na Saoráide Léasúcháin Airleacan Caipitil, tríd

an Scéim um Chíos in ionad Morgáiste agus tríd an Scéim Cúnaimh Caipitil.

Tá ríthábhacht ag baint le tithe nua a thógáil agus a léasú, trí leas a bhaint as maoiniú príobháideach agus as Comhaontuithe Íocaíochta agus Fála, maidir leis an soláthar tithíochta sóisialta a mhéadú do chomhlachtaí tithíochta sóisialta. Soláthraíodh €67.3m don bhliain 2026. Ina theannta sin, i gcás gur cuí, oibreoidh an Chomhairle i gcomhar le comhlachtaí tithíochta ceadaithe chun cabhrú le teaghaisí príobháideacha nuathógtha a sholáthar faoi Chuid V.

Leanann an Chomhairle le tithe inacmhainne neamhdhíolta a léasú le comhlachtaí tithíochta ceadaithe amhail dá bhforáiltear i gCiorclán AHS/1/2009. Bhunaigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta grúpa oibre inmheánach chun straitéis fhadtéarmach a bhreithniú do na maoine inacmhainne neamhdhíolta sin.

**CIGIREACHTAÍ AR MHAOINE PRÍOBHÁIDEACHA AR CÍOS**

Tá feidhm reachtúil ag an gComhairle cigireachtaí a dhéanamh ar Mhaoine Príobháideacha ar Cíos laistigh dá limistéar riaracháin, agus rinneadh soláthar €835,100 don chlár beartaithe cigireachtaí don bhliain 2026.

**DEONTAS ATHCHÓIRITHE TITHE FOLMHA**

Leantar leis an Deontas Athchóirithe 'Croí Cónaithe' (Tithe Folmha) a chur chun cinn d'fhonn cabhrú le maoine folmha agus/nó tréigthe a chur in úsáid arís.

Mar thoradh ar an obair sin agus ar chritéir incháilitheachta na scéime a leathnú sa bhliain 2023, tháinig méadú ar an líon iarratas agus ar an líon ceaduithe deontais. Fuarthas thart ar 238 n-iarratas agus ceadaíodh 175 dheontas suas go deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2025. Rinneadh soláthar €4.47m i mBuiséad 2026.

**DEONTAIS OIRIÚNAITHE TITHÍOCHTA DO DHAOINE BREACAOSTA AGUS DO DHAOINE FAOI MHÍCHUMAS**

Tá trí Scéim Deontas Oiriúnaithe Tithíochta ar fáil do Dhaoine Breacaosta agus do Dhaoine faoi Mhíchumas a chónaíonn i dteaghais phríobháideach. Tháinig na scéimeanna deontas sin i bhfeidhm i mí na Samhna 2007 agus leasaíodh iad le rialacháin i mí na Nollag 2024.

Tá na scéimeanna faoi réir tástáil acmhainne, agus tá na leibhéil deontais ag brath ar bhandaí ioncaim. Ceadaíodh 357 gcinn san iomlán d'iarratais ar dheontas suas go deireadh mhí Mheán Fómhair 2025. Soláthraíodh suim €4.08m le haghaidh Deontais Oiriúnaithe Tithíochta i mBuiséad Ioncaim 2026.

**IASACHTAÍ TÍ**

Déanann an Rannóg Iasachtaí Tithíochta breis agus 1,700 cuntas gníomhach morgáiste comhairle a bhainistiú agus a choinneáil ar bun, agus luach €135.3m ar an leabhar iasachta faoi láthair. Táthar ag coinne leis sa Bhuiséad go mbaileofar €4.78m trí ús agus muirir iasachta sa bhliain 2026.

Tá an Iasacht Tí Údaráis Áitiúil ina sásra móréilimh go fóill do dhaoine nach bhfuil in ann iasacht tí a fháil ó iasachtóir tráchtála. Ó tugadh an scéim isteach i mí Eanáir 2022, fuarthas 900 iarratas san iomlán ar Iasacht Tí Údaráis Áitiúil, agus d'eisigh an Chomhairle Ceadú Iasachta i bPrionsabal is fiú €65m san iomlán. Féadfaidh

iarratasóirí an Iasacht Tí Údaráis Áitiúil a úsáid chun teach athláimhe nó teach nuathógtha a cheannach, lena n-áirítear na maoine Ceannaigh Inacmhainne atá á bhfógairt ag an gComhairle lena ndíol faoi láthair. Ina theannta sin, féadfar an Iasacht Ceannaigh agus Athchóirithe Údaráis Áitiúil a úsáid i gcomhar leis an Deontas Tithe Folmha 'Croí Cónaithe' chun maoin thréigthe a cheannach agus a athchóiriú.

**AN CHÁIN MHAOINE ÁITIÚIL AGUS AN CHÁIN AR THITHE FOLMHA**

Tá Comhairle Contae Fhine Gall faoi dhliteanas i leith Cáin Mhaoine Áitiúil a íoc ar gach maoin tithíochta sóisialta. Tá na maoine uile de chuid na Comhairle i mBanda Luachála 1: €0 - €240,000. Tá Comhairle Contae Fhine Gall faoi dhliteanas freisin i leith an Cháin ar Thithe Folmha a íoc ar mhaoine tithíochta sóisialta a bhí in úsáid mar theaghais ar feadh níos lú ná 30 lá sa tréimhse ón 1 Samhain 2024 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2025.

Soláthraíodh suim €500,000 chun an Cháin Mhaoine Áitiúil agus an Cháin ar Thithe Folmha a íoc sa bhliain 2025.

**COSTAIS TACAÍOCHTA SEIRBHÍSE**


Áirítear le gach rannán cionroinnt a bhaineann le costais riaracháin ghinearálta agus le forchostais nach bhfuil inmhuirearaithe go díreach i leith aon rannán ar leith. Is mar 'chostais tacaíochta seirbhíse' a ghrúpáiltear na costais sin, agus áirítear leo caiteachais cóiríochta oifige, tuarastail nach bhfuil inmhuirearaithe go díreach i leith rannán ar leith, pinsin, aiscí scoir, seirbhísí ríomhaireachta, costais dlí, postas, teileafón, priontáil, páipéarachas, agus fógraíocht.

Ba ar bhonn spreagthaí costais náisiúnta a leithdháileadh na forchostais sin ar Rannáin agus ar Sheirbhísí.

# Rannán A – Tithíocht agus Foirgníocht


## Caiteachas

| | | |
|---|---|---|
| A01 | Aonaid Tithíochta Údaráis Áitiúil a Chothabháil agus a Fheabhsú | €17,269,300 |
| A02 | Measúnú Tithíochta, Leithdháileadh Tithíochta agus Aistriú Tithíochta | €2,745,400 |
| A03 | Cíos Tithíochta agus Ceannach ag Tionóntaí a Riar | €2,970,800 |
| A04 | Tacaíocht Forbartha Pobail Tithíochta | €2,297,900 |
| A05 | Seirbhís do Dhaoine gan Dídean a Riar | €6,728,900 |
| A06 | Tacaíocht don Chlár Caipitil Tithíochta | €12,662,800 |
| A07 | An Scéim um Chóiríocht ar Cíos agus an Clár Léasaithe | €95,165,800 |
| A08 | Iasachtaí Tithíochta | €5,875,400 |
| A09 | Deontais Tithíochta | €9,398,300 |
| A11 | Seirbhísí Gníomhaireachta agus Seirbhísí In-fhorchúitithe | €2,446,000 |
| A12 | An Clár um Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta | €866,200 |
| A13 | Ar Cíos de réir Costais | €1,373,500 |
| | | **€159,800,300** |




## Ioncam

| | |
|---|---|
| Deontais ó RTRÁO (lena n-áirítear Deontais agus Fóirdheontais Eile) | €109,126,300 |
| Cíos ó Thithe | €38,623,200 |
| Ús agus Muirir ar Iasachtaí Tithíochta | €4,106,500 |
| Ioncam Eile | €1,266,300 |
| Ranníocaíochtaí ón Údarás Áitiúil | €600,000 |
| Aoisliúntas | €345,600 |
| | **€154,067,900** |



| Tábla F – Caiteachas | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Tábla F – Caiteachas | | | | |
| Rannán A – Tithíocht agus Foirgníocht | | | | |
| Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fosheirbhíse | 2026 | | 2025 | |
| | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara € | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Toradh Measta € |
| A0101 Aonaid Tithíochta Údaráis Áitiúil a Chothabháil | 11,523,000 | 12,053,000 | 10,108,400 | 10,391,100 |
| A0102 Aonaid Chóiríochta do Thaistealaithe a Chothabháil | 1,816,900 | 1,816,900 | 1,665,800 | 1,694,200 |
| A0103 Cóiríocht do Thaistealaithe a Bhainistiú | 1,710,100 | 1,710,100 | 1,670,800 | 1,646,000 |
| A0104 Cothabháil Eastát | - | - | - | - |
| A0199 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 2,219,300 | 2,219,300 | 2,090,800 | 2,117,800 |
| **A01 Aonaid Tithíochta Údaráis Áitiúil a Chothabháil agus a Fheabhsú** | **17,269,300** | **17,799,300** | **15,535,800** | **15,849,100** |
| A0201 Measúnú ar Riachtanais Tithíochta, Leithdháiltí Tithíochta agus Aistrithe Tithíochta | 1,392,200 | 1,392,200 | 1,481,500 | 1,346,100 |
| A0299 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,353,200 | 1,353,200 | 1,278,300 | 1,316,300 |
| **A02 Measúnú Tithíochta, Leithdháileadh Tithíochta agus Aistriú Tithíochta** | **2,745,400** | **2,745,400** | **2,759,800** | **2,662,400** |
| A0301 Bainistiú Fiach agus Measúnú Cíosa | 1,523,200 | 1,523,200 | 1,362,400 | 1,479,700 |
| A0399 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,447,600 | 1,447,600 | 1,255,600 | 1,324,100 |
| **A03 Cíos Tithíochta agus Ceannach ag Tionóntaí a Riar** | **2,970,800** | **2,970,800** | **2,618,000** | **2,803,800** |
| A0401 Bainistíocht Eastát Tithíochta | 537,300 | 537,300 | 633,800 | 481,500 |
| A0402 Bainistíocht Tionóntachtaí | 688,100 | 688,100 | 563,700 | 618,000 |
| A0403 Seirbhís Tithíochta Sóisialta agus Pobail | - | - | - | - |
| A0499 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,072,500 | 1,072,500 | 909,000 | 924,100 |
| **A04 Tacaíocht Forbartha Pobail Tithíochta** | **2,297,900** | **2,297,900** | **2,106,500** | **2,023,600** |
| A0501 Deontais Comhlachtaí Eile do Dhaoine gan Dídean | 6,138,000 | 6,138,000 | 4,785,100 | 5,192,100 |
| A0502 Seirbhís do Dhaoine gan Dídean | - | - | - | - |
| A0599 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 590,900 | 590,900 | 505,700 | 518,700 |
| **A05 Seirbhís do Dhaoine gan Dídean a Riar** | **6,728,900** | **6,728,900** | **5,290,800** | **5,710,800** |
| A0601 Tacaíocht Theicniúil agus Riaracháin | 3,860,800 | 3,860,800 | 3,733,200 | 4,207,100 |
| A0602 Muirir Iasachta | 5,582,300 | 5,582,300 | 5,642,800 | 5,642,900 |
| A0699 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 3,219,700 | 3,219,700 | 2,497,900 | 2,571,400 |
| **A06 Tacaíocht don Chlár Caipitil Tithíochta** | **12,662,800** | **12,662,800** | **11,873,900** | **12,421,400** |
| A0701 Oibríochtaí na Scéime um Chóiríocht ar Cíos | 6,013,700 | 6,013,700 | 6,192,800 | 6,233,700 |
| A0702 Léasú Fadtéarmach | 17,772,100 | 17,772,100 | 17,785,200 | 17,656,500 |
| A0703 Íocaíocht agus Infhaighteacht | 67,308,400 | 67,308,400 | 51,548,200 | 48,528,000 |
| A0704 Léasanna Inacmhainne | 2,093,800 | 2,093,800 | 2,070,800 | 2,072,600 |
| A0799 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,977,800 | 1,977,800 | 1,931,900 | 1,953,300 |
| **A07 An Scéim um Chóiríocht ar Cíos agus an Clár Léasaithe** | **95,165,800** | **95,165,800** | **79,528,900** | **76,444,100** |
| A0801 Ús ar Iasachtaí agus Muirir Eile | 4,455,100 | 4,455,100 | 4,706,000 | 4,570,300 |
| A0802 Bainistiú Fiach Iasachtaí Tithíochta | 262,200 | 262,200 | 153,500 | 244,800 |
| A0899 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,158,100 | 1,158,100 | 1,046,900 | 1,129,000 |
| **A08 Iasachtaí Tithíochta** | **5,875,400** | **5,875,400** | **5,906,400** | **5,944,100** |

| Tábla F – Caiteachas | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannán A – Tithíocht agus Foirgníocht** | | | | |
| **Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fosheirbhíse** | **2026** | | **2025** | |
| | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| A0901 Scéim na nDeontas Oiriúnaithe Tithíochta | 3,307,600 | 3,307,600 | 3,222,800 | 3,152,200 |
| A0902 Muirir Iasachta a bhaineann leis an Scéim Deontas Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas/an Scéim Deontas um Fhostaithe a Choinneáil | - | - | - | - |
| A0903 Deontais Deisiúchán Riachtanach | 1,023,500 | 1,023,500 | 1,238,600 | 917,000 |
| A0904 Íocaíochtaí Eile Deontais Tithíochta | 4,573,100 | 4,573,100 | 1,878,000 | 2,229,800 |
| A0905 Deontais Tithíochta le haghaidh Áiseanna Soghluaisteachta | 70,000 | 70,000 | 128,500 | 67,300 |
| A0999 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 424,100 | 424,100 | 364,400 | 379,900 |
| **A09 Deontais Tithíochta** | **9,398,300** | **9,398,300** | **6,832,300** | **6,746,200** |
| A1101 Seirbhís Gníomhaireachta agus Seirbhís In-fhorchúitithe | 2,163,100 | 2,163,100 | 2,128,000 | 2,458,700 |
| A1199 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 282,900 | 282,900 | 273,300 | 279,400 |
| **A11 Seirbhísí Gníomhaireachta agus Seirbhísí In-fhorchúitithe** | **2,446,000** | **2,446,000** | **2,401,300** | **2,738,100** |
| A1201 Costais Oibriúcháin don Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta | - | - | - | - |
| A1202 Seirbhísí Gníomhaireachta don Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta | - | - | - | - |
| A1299 Costais Tacaíochta Seirbhíse don Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta | 866,200 | 866,200 | 908,500 | 851,000 |
| **A12 An Clár um Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta** | **866,200** | **866,200** | **908,500** | **851,000** |
| A1301 Oibríochtaí a bhaineann le Cóiríocht ar Cíos de réir Costais | 1,373,500 | 1,373,500 | - | 225,000 |
| A1399 Costais Tacaíochta Seirbhíse do Chóiríocht ar Cíos de réir Costais | - | - | - | - |
| **A13 Ar Cíos de réir Costais** | **1,373,500** | **1,373,500** | **-** | **225,000** |
| **Iomlán Rannán A** | **159,800,300** | **160,330,300** | **135,762,200** | **134,419,600** |

| Tábla F – Ioncam | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannán A – Tithíocht agus Foirgníocht** | | | | |
| **Ioncam de réir Foinse** | **2026** | | **2025** | |
| | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| **Deontais agus Fóirdheontais Rialtais** | | | | |
| Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht | 109,126,300 | 109,126,300 | 91,477,800 | 88,503,800 |
| Eile | - | - | 2,000 | 111,400 |
| **Iomlán Deontas agus Fóirdheontas Rialtais** | **109,126,300** | **109,126,300** | **91,479,800** | **88,615,200** |
| **Earraí agus Seirbhísí** | | | | |
| Cíosanna ó Thithe | 38,623,200 | 41,323,200 | 29,630,200 | 32,337,400 |
| Ús agus Muirir ar Iasachtaí Tithíochta | 4,106,500 | 4,106,500 | 4,114,500 | 4,106,500 |
| Aoisliúntas | 345,600 | 345,600 | 304,100 | 310,500 |
| Seirbhísí Gníomhaireachta agus Oibreacha is Gá a Aisíoc | - | - | - | - |
| Ranníocaíochtaí ón Údarás Áitiúil | 600,000 | 600,000 | 570,000 | 600,000 |
| Ioncam eile | 1,266,300 | 1,266,300 | 1,335,700 | 1,361,700 |
| **Iomlán Earraí agus Seirbhísí** | **44,941,600** | **47,641,600** | **35,954,500** | **38,716,100** |
| **Iomlán Rannán A** | **154,067,900** | **156,767,900** | **127,434,300** | **127,331,300** |

# Rannán B
# IOMPAR DE BHÓTHAR AGUS SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

**BÓITHRE RÉIGIÚNACHA AGUS ÁITIÚLA A CHOTHABHÁIL**

Déantar soláthar don chlár inbhuanaitheachta leanúnach chun cothabháil ghinearálta agus feabhsú a dhéanamh ar an 1,480 km de bhóithre réigiúnacha agus áitiúla sa Chontae. Áirítear leis sin ár mbóithre agus ár gcosáin phoiblí a chothabháil agus a uasghrádú go leanúnach, agus aistriú modha chuig an siúl agus chuig an rothaíocht á spreagadh. Rinneadh soláthar do dhroichid a chothabháil, do linntreoga a dheisiú, do chlaiseanna a ghlanadh, do chomharthaí bóthair agus ainmchláir a chothabháil agus a athsholáthar, d'fhéar a ghearradh, do chiumhaiseanna a bhearradh, agus do mharcanna bóthair agus rianóirí a athnuachan.

**CLÁR ATHCHÓIRITHE DO BHÓITHRE RÉIGIÚNACHA AGUS ÁITIÚLA**

Tá an obair chun athléimneacht ár mbóithre réigiúnacha agus áitiúla a áirithiú ar aon dul leis an Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide ar siúl, agus soláthraíodh buiséad €3.9m don bhliain 2026 chuige sin ón Leithdháileadh Cánach Maoine Áitiúla. Leis an mbuiséad sin, cisteofar clár oibreacha atógála bóithre, oibreacha athchóirithe dromchla, agus cóiriú dromchla. Cuirfear na hoibreacha Athchóirithe agus Feabhsúcháin do gach limistéar ar áireamh sa Chlár Oibre lena cheadú ag gach Coiste Limistéir.

**TRÁCHT / SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE**

Tá rún daingean ag Comhairle Contae Fhine Gall feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre ar fud an Chontae. Déantar amhlaidh trí oideachas, measúnú agus meastóireacht agus trí bhearta innealtóireachta éagsúla um moilliú tráchta a shuiteáil, amhail rampaí, cosáin a thógáil amach, comharthaíocht, cúinní acomhail a laghdú, agus mullaird, etc. Leantar ar aghaidh leis an obair atá ar siúl chun an gréasán comharthaí tráchta a chothabháil agus a uasghrádú ar fud an Chontae.

Laghdaigh an Roinn Iompair an luasteorainn réamhshocraithe náisiúnta ó 80 ciliméadar in aghaidh na huaire go 60 ciliméadar in aghaidh na huaire (Athruithe Luasteorainneacha Chéim 1), agus cuireadh an laghdú sin chun feidhme ar Bhóithre Tuaithe Áitiúla. Le linn na bliana 2026, cuirfidh an Chomhairle tús le Céim 2 de Chur Chun Feidhme Luasteorainneacha Limistéir Fhoirgnithe agus Uirbigh ag an Roinn Iompair. Déanfaidh sí amhlaidh trí 'fhodhlíthe speisialta um luasteorainneacha' a ghlacadh, agus ní trí luasteorainn réamhshocraithe 30 km in aghaidh na huaire a thabhairt isteach i limistéir fhoirgnithe agus uirbeacha.

**SOILSIÚ POIBLÍ**

Tá sé beartaithe €4.8m a chaitheamh ar shoilsiú poiblí sa bhliain 2026. Caithfear €3.7m de sin chun breis agus 35,800 solas poiblí a chothabháil sa Chontae, lena n-áirítear soláthar fuinnimh do 2,400 solas agus soilsiú bealaí tráchta ar phríomhbhóithre náisiúnta an M1, an M2 agus an N3. Cuireadh soilse LED in ionad 100% dár soilse poiblí, rud a fhágann go bhfuil an tseirbhís níos inbhuanaithe agus níos fuinneamhéifeachtúla anois. Tá an obair atá ar bun chun 3,500 ceann de

shoilse poiblí ar tháinig dath gorm orthu a athsholáthar ar fud an chontae beagnach críochnaithe. Athsholáthraíodh thart ar 3,350 ceann díobh cheana féin, agus thart ar 150 ceann fágtha ar fud an chontae.

Cuireadh soláthar €370,000 sa bhreis ar áireamh sa bhuiséad chun an clár um athsholáthar colún/uasghrádú cáblaí a chur i gcrích. Tá formhór na gcolún soilsithe phoiblí atá ann cheana ar fud an chontae ag deireadh a saolré úsáidí, nó tá siad ag druidim le deireadh a saolré úsáidí, agus tá riocht an-dona ar chuid mhór colún agus is gá iad a athsholáthar. Déantar oibreacha athsholáthair cáblaí nuair is gá freisin, chun na suiteálacha cábla soilsithe phoiblí a chur i gcomhréir le caighdeáin leictreacha reatha.

Rinneadh soláthar méadaithe €456,000 do shoilsiú poiblí sa Chlár Oibreacha Limistéir don bhliain 2026.

**PÁIRCEÁIL – SCÉIMEANNA 'ÍOC AGUS TAISPEÁINT'**

Bhuiséadaigh an Chomhairle do ghlanioncam €1.74m sa bhliain 2026 ó na scéimeanna 'Íoc agus Taispeáint' atá á n-oibriú ag an gComhairle. Déantar leis an dréachtbhuiséad socrú d'ioncam méadaithe ó tháillí páirceála ar cheadú na nDréacht-Fhodhlíthe um Rialú Páirceála i mí Eanáir 2026.

**CLÁR OIBREACHA LIMISTÉIR 2025**

Sa Chlár Oibreacha le haghaidh Oibríochtaí, soláthraíodh leithdháileadh méadaithe €3,229,000 le haghaidh Oibreacha Speisialta, Tráchta agus Soilsiú Poiblí don bhliain 2026. Tá an leithdháileadh sin léirithe sna míreanna a bhaineann le Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla, le Trácht, agus le Soilsiú Poiblí. Leis an leithdháileadh sin, déantar soláthar do bhóithre, do chosáin, do bhearta tráchta agus do shoilsiú poiblí. Leagfar an clár iomlán oibreacha limistéir faoi bhráid gach Coiste Limistéir lena cheadú ag na Comhaltaí Limistéir i mí Eanáir 2026.

**TAISTEAL GNÍOMHACH**

Tá saoráidí siúil agus rothaíochta ardchaighdeáin á bhforbairt ag an Aonad Taistil Ghníomhaigh chun tuilleadh daoine a spreagadh aistriú chuig taisteal gníomhach, rud a rannchuideoidh le maolú ríthábhachtach ar an athrú aeráide. Tá cistiú agus acmhainní geallta ar áireamh i gClár Taistil Ghníomhaigh an Údaráis Náisiúnta Iompair. Is sa chlár caipitil a leagadh faoi bhráid na gcomhaltaí i mí Dheireadh Fómhair a dhéantar soláthar don chistiú don bhonneagar nua. Tá breis agus 40 Tionscadal Taistil Ghníomhaigh ar áireamh sa chlár. Tá cistiú do thionscnaimh éagsúla cur chun cinn agus athrú iompraíochta ar áireamh sa bhuiséad ioncaim.

**Sábháilteacht ar Bhóithre**

**Maoir Scoile**

Tá 109 maor scoile fostaithe ag Comhairle Contae Fhine Gall faoi láthair. Tá 16 bharda cúltaca ar áireamh san fhigiúr sin. Is ó phainéil atá ann cheana do mhaoir scoile a líonfar aon fholúntais amach anseo.

Tá scoil amháin i limistéar Fhine Gall rannpháirteach i **Scéim na Maor Scoile Sóisearach** faoi láthair. Ghlac thart ar dhaichead dalta i rang 6 ó Scoil Náisiúnta an Rois páirt sa Scéim.

**Soghluaisteacht agus Athrú Iompraíochta**
Bíonn ár mbeirt Oifigeach Rothaíochta agus Siúil, a ceapadh sa bhliain 2022, ag cur soghluaisteacht inbhuanaithe agus athrú iompraíochta chun cinn go gníomhach trí roinnt tionscnamh.

**Rothaíocht Gan Aois**
Bíonn an tionscnamh seo ar siúl i bPáirc San Caitríona, i mBaile Dúill, ag Caisleán Mhullach Íde agus ar na Sceirí, agus bíonn an-tóir air.

**'Foghlaim Rothaíocht' do Dhaoine faoi Mhíchumas**
Bíonn ár gcúrsa 'Foghlaim Rothaíocht' do Dhaoine faoi Mhíchumas ar siúl i rith na bliana, agus cúrsaí á reáchtáil i láithreacha éagsúla i nDomhnach Bat, i nGleann na hAbhann, i gCoill na nÚll, i mBaile an Phléimeannaigh, i bPort Mearnóg agus i láithreacha éagsúla i mBaile Átha Cliath 15. Reáchtálamar 42 chúrsa chun rothaíocht a theagasc do thart ar 630 duine de leanaí agus de dhaoine óga faoi mhíchumas sa bhliain 2025. Leanfaimid leis an gclár a sholáthar sa bhliain 2026.

**Bíonn an tAonad Taistil Ghníomhaigh ag obair go han-réamhghníomhach chun daoine den phobal a spreagadh a bheith níos gníomhaí, agus d'eagraigh sé na nithe seo a leanas, i measc nithe eile:**

- Ceachtanna Rothaíochta d'Aosaigh
- Babhtaí Rothaíochta Pobail
- Grúpaí Siúil agus Labhartha
- Céimeanna Sláintiúla – Clár Oideas Siúil
- Grúpaí Siúil Sóisialta agus Cuimsitheacha
- Busanna Siúil agus Rothaíochta
- Cúrsaí 'Tolg go Diallait'
- Cúrsaí Cairde Rothar Cothromaíochta
- Cúrsaí Scileanna Rothaíochta do dhaoine idir 6 bliana d'aois agus 12 bhliain d'aois
- Treoirchúrsaí Rothaíochta Beirte
- Cúrsaí Scileanna Cothabhála Rothar do Chailíní Idirbhliana
- Cúrsa Rothaíochta A Gluaiseachtaí
- Tithe Rothar i mBaile Átha Cliath 15 agus in dhá láthair eile i bhFine Gall
- Tionscadail Nasc Rothar Leictreach Fhine Gall i nDomhnach Bat agus ar na Sceirí
- Tionscadal Comaitéireachta Glaise Fhine Gall i mBaile Brigín
- Laethanta Sráideanna Scoile
- Aoine Aeir Úir agus Rianaire Taistil Ghníomhaigh do Scoileanna
- Seiceálacha Rothar 'ABC' chun a Bheith Ullamh don Gheimhreadh
- Rothair Lasta Leictreacha do Ghrúpaí Pobail
- Laethanta trialach rothar
- Tionscadal 'Dara Spineáil' Fhine Gall
- Treoirchlár Comhroinnte Carranna Leictreacha
- Carr Pobail Fhine Gall
- Tionscadal STEP-UP Interreg
- Tionscadal STEER-NWE Interreg
- Safe Star – Tionscadal de chuid Fhís Eorpach

- Tionscadal um Meascán Módúil Bhaile Brigín a Thomhas agus um Athghiniúint Baile
- Tionscadal Ciúinsráideanna
- Triail Beacht-Teicneolaíochta Páirceála Rothar Sparkpark do Rothair Chomhroinnte
- Tuilleadh raonta rothar a fhorbairt le haghaidh 'Foghlaim Rothaíocht'
- Bealaí Siúil Aoisbhácha a fhorbairt
- Léarscáileanna taistil ghníomhaigh atá cruthaithe ag an bpobal a fhorbairt

**Bíonn an Fhoireann Taistil Ghníomhaigh páirteach i roinnt imeachtaí náisiúnta agus áitiúla a chuirtear ar siúl i rith na bliana mar a leanas freisin:**

- Seachtain na Rothar
- Seachtain Soghluaisteachta na hEorpa
- EDWARD
- An Lá Domhanda gan Charranna
- Blasanna Fhine Gall
- An tSeachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide
- Seachtain na hOidhreachta
- Imeachtaí Spraoi Teaghlaigh, i.e., Dioscó Rothar, Babhta Rothaíochta Santa, An Lá Sráideanna Scoile

**Comhroinnt Rothar**

Chuir an Chomhairle tairiscint le haghaidh seirbhís comhroinnte rothar a sholáthar don chontae i gcrích le déanaí. Leis an soláthar sa bhuiséad, beifear in ann an tseirbhís a sholáthraítear trí Bleeper Bike agus trí Moby a reáchtáil arís eile sa bhliain 2026.

**Pas Fhine Gall**

Thugamar Pas Fhine Gall isteach i gcomhar le Bleeper Bike sa bhliain 2025. Leis an bpas sin, féadfaidh cónaitheoirí Fhine Gall iarratas a dhéanamh ar thuras 30 nóiméad saor in aisce ar gach turas de chuid Bleeper Bike i bhFine Gall agus i ngach crios oibriúcháin eile de chuid Bleeper Bike araon. Tháinig méadú maith ar úsáid Phas Fhine Gall le linn na chéad 6 mhí, agus féachfaimid le húsáid an phas a mhéadú arís eile sa bhliain 2026.


**Feachtas Tionchairí is Cailíní sna Déaga i gcomhar le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath**

D'oibrigh Taisteal Gníomhach Fhine Gall i gcomhar le Taisteal Gníomhach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath sa bhliain 2025 chun triúr tionchairí den inscne bhaineann a fhostú chun físeáin a chruthú lena dtabharfaí spreagadh do chailíní sna déaga agus do mhná rothaíocht a dhéanamh i mBaile Átha Cliath. Sna físeáin sin, feictear tionchairí den inscne bhaineann agus iad ag úsáid an ghréasáin taistil ghníomhaigh de lánaí rothar i bhFine Gall agus i gcathair Bhaile Átha Cliath. Gineadh na mílte teagmhálacha agus imprisean ar líne mar thoradh ar an bhfeachtas sin, agus cumhdaíodh ar an leibhéal náisiúnta é trí nuacht RTÉ. Féachfaimid le leanúint leis an gcineál cumarsáide sin a dhéanamh sa bhliain 2026 ionas gur féidir linn spriocdhíriú go héifeachtach ar phobail a mbíonn sé deacair dul i bhfeidhm orthu.

# B – Iompar de Bhóthar agus Sábháilteacht ar Bhóithre


## Caiteachas

| | | |
|---|---|---|
| B03 | Bóithre Réigiúnacha – Cothabháil agus Feabhsú | €14,512,800 |
| B04 | Bóithre Áitiúla – Cothabháil agus Feabhsú | €14,107,200 |
| B05 | Soilsiú Poiblí | €5,073,100 |
| B06 | Feabhsú ar Bhainistíocht Tráchta | €5,227,200 |
| B08 | Sábháilteacht ar Bhóithre a Chur Chun Cinn agus Oideachas a Sholáthar ina leith | €3,656,300 |
| B09 | Páirceáil | €1,336,300 |
| B10 | Tacaíocht don Chlár Caipitil Bóithre | €2,417,300 |
| B11 | Seirbhísí Gníomhaireachta agus Seirbhísí In-fhorchúitithe | €638,000 |
| | | **€46,968,200** |




## Ioncam

| | |
|---|---|
| RTRÁO | €3,914,400 |
| Deontais ó Bhonneagar Iompair Éireann agus ón Údarás Náisiúnta Iompair | €2,673,500 |
| Fíneálacha Páirceála agus Muirir Pháirceála | €3,030,000 |
| Ioncam Eile | €1,555,300 |
| Aoisliúntas | €366,600 |
| | **€11,539,800** |



Tábla F – Caiteachas

| Tábla F – Caiteachas | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannán B – Iompar de Bhóthar agus Sábháilteacht ar Bhóithre** | | | | |
| **Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fosheirbhíse** | **2026** | | **2025** | |
| | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| B0101 Príomhbhóithre Náisiúnta – Cóiriú Dromchla | - | - | - | - |
| B0102 Príomhbhóithre Náisiúnta – Forleagan/Atógáil Cosán | - | - | - | - |
| B0103 Príomhbhóithre Náisiúnta – Cothabháil Geimhridh | - | - | - | - |
| B0104 Príomhbhóithre Náisiúnta – Cothabháil Droichead (Eirspan) | - | - | - | - |
| B0105 Príomhbhóithre Náisiúnta – Cothabháil Ghinearálta | - | - | - | - |
| B0106 Príomhbhóithre Náisiúnta – Oibreacha Ginearálta Feabhsúcháin | - | - | - | - |
| B0199 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **B01 Príomhbhóithre Náisiúnta – Cothabháil agus Feabhsú** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| B0201 Bóithre Náisiúnta den Dara Grád – Cóiriú Dromchla | - | - | - | - |
| B0202 Bóithre Náisiúnta den Dara Grád – Forleagan/Atógáil | - | - | - | - |
| B0203 Bóithre Náisiúnta den Dara Grád – Forleagan/Atógáil – Uirbeach | - | - | - | - |
| B0204 Bóithre Náisiúnta den Dara Grád – Cothabháil Geimhridh | - | - | - | - |
| B0205 Bóithre Náisiúnta den Dara Grád – Cothabháil Droichead (Eirspan) | - | - | - | - |
| B0206 Bóithre Náisiúnta den Dara Grád – Cothabháil Ghinearálta | - | - | - | - |
| B0207 Bóithre Náisiúnta den Dara Grád – Oibreacha Ginearálta Feabhsúcháin | - | - | - | - |
| B0299 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **B02 Bóithre Náisiúnta den Dara Grád – Cothabháil agus Feabhsú** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| B0301 Bóithre Réigiúnacha – Cóiriú Dromchla | 21,600 | 21,600 | 19,300 | 21,700 |
| B0302 Bóithre Réigiúnacha – Athchóiriú Dromchla/Atógáil Bóithre/Forleagan | 1,916,200 | 1,916,200 | 1,916,200 | 742,100 |
| B0303 Bóithre Réigiúnacha – Cothabháil Geimhridh | 329,700 | 329,700 | 315,200 | 307,500 |
| B0304 Bóithre Réigiúnacha – Cothabháil Droichead | 300,000 | 350,000 | 75,000 | 75,000 |
| B0305 Bóithre Réigiúnacha – Oibreacha Ginearálta Cothabhála | 6,530,600 | 6,530,600 | 5,924,900 | 6,199,500 |
| B0306 Bóithre Réigiúnacha – Oibreacha Ginearálta Feabhsúcháin | - | - | - | - |
| B0399 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 5,414,700 | 5,414,700 | 4,721,500 | 4,980,800 |
| **B03 Bóithre Réigiúnacha – Cothabháil agus Feabhsú** | **14,512,800** | **14,562,800** | **12,972,100** | **12,326,600** |
| B0401 Bóithre Áitiúla – Cóiriú Dromchla | 311,200 | 311,200 | 277,000 | 300,200 |
| B0402 Bóithre Áitiúla – Athchóiriú Dromchla/Atógáil Bóithre/Forleagan | 1,983,800 | 1,983,800 | 2,160,800 | 3,327,500 |
| B0403 Bóithre Áitiúla – Cothabháil Geimhridh | 392,000 | 392,000 | 320,400 | 363,600 |
| B0404 Bóithre Áitiúla – Cothabháil Droichead | 124,300 | 124,300 | 120,800 | 104,500 |
| B0405 Bóithre Áitiúla – Oibreacha Ginearálta Cothabhála | 8,597,500 | 8,757,500 | 8,137,000 | 8,011,200 |
| B0406 Bóithre Áitiúla – Oibreacha Ginearálta Feabhsúcháin | 185,000 | 185,000 | 185,000 | 185,000 |
| B0499 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 2,513,400 | 2,513,400 | 2,367,400 | 2,360,300 |
| **B04 Bóithre Áitiúla – Cothabháil agus Feabhsú** | **14,107,200** | **14,267,200** | **13,568,400** | **14,652,300** |
| B0501 Costais Oibriúcháin a bhaineann le Soilsiú Poiblí | 3,335,300 | 3,335,300 | 3,206,500 | 3,488,700 |
| B0502 Feabhsú ar Shoilsiú Poiblí | 1,431,400 | 1,476,400 | 1,464,300 | 1,466,600 |
| B0599 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 306,400 | 306,400 | 306,100 | 316,300 |
| **B05 Soilsiú Poiblí** | **5,073,100** | **5,118,100** | **4,976,900** | **5,271,600** |

| Tábla F – Caiteachas | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannán B – Iompar de Bhóthar agus Sábháilteacht ar Bhóithre** | | | | |
| **Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fosheirbhíse** | **2026** | | **2025** | |
| | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| B0601 Bainistíocht Tráchta | - | - | - | - |
| B0602 Cothabháil Tráchta | 3,874,300 | 4,024,300 | 3,719,600 | 3,720,400 |
| B0603 Bearta Feabhsúcháin Tráchta | 119,900 | 119,900 | 187,000 | 406,100 |
| B0699 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,233,000 | 1,233,000 | 1,078,700 | 1,143,900 |
| **B06 Feabhsú ar Bhainistíocht Tráchta** | **5,227,200** | **5,377,200** | **4,985,300** | **5,270,400** |
| B0701 Bearta Leasúcháin Ísealchostais | - | - | - | - |
| B0702 Feabhsuithe Eile ar Innealtóireacht | - | - | - | - |
| B0799 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **B07 Feabhsú ar Innealtóireacht Sábháilteachta ar Bhóithre** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| B0801 Maoir Scoile | 1,215,700 | 1,215,700 | 1,091,700 | 1,197,500 |
| B0802 Sábháilteacht ar Bhóithre a Phoibliú agus a Chur Chun Cinn | 773,600 | 773,600 | 708,400 | 722,300 |
| B0899 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,667,000 | 1,667,000 | 1,647,800 | 1,594,800 |
| **B08 Sábháilteacht ar Bhóithre a Chur Chun Cinn agus Oideachas a Sholáthar ina leith** | **3,656,300** | **3,656,300** | **3,447,900** | **3,514,600** |
| B0901 Carrchlóis a Chothabháil agus a Bhainistiú | - | - | - | - |
| B0902 Páirceáil Sráide a Oibriú | 1,263,800 | 1,263,800 | 914,100 | 983,200 |
| B0903 Forfheidhmiú Páirceála | - | - | - | - |
| B0999 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 72,500 | 72,500 | 81,800 | 82,600 |
| **B09 Páirceáil** | **1,336,300** | **1,336,300** | **995,900** | **1,065,800** |
| B1001 An Clár Caipitil Bóithre a Riar | 1,253,500 | 1,253,500 | 1,349,500 | 1,221,000 |
| B1099 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,163,800 | 1,163,800 | 1,012,100 | 1,041,000 |
| **B10 Tacaíocht don Chlár Caipitil Bóithre** | **2,417,300** | **2,417,300** | **2,361,600** | **2,262,000** |
| B1101 Seirbhís Gníomhaireachta agus Seirbhís In-fhorchúitithe | 185,300 | 185,300 | 426,300 | 210,800 |
| B1199 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 452,700 | 452,700 | 287,300 | 546,200 |
| **B11 Seirbhísí Gníomhaireachta agus Seirbhísí In-fhorchúitithe** | **638,000** | **638,000** | **713,600** | **757,000** |
| **Iomlán Rannán B** | **46,968,200** | **47,373,200** | **44,021,700** | **45,120,300** |

| Tábla F – Ioncam | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannán B – Iompar de Bhóthar agus Sábháilteacht ar Bhóithre** | | | | |
| | **2026** | | **2025** | |
| **Ioncam de réir Foinse** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| **Deontais agus Fóirdheontais Rialtais** | | | | |
| Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht | 3,914,400 | 3,914,400 | 3,914,400 | 3,914,400 |
| TII (Bonneagar Iompair Éireann) | 342,000 | 342,000 | 750,000 | 342,000 |
| Cultúr, Cumarsáid agus an Spórt | - | - | - | - |
| An tÚdarás Náisiúnta Iompair | 2,279,600 | 2,279,600 | 1,130,900 | 2,814,600 |
| Iompar | - | - | - | - |
| Forbairt Tuaithe agus Pobail agus an Ghaeltacht | - | - | - | - |
| Eile | 51,900 | 51,900 | 7,600 | 20,900 |
| **Iomlán Deontas agus Fóirdheontas Rialtais** | **6,587,900** | **6,587,900** | **5,802,900** | **7,091,900** |
| **Earraí agus Seirbhísí** | | | | |
| Fíneálacha Páirceála agus Muirir Pháirceála | 3,030,000 | 3,030,000 | 2,000,000 | 2,020,000 |
| Aoisliúntas | 366,600 | 366,600 | 311,000 | 317,500 |
| Seirbhísí Gníomhaireachta agus Oibreacha is Gá a Aisíoc | - | - | - | - |
| Ranníocaíochtaí ón Údarás Áitiúil | - | - | - | - |
| Ioncam eile | 1,555,300 | 1,555,300 | 1,535,000 | 1,626,300 |
| **Iomlán Earraí agus Seirbhísí** | **4,951,900** | **4,951,900** | **3,846,000** | **3,963,800** |
| **Iomlán Rannán B** | **11,539,800** | **11,539,800** | **9,648,900** | **11,055,700** |

# Rannán C
# SEIRBHÍSÍ UISCE

**SOLÁTHAR UISCE AGUS SEIRBHÍSÍ FUÍOLLUISCE**
Is é Uisce Éireann a sholáthraíonn na seirbhísí uisce poiblí uile, an chóireáil agus an soláthar uisce ar fad, agus an soláthar seirbhísí fuíolluisce (séarachas bréan) ar fad.

**UISCE ÉIREANN, AGUS COSTAIS SEIRBHÍSE TACAÍOCHTA FHINE GALL**
De réir an Mháistir-Chomhaontaithe Comhair a síníodh idir an Chomhairle agus Uisce Éireann an 5 Bealtaine 2023, tugadh an Comhaontú Seirbhíse Tacaíochta is gá idir an dá pháirtí i gcrích. Cumhdaítear leis an gcomhaontú sin na réimsí a dtacóidh an dá pháirtí leo le linn an aistrithe suas go deireadh na bliana 2026, agus foráiltear leis do na costais a thabhóidh an Chomhairle thar ceann Uisce Éireann, lena n-áirítear iad seo a leanas: -

- Párolla agus Taisteal agus Cothú do gach ball foirne seirbhísí uisce údaráis áitiúil
- Seirbhísí Airgeadais
- Seirbhísí Tacaíochta TFC agus Teileachumarsáid
- Úsáid Oifigí agus Iostaí
- Stórtha agus saoráidí
- Seirbhísí Flít
- Sláinte agus Sábháilteacht
- Folláine

Tá aistriú bhaill foirne na Comhairle ar siúl, agus tá sé de rogha ag baill foirne leanúint le hobair leis an gComhairle nó aistriú chuig Uisce Éireann. Faoin gComhaontú Seirbhíse Tacaíochta idir an Chomhairle agus Uisce Éireann, leanfaidh an Chomhairle le costais Phárolla a íoc do gach ball foirne seirbhísí uisce de chuid Fhine Gall suas go deireadh na bliana 2026. D'aistrigh roinnt ball foirne ar ais chuig Comhairle Contae Fhine Gall roimh an spriocdháta, is é sin mí na Nollag 2026.

Déantar i Rannán C soláthar do na costais uile sin, ar costais iad a aisghabhfar ó Uisce Éireann. Rachaidh an Comhaontú Seirbhíse Tacaíochta in éag an 31 Nollaig 2026.

**SEIRBHÍSÍ UISCE BÁISTÍ**
Is í an Chomhairle atá freagrach go fóill as íoc as an gcostas a bhaineann leis an líonra uisce báistí a bhainistiú agus a chothabháil. Tá buiséad €1.6m á chur ar fáil chun oibriú agus cothabháil leanúnach an líonra uisce báistí a éascú. Leis an gclár sin, pléifear le hoibriú agus cothabháil na gcúig stáisiún caidéalúcháin uisce báistí, na líonraí uisce báistí (píobáin agus dúnphoill), na bpíobán sceite uisce báistí agus na sciath uisce báistí.


**LEITHRIS PHOIBLÍ**

Tá soláthar méadaithe €1.9m ar áireamh le haghaidh na leithris phoiblí uile atá ann cheana agus na leithris phoiblí nua sa bhreis i limistéar Fhine Gall a ghlanadh agus a chothabháil, lena n-áirítear an tseirbhís glantacháin do na háiteanna feistis agus na leithris phoiblí uile i bpáirceanna poiblí agus i spásanna oscailte. Leis an gcóras nua glantacháin sin, déantar socrú do ghlanadh breise i rith na míonna den samhradh, do ghlanadh laethúil a mhéadú, do ghlanadh domhain míosúil, do sholáthar gach tomhaltáin agus do chothabháil an bhonneagair ar fad, lena n-áirítear deisiú, athsholáthar agus cothabháil choisctheach.

# C – Seirbhísí Uisce


## Caiteachas

| | | |
|---|---|---|
| C01 | Soláthar Uisce | €6,204,100 |
| C02 | Cóireáil Fuíolluisce | €3,663,400 |
| C04 | Leithris Phoiblí | €2,016,900 |
| C05 | Suiteálacha Grúpa agus Suiteálacha Príobháideacha a Riar | €15,300 |
| C06 | Tacaíocht don Chlár Caipitil Uisce | €368,900 |
| C08 | Seirbhísí Uisce agus Sláintíochta an Údaráis Áitiúil | €3,014,600 |
| | | **€15,283,200** |




## Ioncam

| | |
|---|---|
| Deontais ó RTRÁO | €6,267,000 |
| Uisce Éireann | €3,747,000 |
| Aoisliúntas | €302,200 |
| Ioncam Eile | €239,600 |
| | **€10,555,800** |



| Tábla F – Caiteachas | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannán C – Seirbhísí Uisce** | | | | |
| **Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fosheirbhíse** | **2026** | | **2025** | |
| | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| C0101 Gléasraí agus Líonraí Uisce | 3,474,200 | 3,474,200 | 6,529,600 | 4,723,200 |
| C0199 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 2,729,900 | 2,729,900 | 2,897,400 | 2,994,300 |
| **C01 Soláthar Uisce** | **6,204,100** | **6,204,100** | **9,427,000** | **7,717,500** |
| C0201 Gléasraí agus Líonraí Fuíolluisce | 1,469,600 | 1,469,600 | 3,543,700 | 2,384,800 |
| C0299 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 2,193,800 | 2,193,800 | 2,091,600 | 2,160,000 |
| **C02 Cóireáil Fuíolluisce** | **3,663,400** | **3,663,400** | **5,635,300** | **4,544,800** |
| C0301 Bainistiú Fiach i leith Uisce agus Fuíolluisce | - | - | - | - |
| C0399 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **C03 Muirir Uisce agus Fuíolluisce a Bhailiú** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| C0401 Leithris Phoiblí a Oibriú agus a Chothabháil | 1,952,500 | 1,952,500 | 1,399,200 | 1,829,600 |
| C0499 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 64,400 | 64,400 | 63,800 | 65,300 |
| **C04 Leithris Phoiblí** | **2,016,900** | **2,016,900** | **1,463,000** | **1,894,900** |
| C0501 Deontais le haghaidh Suiteálacha Aonair | 15,000 | 15,000 | 15,000 | 15,000 |
| C0502 Deontais le haghaidh Grúpscéimeanna Uisce | - | - | - | - |
| C0503 Deontais le haghaidh Grúpscéimeanna Fuíolluisce | - | - | - | - |
| C0504 Fóirdheontais le haghaidh Grúpscéimeanna Uisce | - | - | - | - |
| C0599 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 300 | 300 | 100 | 100 |
| **C05 Suiteálacha Grúpa agus Suiteálacha Príobháideacha a Riar** | **15,300** | **15,300** | **15,100** | **15,100** |
| C0601 Dearadh Teicniúil agus Maoirseacht Theicniúil | 65,300 | 65,300 | 76,100 | 76,900 |
| C0699 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 303,600 | 303,600 | 184,800 | 188,600 |
| **C06 Tacaíocht don Chlár Caipitil Uisce** | **368,900** | **368,900** | **260,900** | **265,500** |
| C0701 Seirbhís Gníomhaireachta agus Seirbhís In-fhorchúitithe | - | - | - | - |
| C0799 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **C07 Seirbhísí Gníomhaireachta agus Seirbhísí In-fhorchúitithe** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| C0801 Seirbhísí Uisce an Údaráis Áitiúil | 101,900 | 101,900 | 104,000 | 101,700 |
| C0802 Seirbhísí Sláintíochta an Údaráis Áitiúil | 2,303,800 | 2,303,800 | 1,565,800 | 2,111,200 |
| C0899 Costais Tacaíochta Seirbhíse an Údaráis Áitiúil | 608,900 | 608,900 | 443,700 | 457,300 |
| **C08 Seirbhísí Uisce agus Sláintíochta an Údaráis Áitiúil** | **3,014,600** | **3,014,600** | **2,113,500** | **2,670,200** |
| **Iomlán Rannán C** | **15,283,200** | **15,283,200** | **18,914,800** | **17,108,000** |

| Tábla F – Ioncam | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannán C – Seirbhísí Uisce** | | | | |
| **Ioncam de réir Foinse** | **2026** | | **2025** | |
| | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| **Deontais agus Fóirdheontais Rialtais** | | | | |
| Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht | 6,267,000 | 6,267,000 | 6,274,600 | 6,507,800 |
| Eile | - | - | - | - |
| **Iomlán Deontas agus Fóirdheontas Rialtais** | **6,267,000** | **6,267,000** | **6,274,600** | **6,507,800** |
| **Earraí agus Seirbhísí** | | | | |
| Uisce Éireann | 3,747,000 | 3,747,000 | 8,776,900 | 5,768,200 |
| Aoisliúntas | 302,200 | 302,200 | 299,400 | 305,900 |
| Seirbhísí Gníomhaireachta agus Oibreacha is Gá a Aisíoc | - | - | - | - |
| Ranníocaíochtaí ón Údarás Áitiúil | - | - | - | - |
| Ioncam eile | 239,600 | 239,600 | 282,500 | 267,600 |
| **Iomlán Earraí agus Seirbhísí** | **4,288,800** | **4,288,800** | **9,358,800** | **6,341,700** |
| **Iomlán Rannán C** | **10,555,800** | **10,555,800** | **15,633,400** | **12,849,500** |

# Rannán D
# BAINISTÍOCHT FORBARTHA

## PLEANÁIL STRAITÉISEACH

Suas go deireadh mhí Mheán Fómhair 2025, fuair an t-údarás áitiúil 1,193 iarratas pleanála san iomlán. Fuarthas 12 iarratas ar Fhorbairt Chónaithe Mhórscála (FCM), agus eisíodh 15 chinneadh san iomlán. De na 15 chinneadh sin, deonaíodh cead in ocht gcás agus ní dhearnadh aon chinneadh chun cead a dhiúltú agus iarradh Tuilleadh Faisnéise i seacht gcás. B'ionann an líon comhcheangailte iomlán aonad a deonaíodh trí iarratais ar FCM agus 1,808 gcinn.

Ní dhearna an Coimisiún Pleanála aon chinneadh ar iarratais ar Fhorbairt Tithíochta Straitéisí (FTS) go dtí seo sa bhliain 2025. Tá ceithre chinneadh ar iarratais FTS fós le déanamh ag an gCoimisiún Pleanála.

Glacadh Scéim Ranníocaí Forbartha na Comhairle don tréimhse 2021-2025 an 14 Nollaig 2020. Maidir leis na tobhaigh uile a ghearrtar agus a bhailítear, tugtar cuntas orthu agus caitear iad ar bhonneagar agus saoráidí poiblí a théann chun tairbhe d'fhorbairt sa limistéar contae ar fad. Tháinig an Scéim i bhfeidhm an 1 Eanáir 2021.

### Ríomhphleanáil

Tá Ríomhphleanáil a dtacaítear léi tríd an tairseach náisiúnta pleanála i mbun feidhme i gComhairle Contae Fhine Gall. Is féidir le hiarratasóirí agus le gníomhairí iarratais phleanála a thaisceadh go leictreonach le haon údarás áitiúil sa tír anois trí úsáid a bhaint as an uirlis chéanna ar líne. Tá an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil ag tacú leis an gcomhtháthú sin laistigh dár gcóras pleanála. Cuirfear Ríomhphleanáil chun feidhme tuilleadh sa bhliain 2026.

## PLEAN FORBARTHA FHINE GALL 2023 – 2029

Rinneadh Plean Forbartha Fhine Gall 2023 – 2029 an 22 Feabhra 2023 agus tháinig sé i bhfeidhm an 5 Aibreán 2023.

Is doiciméad straitéiseach é an Plean, ina mbeartaítear go dtiocfaidh Fine Gall chun bheith ina líonra comhtháite de lonnaíochtaí uirbeacha agus pobail tuaithe atá rathúil ón taobh sóisialta agus eacnamaíoch de, de chriosanna glasa straitéiseacha agus de thuath oscailte a thacóidh agus a rannchuideoidh le forbairt eacnamaíoch an chontae agus réigiún Chathair Bhaile Átha Cliath ina iomláine.

## PLEANÁIL CHUN CINN

Sainaithnítear i bPlean Forbartha Fhine Gall 2023-2029 roinnt Pleananna Limistéir Áitiúil, Máistirphleananna, Creatphleananna agus staidéar eile lena n-ullmhú ar fud an chontae.

Is próiseas casta fada é pleananna den sórt sin a ullmhú, ar lena linn is gá roinnt ionchur éagsúil a chomhordú agus measúnachtaí timpeallachta doimhne a dhéanamh, lena n-áirítear Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta, Measúnacht Chuí

agus Measúnacht Straitéiseach Riosca Tuilte. Cuireadh le chéile creataí le haghaidh seirbhísí comhairleoireachta a sholáthar chun cabhrú leis an údarás áitiúil Pleananna Limistéir Áitiúil, Máistirphleananna agus Creatphleananna a ullmhú, mar atá sainaitheanta sa Phlean Forbartha, agus soláthraíodh seirbhísí comhairleoireachta uathu cheana féin.

Ghlac na comhaltaí an Plean Limistéir Áitiúil do Bhaile an Phléimeannaigh sa bhliain 2025. Ghlac siad Creatphlean Chluain Saileach freisin. Áirítear leis na tionscadail atá ar siúl Máistirphlean an tSean-Tí Scoile a ullmhú, plean reachtúil a ullmhú do Dhún Sinche, agus obair ullmhúcháin a dhéanamh chun bonn eolais a chur faoi phlean limistéir áitiúil do Shord.

Áirítear leis na tionscadail eile atá sa chlár oibreacha comhordú leanúnach a dhéanamh ar na tuairisceáin ó Thascfhórsa Tithíochta Bhaile Átha Cliath na gceithre Údarás Áitiúla i mBaile Átha Cliath chuig an Roinn, mar aon le hobair a bhaineann leis an gCáin Talún Cónaí-Chriosaithe.

Leanann an Rannóg um Pleanáil Chun Cinn le rannchuidiú le tionscadail náisiúnta eile, lena n-áirítear mórthionscadail bonneagair iompair amhail MetroLink, BusConnects agus clár Leathnaithe DART+.

**PLEAN OIDHREACHTA**

Leanfaidh an Oifig Oidhreachta le tacú le foilseacháin chlóite, taispeántais, físeáin, léarscáileanna digiteacha agus turais fhíorúla ina n-inúchtar téamaí oidhreachta, idir scileanna traidisiúnta agus scéalta daoine agus áiteanna, agus leanfaidh sí le nithe den sórt sin a sholáthar. Sa bhliain 2026, díreofar ar Phlean Oidhreachta Fhine Gall 2024-2030 a chur chun feidhme trí thionscadail phobalbhunaithe. Cuirfear na tionscadail sin i gcomhréir leis na moltaí ó phleananna agus iniúchtaí eile freisin, lena n-áirítear an tIniúchadh ar Ghnéithe Sráide Stairiúla, rud a rinneadh sa bhliain 2025 agus atá ar cheann de na cuspóirí atá i bPlean Forbartha Contae Fhine Gall.

Cheiliúir Seandálaíocht Pobail Fhine Gall 10 mBliana a Bunaithe sa bhliain 2025. Leanfaidh an Oifig Oidhreachta le tionscadail cheannródaíocha a ghabháil de láimh. Áirítear leo sin Droim Meánach a Thochailt, rud ar tochailt taighde phobalbhunaithe é ag Dún Ceann Tíre Dhroim Meánach ina bhfuil fianaise á nochtadh ar theagmháil leis an domhan Rómhánach nach bhfacthas in aon áit ar bith eile in Éirinn roimhe seo. Leanfar leis na torthaí a scaipeadh ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus Eorpach, toisc nach é amháin go gcabhróidh na torthaí agus an anailís leis an láithreán féin a léirmhíniú agus a bhainistiú agus go gcuirfidh siad leis an tuiscint atá againn ar an tréimhse sin in Éirinn freisin.

Leanfar le tacú le rannpháirtíocht an phobail trí thionscadail amhail Tionscadal Gortainmneacha Fhine Gall, Oiliúint Oidhreachta Béil Fhine Gall, agus Scileanna Traidisiúnta. Agus na tionscadail á bhforbairt tuilleadh, soláthrófar tacaíocht agus oiliúint do ghrúpaí pobail atá ag iarraidh a gcuimhní cinn agus a n-oidhreacht bhéil a thaifeadadh agus a chartlannú agus a scileanna traidisiúnta a chaomhnú.

Leanfaidh an Oifig Oidhreachta le cur leis an tionscadal eolaíochta saoránach dar teideal Oidhreacht Fhine Gall X Aeráid, mar mhodh chun sásraí atá comhordaithe,

comhoibríoch agus fianaisebhunaithe a fhorbairt chun athléimneacht a ghnóthú agus chun oiriúnú do thionchar an athraithe aeráide ar oidhreacht seandálaíochta agus thógtha an Chontae nó chun an tionchar sin a mhaolú. Tá sé beartaithe cur leis an oiliúint ar Chrios Cósta Fhine Gall a rinneadh sa bhliain 2025, rud a mhéadaigh an fheasacht atá ann ar ár n-oidhreacht chósta agus mhuirí.

Riar an Oifig Oidhreachta dhá thionscadal tríd an gCiste Séadchomharthaí Pobail 2025, lenar áiríodh oibreacha caomhantais ag Eaglais agus Reilig Bhaile an Aba agus plean bainistíochta caomhantais do Chaisleán Bhinn Éadair, chun a n-athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a chinntiú. Rinne sí an méid sin trí chistiú ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Leanfar le páirt ghníomhach a ghlacadh i gClár Éire Ildánach Fhine Gall agus le tacaíocht a thabhairt don obair atá ar bun ag rannóga eile laistigh de Chomhairle Contae Fhine Gall. Leanfar le tacaíocht a thabhairt freisin do Sheachtain na hOidhreachta agus do ghrúpaí oidhreachta áitiúla trí Líonra Oidhreachta Fhine Gall, rud a chinnteoidh go mbeidh oidhreacht Fhine Gall inrochtana ag gach duine.

## FORFHEIDHMIÚ PLEANÁLA

Déanann an Rannóg um Fhorfheidhmiú Pleanála imscrúduithe ar chásanna Forbartha Neamhúdaraithe. Is é atá i gceist leis an bpróiseas forfheidhmiúcháin ná Litreacha Rabhaidh a eisiúint, cigireachtaí a dhéanamh, measúnuithe mionsonraithe a dhéanamh, agus Fógraí Forfheidhmiúcháin a eisiúint, i gcás gur gá. Féadfar imeachtaí dlí a thionscnamh i leith neamhchomhlíonadh Fógraí Forfheidhmiúcháin. Tá sa Chlár Forfheidhmiúcháin Pleanála mionsonraí faoi na Litreacha Rabhaidh agus na Fógraí Forfheidhmiúcháin uile a eisíodh nó a tarraingíodh siar.

## ÚDARÁS RIALAITHE FOIRGNÍOCHTA

Féachann an tÚdarás Rialaithe Foirgníochta lena chinntiú go gcomhlíontar Codanna A go M de na Rialacháin Foirgníochta ionas go mbeidh teaghaisí agus foirgnimh neamhchónaithe sábháilte lena n-áitiú agus lena n-úsáid ag saoránaigh. Is é an tÚdarás Rialaithe Foirgníochta a mheasúnaíonn agus a phróiseálann ‘Fógraí um Thosach Feidhme’ agus ‘Deimhnithe Críochnaithe Comhlíonta’ do gach foirgneamh. Is é an tÚdarás Rialaithe Foirgníochta freisin a mheasúnaíonn agus a phróiseálann Deimhnithe um Shábháilteacht ó Dhóiteán agus Deimhnithe Rochtana Míchumais do gach foirgneamh, seachas teaghaisí tí aonair.

Tá freagracht ar an Údarás Rialaithe Foirgníochta as faireachas margaidh agus as forfheidhmiú na Rialachán um Tháirgí Foirgníochta, a bhfuil mar aidhm leo a chinntiú go gcomhlíonann gach táirge foirgníochta na Caighdeáin Chomhchuibhithe. Ar deireadh, is é an tÚdarás Rialaithe Foirgníochta an comhlacht údaraithe atá freagrach as comhlíonadh na Rialachán um Fheidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh a chinntiú.

## AN FHEIDHM UM GHLACADH FAOI CHÚRAM

Déanann an tÚdarás Rialaithe Foirgníochta bainistíocht ar an bpróiseas um ghlacadh faoi chúram, agus cinntíonn sé go gcomhlíonann gach forbairt na caighdeáin um ghlacadh faoi chúram sula ndearbhófar iad mar bhonneagar poiblí. Ina theannta sin, bunaíodh Clár Oibreacha um Ghlacadh faoi Chúram chun leas a bhaint as cistí ó

fhoinsí éagsúla (cistí bannaí, cistí deontas, cistí ó Chorparáid na hÉireann um Réiteach Bainc, etc.) chun oibreacha a dhéanamh ar fhorbairtí i bhFine Gall nach raibh le glacadh faoi chúram, ar mhaithe le hiad a chur i gcomhréir leis an gcaighdeán le haghaidh 'glacadh faoi chúram' ionas gur féidir iad a ghlacadh faoi chúram go foirmiúil.

**DÉANMHAIS CHONTÚIRTEACHA AGUS ÁITEANNA CONTÚIRTEACHA**

Leis an Acht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1964, tugtar de chumhacht don Údarás Áitiúil aghaidh a thabhairt ar aon ábhair imní sábháilteachta a thagann chun cinn i ndáil le déanmhais nó áiteanna.

## FORBAIRT EACNAMAÍOCH, FIONTAR AGUS TURASÓIREACHTA

### Fine Gall Amach Anseo: Straitéis Forbartha Eacnamaíche

Tacaíonn an Rannóg Forbartha Eacnamaíche, Fiontar, Turasóireachta agus Cultúrtha le forbairt eacnamaíoch chomhordaithe Fhine Gall trí thionscadail a phleanáil, a thionscnamh agus a bhainistiú lena rannchuidítear go dearfach le forbairt eacnamaíoch leanúnach an Chontae. Tá cur chun feidhme na straitéise dar teideal 'Fine Gall Amach Anseo: Straitéis Forbartha Eacnamaíche' á cur ar aghaidh ag an Rannóg, rud lena dtreorófar forbairt eacnamaíoch an chontae san fhadtéarma. Cuirfear ar aghaidh tionscnaimh lena gcothaítear cultúr fiontraíochta agus timpeallacht gnó inbhuanaithe athléimneach sa chontae.

### Straitéis um Fhine Gall Inbhuanaithe

Tá an straitéis dar teideal 'Fine Gall Amach Anseo: Straitéis um Fhine Gall Inbhuanaithe' á forbairt faoi láthair, agus tá an Chomhairle ag coinne leis go mbeidh an Straitéis réidh lena glacadh sa chéad ráithe den bhliain 2026. Beidh an Straitéis ag teacht leis na cuspóirí atá sa straitéis dar teideal 'Fine Gall Amach Anseo: Straitéis Forbartha Eacnamaíche', le Plean Fhine Gall um Ghníomhú ar son na hAeráide, agus le tiomantas na Comhairle don Dearbhú um Chathracha Ciorclacha. Sa bhliain 2026, leanfaidh an Chomhairle le bearta gnó inbhuanaithe, gnó glas, agus an geilleagar ciorclach a chur chun cinn agus a fhorbairt. Ag teacht sna sála ar Haiceatón Urbact EcoCore, reáchtáladh staidéar indéantachta ar an ngeilleagar ciorclach i gcomhar le príomh-gheallsealbhóirí le linn na bliana 2025. Tá súil ag an gComhairle tacú le smaointe geilleagair chiorclaigh a fhorbairt tuilleadh sa bhliain 2026, agus í ag cur leis an straitéis dar teideal 'Fine Gall Amach Anseo: Straitéis um Fhine Gall Inbhuanaithe' agus leis an staidéar indéantachta a tháinig as an Haiceatón.

### Straitéis Scileanna Fhine Gall

Leanann an Chomhairle leis an straitéis dar teideal 'Fine Gall Amach Anseo: Straitéis Scileanna Fhine Gall' a chur chun feidhme le tacaíocht ó phríomh-gheallsealbhóirí, agus í ag leathnú isteach i saincheisteanna earnála nua. Chomh maith leis sin, leanann sí le comhoibriú a chur chun cinn idir na hearnálacha oideachais agus tionsclaíocha agus gníomhaireachtaí stáit chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí scileanna sa chontae, ar bearnaí iad a sainaithníodh trí shamhail réamhaisnéisithe na Straitéise. I measc na dtionscnamh scileanna atá beartaithe don bhliain 2026, tá an Chomhairle ag obair ar threoirchlár néara-ionchuimsithe a chur chun feidhme i

gcomhar le geallsealbhóirí, ar STEM a chur chun cinn go leanúnach i bhFine Gall i gcomhpháirt leis an Academy of the Near Future, ar chaidreamh a dhéanamh le scoileanna maidir le faisnéis faoin margadh saothair, ar chur leis an rath a bhí ar an Móraonach 'Xplore Your Future' le 3 bliana anuas, agus Móraonach eile le cur ar siúl sa bhliain 2026, agus ar chur leis an gcéad Chruinniú Mullaigh Scileanna 2025, agus Cruinniú Mullaigh Scileanna eile le cur ar siúl sa bhliain 2026.

**Cláir agus Tionscadail AE**

Sa bhliain 2026, leanfaidh an Chomhairle le páirt a ghlacadh i dTionscadal SKYLA Interreg maidir le scileanna don dá aistriú. Leanfaidh an Chomhairle le dul sa tóir go gníomhach ar dheiseanna nua chun cistí Eorpacha a áirithiú chun eolas agus líonraí comhoibríocha a thógáil ar mhaithe le cuspóirí corparáideacha a chur chun cinn.

**Comhairle Eacnamaíoch agus Tacaíocht Gnó**

Tá sé mar aidhm ag Aonad Forbartha Eacnamaíche na Comhairle a bheith ar an gcéad phointe teagmhála le haghaidh tacaíocht do ghnólachtaí sa chontae agus obair i gcomhar le gníomhaireachtaí agus le comhpháirtithe áitiúla chun geilleagar Fhine Gall a fhorbairt agus a fhás.

Leanfar le tacaí agus anailís beartais a sholáthar ar fud na Comhairle i réimsí amhail forbairt cásanna gnó, anailís tionchair eacnamaíoch, agus tagarmharcáil. Cuireann an obair sin bonn eolais faoi chinnteoireacht Chomhairle Contae Fhine Gall ar fud raon réimsí beartais, lena n-áirítear comhfhorbairt áite, Cathracha Cliste, an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, agus forbairt an gheilleagair tuaithe.

**Margaíocht, agus Infheistíocht a Mhealladh**

Le linn na bliana 2025, dhírigh an Chomhairle ar fhorbairt a dhéanamh ar a cur chuige margaíochta agus brandála le haghaidh forbairt eacnamaíoch agus thionsclaíoch agus le haghaidh infheistíocht a mhealladh sa Chontae. Tá an cur chuige sin ag teacht le straitéisí náisiúnta agus réigiúnacha, agus tá sé mar aidhm leis Fine Gall a chur chun cinn ar leibhéal an chontae mar áit le hinfheistiú ann. Cuirfear limistéir shonracha agus criosanna sonracha laistigh den chontae chun cinn dá bharr freisin. Sa bhliain 2026, cuirfidh an Chomhairle a cur chuige margaíochta chun feidhme chun Crios Fiontraíochta Bhaile Átha Cliath, Baile Stiofáin agus limistéir eile a chur chun cinn mar scothláithreacha le haghaidh infheistíocht gnó.

Mar chuid de Thionscadal Urbact EcoCore, d'fhorbair an Chomhairle Treoir Infheistíochta le haghaidh forbairt thionsclaíoch ar thailte atá faoi úinéireacht na Comhairle ag Baile Stiofáin, Baile Brigín, agus cuirfidh sí brandáil chun feidhme sa bhliain 2026 chun na tailte a mhargú mar chrios suntasach infheistíochta agus fostaíochta. De bhun Creatphlean Bhaile Stiofáin (FP 4.A) agus Creatphlean Bhaile an Phúcaigh Beag (FP 4.B) a ghlacadh i mí Dheireadh Fómhair 2025, cuirfidh an Chomhairle an phleanáil ar Chéim 1 de bhonneagar bóithre a sholáthar i mBaile Stiofáin chun cinn.

Leanfar le caidrimh na Comhairle le gníomhaireachtaí amhail GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann, comhlachais tráchtála áitiúla agus náisiúnta, Fáilte Éireann agus Turasóireacht Éireann a shaothrú agus a fhorbairt.

**An Chonair Eacnamaíoch idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste**
Leanfaidh an Chomhairle lena rannpháirtíocht sa Tionscadal um Chonair Eacnamaíoch idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste, ar tionscnamh comhoibríoch é atá á reáchtáil le seacht n-údarás áitiúla eile atá suite feadh na Conaire idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste. Tá sé mar aidhm leis an tionscadal cruthú post agus forbairt eacnamaíoch a chur chun cinn feadh na conaire, agus rinneadh soláthar chun leanúint leis an gcomhoibriú réigiúnach le comhpháirtithe ina leith, chun dul sa tóir ar dheiseanna chun infheistíocht a chur chun cinn sa chonair eacnamaíoch, agus chun an chonair a mhargú le haghaidh infheistíocht gnó sa bhliain 2026.

**Láithreáin agus Criosanna Eacnamaíocha a Fhorbairt agus a Fheabhsú**

Ghlac na Comhaltaí Tofa Creatphlean Bhaile Stiofáin (FP 4.A) agus Creatphlean Bhaile an Phúcaigh Beag (FP 4.B) i mí Dheireadh Fómhair 2025. Cuirfear seirbhísiú na dtailte tionsclaíocha sin chun cinn sa bhliain 2026. Margófar na tailte go réamhghníomhach freisin ar mhaithe le forbairt eacnamaíoch a áirithiú i mBaile Brigín.

**Clár um Láithreáin Thionsclaíocha a Fheabhsú**

Sa bhliain 2026, seolfar clár Oibreacha Feabhsúcháin ar láithreáin eacnamaíocha agus páirceanna tionsclaíocha atá ann cheana, ar clár é a comhaontaíodh le gnólachtaí áitiúla. Áirítear leis an gclár uasghráduithe agus feabhsuithe ar eastáit ghnó/thionsclaíocha atá ann cheana, mar aon le measúnú agus athbhreithniú a dhéanamh ar chórais chothabhála i limistéir ar fud an chontae.

**Crios Fiontraíochta Bhaile Átha Cliath**
Infheisteofar i dtionscnaimh i gCrios Fiontraíochta Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear Baile Dama, Baile Cúlann agus Cherryhound, chun an bonneagar sa limistéar a fheabhsú agus a uasghrádú agus chun an limistéar a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtaí. Sa bhliain 2026, cuirfidh an tAonad Forbartha Eacnamaíche an phleanáil le haghaidh bonneagar bóithre a sholáthar in Cherryhound chun cinn chun forbairt na talún a éascú. Leagfar diúscairtí faoi bhráid na gComhaltaí Tofa lena gceadú acu sa bhliain 2026.

**Ionaid Fiontraíochta**
Sa bhliain 2025, chuir an Chomhairle athstruchtúrú na dtrí ionad fiontraíochta ina n-eintiteas aonair dar teideal 'Innovate Fingal' chun feidhme. Táthar ag súil leis go rachaidh Bainisteoir Ginearálta le haghaidh 'Innovate Fingal' i mbun dualgais sa chéad ráithe den bhliain 2026 agus go mbrúfaidh an duine sin éifeachtúlacht oibríochtúil agus comhoibriú straitéiseach chun cinn ar fud na dtrí ionad fiontraíochta:

- Ionad Fiontraíochta BASE, Mullach Eadrad (a bunaíodh sa bhliain 1996), agus 30 aonad ann.
- Ionad Fiontraíochta BEAT, Baile Brigín (a bunaíodh sa bhliain 1999), agus 20 aonad ann.
- Ionad Fiontraíochta Dhraighneáin, Sord (a bunaíodh sa bhliain 2010), agus 35 aonad ann.

Tá na rátaí áitíochta ag na trí ionad fiontraíochta de chuid na Comhairle ard go fóill, agus meánrátaí áitíochta ag Ionaid Fiontraíochta Dhraighneáin, BASE agus BEAT os cionn 90%. I dteannta a chéile, tá na trí ionad fiontraíochta ag oibriú de réir áitíocht iomlán, beagnach, agus tá éileamh leanúnach ann ar spás d'fhiontair nuathionscanta, ar spás gorlainne agus ar spás solúbtha cianoibre.

**Coiste Forbartha Pobail Áitiúil**

Tá Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Fhine Gall, lena n-áirítear comhpháirtíocht leis an gCoiste Beartais Straitéisigh Eacnamaíoch, freagrach as formhaoirseacht agus cur chun feidhme a dhéanamh ar Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail Fhine Gall, rud ar ghlac an Chomhairle é i mí Eanáir 2024. Áirítear leis an bPlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail gníomhartha atá le cur i gcrích go díreach ag Comhairle Contae Fhine Gall, mar aon le gníomhartha atá faoi stiúir ag geallsealbhóirí eile forbartha áitiúla nó atá le cur i gcrích i gcomhpháirt leo. Sa bhliain 2026, déanfar athbhreithniú ar an bPlean Cur Chun Feidhme dhá bhliain don Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail ionas gur féidir aon choigeartuithe straitéiseacha is gá a dhéanamh ar mhaithe le héifeachtacht chur chun feidhme an Phlean a chinntiú.

Is é Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Fhine Gall an t-údarás conarthach do Chlár Fhine Gall um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail. Ceapadh Feidhmeoir an Chláir um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail i mí na Nollag 2023 don tréimhse 2024-2028. Leanfaidh Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Fhine Gall le faireachán agus formhaoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chláir um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail agus le cabhrú le Géarchéim na nDídeanaithe ón Úcráin sa bhliain 2026.

In éineacht le Comhpháirtíocht LEADER Fhine Gall, leanfaidh Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Fhine Gall leis an ról cur chun feidhme atá aige a chomhlíonadh, ag oibriú dóibh mar Ghrúpa Gníomhaíochta Áitiúil Tuaithe Bhaile Átha Cliath le haghaidh clár LEADER 2023 - 2027 a chur chun feidhme sa bhliain 2026.

Is é Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Fhine Gall a riarann an Clár Feabhsúcháin Áitiúil agus an Ciste Aitheantais Pobail thar ceann na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail agus na gníomhartha faoin gClár Éire Shláintiúil i bhFine Gall. Cuirfidh Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Fhine Gall Clár Pobal Sláintiúil Sláintecare chun feidhme i limistéar Bhaile Bhlainséir le tacaíocht cistiúcháin ón Roinn Sláinte sa bhliain 2026 freisin.

**Scéim Bonneagair Áineasa Amuigh faoin Spéir**

Ghlac an Chomhairle an Plean Áineasa Amuigh faoin Spéir d'Fhine Gall sa bhliain 2025. Cuirfear iarratais a ceadaíodh le haghaidh cistiú faoin Scéim Bonneagair Áineasa Amuigh faoin Spéir chun feidhme sa bhliain 2026, agus leanfaidh an Coiste Áineasa Amuigh faoin Spéir le hiarratais fhéideartha a choinneáil faoi athbhreithniú i gcomhthéacs an Phlean Áineasa Amuigh faoin Spéir.

## ATHGHINIÚINT UIRBEACH AGUS TUAITHE

### An Oifig um Athghiniúint Bailte

Bunaíodh an Oifig um Athghiniúint Bailte sa bhliain 2023 chun tionscadail athghiniúna a chur chun cinn ar fud an chontae i mBailte agus Sráidbhailte Fhine Gall. Cuirfear prionsabail um Thús Áite do Lár Bailte chun feidhme as seo amach agus Pleananna nua Baile á bhforbairt do Bhailte agus Sráidbhailte Fhine Gall. Cuireadh Pleananna um Thús Áite do Lár Bailte agus seiceálacha Sláinte Baile agus Sráidbhaile i gcrích do Lusca, do Dhomhnach Bat, do Bhaile an Ridire agus do Bhaile Bachaille cheana féin, agus tá siad le críochnú don Ros faoi dheireadh na bliana 2025. Tá an Oifig um Athghiniúint Bailte freagrach as deiseanna athghiniúna a chur chun cinn faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach, faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe, faoi Scéimeanna Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte, faoi Bhearta Forbartha Tionscadail um Thús Áite do Lár Bailte, faoi chistiú LEADER agus faoi dheiseanna eile cistiúcháin a thagann chun cinn ó am go ham. Chomh maith leis sin, ceapann an oifig tionscnaimh nua a théann chun tairbhe do Bhailte agus Sráidbhailte Fhine Gall, lena n-áirítear Scéimeanna Feabhsúcháin Sráid-Dreach agus Seiceálacha Sláinte Baile do shráidbhailte roghnaithe. Rinneadh soláthar chun tionscnaimh a chistiú nó a pháirtchistiú.

### Ár mBaile Brigín

Ag gníomhú di tríd an Oifig um Athghiniúint Bailte, leanann an Chomhairle le ceannaireacht a sholáthar agus le hobair a chur chun cinn ar na gealltanais agus na cuspóirí atá leagtha amach sa Phlean Athnuachana ‘Ár mBaile Brigín’, le tacaíocht ón nGrúpa Ceannaireachta agus ó chúig ghrúpa colúin théamaigh. Déantar le buiséad 2026 soláthar do thionscadail Ríochta Poiblí an Phlean agus an plean gníomhaíochta socheacnamaíche a chur chun feidhme. Déantar soláthar ar leith leis freisin do thacú leis na nithe seo a leanas: gníomhartha comhfhorbartha áite; Baile Brigín a chur chun cinn; imeachtaí éagsúla sa bhaile; tionscnaimh amhail Baile Brigín Cliste; agus cumarsáid maidir leis an dul chun cinn ar thionscadail ríochta poiblí agus ar chuspóirí eile. Rinneadh dul chun cinn suntasach ar an gClár Athnuachana ‘Ár mBaile Brigín’ a chomhlíonadh sa bhliain 2025. Tá obair láithreáin ar siúl do Thionscadal Shráid na Cé, a Purlán agus an Chuain anois, agus an obair sin le bheith críochnaithe den chuid is mó sa chéad ráithe den bhliain 2026. Rinneadh dul chun cinn suntasach ar Thionscadal an Tí Bád agus an Tí Folctha ag Túr Martello freisin. Tá doiciméid tairisceana chun conraitheoir a cheapadh le haghaidh 2-4 Sráid Bhaile Átha Cliath a athfhorbairt le foilsiú sa cheathrú ráithe den bhliain 2025, agus táthar ag coinne leis go gcuirfear tús leis na hoibreacha go luath sa bhliain 2026. Tháinig borradh mór faoi luas soláthair an Chláir Athnuachana ‘Ár mBaile Brigín’ sa bhliain 2025 de bhun McCullough Mulvin Architects, Foireann Deartha Chomhtháite, a cheapadh do Láithreán De Bruns (6-14 Sráid an Droichid). Tá an fhoireann sin ag cur roghanna deartha chun cinn bunaithe ar na húsáidí is fearr is féidir agus ar shrianta láithreáin.

### Tús Áite do Lár Bailte - Lusca

Tá Lusca ar an gcéad bhaile i bhFine Gall a ainmníodh don tionscadal um Thús Áite do Lár Bailte agus tá sé ar an aon bhaile amháin i mBaile Átha Cliath a roghnaíodh mar Bhaile Píolótach don tionscadal. Bunaíodh Foireann Baile i Lusca agus foilsíodh Plean um Thús Áite do Lár Bailte. Leis an bplean baile sin, cuirfear ar chumas Lusca

leas a bhaint as na deiseanna cistiúcháin a spriocdhíreofar ar bhailte an tionscadail um Thús Áite do Lár Bailte sna blianta atá le teacht.

**Tús Áite do Lár Bailte - An Ros**
Roghnaíodh an Ros mar dhara baile i bhFine Gall don tionscadal um Thús Áite do Lár Bailte sa bhliain 2024. Cuireadh Foireann nua Baile le chéile ar an Ros agus cuireadh Plean nua um Thús Áite do Lár Bailte i gcrích.

**An Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte**
Is í an Oifig um Athghiniúint Bailte a riarann na Scéimeanna Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte agus na Scéimeanna Feabhsúcháin Sráid-Dreacha i bhFine Gall.

**Láithreáin Thréigthe**
Is í an Oifig um Athghiniúint Bailte a riarann an fheidhm Láithreán Tréigthe atá ag an gComhairle faoin Acht um Láithreáin Thréigthe, 1990, arna leasú. Eisíodh breis agus 120 fógra reachtúil chuig úinéirí maoine tréigthe faoin Acht um Láithreáin Thréigthe, 1990, sa bhliain 2025. Mar thoradh air sin, cuireadh 16 mhaoin thréigthe eile le Clár na Láithreán Tréigthe. Bhí 30 láithreán ar Chlár na Láithreán Tréigthe i mí Dheireadh Fómhair 2025, i gcomparáid le 12 cheann i mí Dheireadh Fómhair 2024 agus le 6 cinn i mí Dheireadh Fómhair 2023. Leanfar le mórdhíriú a leagan ar láithreáin thréigthe sa bhliain 2026. Ceadaíodh cistiú deontais ón rialtas láir is fiú €10 milliún don Oifig um Athghiniúint Bailte ionas gur féidir léi ciste imrothlach um cheannacháin foirgneamh (Glao 3 faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach) a ghabháil de láimh chun maoine i Lár Bailte atá folamh agus/nó tréigthe a chur in úsáid arís. Trí leas a bhaint as an gciste sin, cuirfear maoine ar ais ar an margadh sa bhliain 2026 agus i mblianta ina diaidh.

**OIFIG FIONTAIR ÁITIÚIL**
Tá Oifig Fiontair Áitiúil Fhine Gall ar cheann amháin de na 31 oifig fiontair áitiúil ar fud na tíre. Is í Oifig Fiontair Áitiúil Fhine Gall an chéad fhoinse le haghaidh tacaí fiontair sa Chontae. Oibríonn an Oifig Fiontair Áitiúil faoi chomhaontú seirbhíse atá i bhfeidhm idir Comhairle Contae Fhine Gall agus Fiontraíocht Éireann. Tá cuspóirí straitéiseacha na hOifige Fiontair Áitiúil leagtha amach sa Phlean Forbartha Fiontair Áitiúil (2021-24), agus sraith gníomhaíochtaí pleanáilte ann don tréimhse ceithre bliana sin. Comhaontaítear spriocanna agus príomhtháscairí feidhmíochta le Fiontraíocht Éireann agus tugtar tuairisc orthu ar bhonn ráithiúil agus bliantúil.

Le linn na bliana 2025, d’oibrigh Oifig Fiontair Áitiúil Fhine Gall le gníomhaireachtaí eile stáit agus le comhpháirtithe chun cúnamh agus dreasachtaí spriocdhírithe a sholáthar don phobal gnó agus d’fhiontraithe ionchasacha. Mar aon le tacaí forbartha airgeadais díreacha a sholáthar, dhírigh an Oifig Fiontair Áitiúil ar roinnt príomhréimsí, lena n-áirítear cumas bainistíochta, nuálaíocht, digitiú, iomaíochas, táirgiúlacht, inbhuanaitheacht, agus forbairt onnmhairiúcháin a fheabhsú agus a chumasú i measc gnólachtaí beaga (a bhfuil suas le 50 fostaí acu).

Faightear buiséad riaracháin ó Fhiontraíocht Éireann, mar aon le bunchistiú le haghaidh seirbhísí comhaontaithe a chur chun feidhme. Tá tacaí do ghnólachtaí catagóirithe ina dhá mbeart, mar atá leagtha amach thíos:

**BEART A hAON AGUS SCÉIMEANNA DEONTAS EILE (Idirghabháil Airgeadais Roghnaíoch)**
Soláthraíonn Oifig Fiontair Áitiúil Fhine Gall raon tacaí airgeadais do ghnólachtaí beaga cáilitheacha atá lonnaithe sa Chontae. Is é príomhaidhm na dtacaí sin fás a spreagadh agus fostaíocht a chruthú i ngnólachtaí nuathionscanta cáilitheacha agus i ngnólachtaí beaga seanbhunaithe ar féidir leo acmhainneacht fáis idirnáisiúnta a léiriú.

Áirítear leis na cineálacha cistiúcháin atá ar fáil Cúnamh Deontais Staidéir Indéantachta/Nuálaíochta (is fiú €15,000 ar a mhéad), cistiú Tionscnaimh Gnó (is fiú €80,000 ar a mhéad de ghnáth, agus é dírithe ar ghnólachtaí nuathionscanta) agus Cúnamh Deontais um Leathnú Gnó (is fiú €80,000 de ghnáth, agus é dírithe ar ghnólachtaí seanbhunaithe). Ina theannta sin, cuirtear deontas "Onnmhairiúcháin" is fiú €10,000 ar a mhéad ar fáil do ghnólachtaí atá ag iarraidh idirnáisiúnú ("Deontas Taiscéalaí Margaidh").

Bhí éileamh suntasach ann ar thacaí cistiúcháin i measc gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag leathnú araon arís eile sa bhliain 2025. Tháinig an scéim deontas "Dearbhán Trádála ar Líne" chun deiridh sa bhliain 2025, agus cuireadh scéim fheabhsaithe nua ar a dtugtar "Fás go Digiteach" ina háit, rud lena méadaítear an luach deontais uasta go €5,000 in aghaidh an iarratais.

Seoladh scéim fheabhsaithe "Deontas Éifeachtúlachta Fuinnimh" an bhliain seo caite freisin. Leis an scéim sin, soláthraítear cistiú chun gnólachtaí beaga a chumasú trealamh agus próisis a chur i bhfeidhm lena gcabhrófar leo a lorg carbóin a laghdú. Méadaíodh an méid deontais uasta go 75% de na costais atá i gceist, agus an uasteorainn á méadú go €10,000.

**BEART A DÓ – GNÍOMHAÍOCHTAÍ (Tacaí Boga)**
Soláthraíonn Oifig Fiontair Áitiúil Fhine Gall tacaí boga. Áirítear leo sin Oiliúint Forbartha Bainistíochta, tionscnaimh tháirgiúlachta, lena n-áirítear Barainneach don Ghnó, Glas don Ghnó, Seirbhísí Comhairleacha Gnó, Meantóireacht, Ionad Ilfhreastail, Líonrú Gnó, tionscnaimh earnála (e.g., tacaí don earnáil bia), tionscnaimh thrádála idirnáisiúnta, agus sraith tionscnamh eile atá ceaptha chun fiontraíocht a chur chun cinn.

Ina theannta sin, eagraíonn Oifig Fiontair Áitiúil Fhine Gall tionscnaimh chun an cultúr áitiúil fiontraíochta a fheabhsú trí chláir amhail an Clár Fiontraíochta Mac Léinn, ar tionscnamh náisiúnta foghlama fiontraíochta é lena gcumasaítear do mhic léinn dara leibhéal a mionghnó féin a bhunú.

Seoladh clár nua darb ainm "Tosaigh ag Onnmhairiú" sa bhliain 2024, rud atá á chistiú ag Fiontraíocht Éireann. Leis an gclár sin, cuirtear feabhas ar chlár Forbartha Onnmhairiúcháin na hOifige Fiontair Áitiúil, agus spriocdhírítear ar ghnólachtaí beaga a bhfuil acmhainneacht acu leathnú isteach i margaí idirnáisiúnta.

I measc na dtacaí forbartha eile a raibh ardéileamh orthu le linn na bliana 2025 bhí an clár Meantóireachta, Clinicí Comhairle Gnó, agus ardáin líonraithe gnó na hOifige Fiontair Áitiúil (Líonra Gnó Fhine Gall agus Líonra Ban Fiontrach Fhine Gall). D'óstáil

an Oifig Fiontair Áitiúil an tSeachtain Fiontair Áitiúil le linn na bliana freisin.

Sa bhliain 2025, lean Oifig Fiontair Áitiúil Fhine Gall leis an gcuid is mó dá cláir a sholáthar i bpearsa. An tráth céanna, thairg sí roghanna ar líne chun roinnt clár a sholáthar d'úinéirí/bainisteoirí agus do ghnólachtaí nuathionscanta.

**CUR CHUN CINN NA TURASÓIREACHTA**

Tá an chéad bhliain de chur chun feidhme Straitéis Turasóireachta Fhine Gall 2024-2029 thart, agus struchtúir i bhfeidhm anois faoin gcreat comhoibríoch ionas gur féidir le Comhairle Contae Fhine Gall idirchaidreamh a dhéanamh le Gnólachtaí Turasóireachta agus le Grúpaí Turasóireachta Áitiúla. Forbraíodh an Plean Margaíochta Ceann Scríbe don Turasóireacht sa bhliain 2025. Tá sé beartaithe an plean sin a sheoladh i dtús na bliana 2026, agus borradh nua á chur faoin obair atá ar bun chun táirge turasóireachta Fhine Gall a mhargú.

Leanann Comhairle Contae Fhine Gall le comhoibriú go dlúth le hÚdaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath, le Líonra Turasóireachta na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil, le Gníomhaireachtaí Náisiúnta Turasóireachta, agus leis an earnáil Turasóireachta chun Fine Gall a chur chun cinn mar cheann scríbe turasóireachta sa tír seo agus thar lear.

**AN FÓIRDHEONTAS D'IONAID EALAÍON**

Tá an fóirdheontas €965,000 ó Chomhairle Contae Fhine Gall d'ionaid ealaíon agus d'eagraíochtaí ealaíon miondealaithe mar a leanas: €480k do Draíocht; €335k d'Ionad Shéamais Mhic Aonghasa; agus €150k d'Institiúid Cheoil agus Amhránaíochta na hÉireann.

**BEARTAS BIA FHINE GALL**

Cuireadh Beartas Bia Fhine Gall 2024-2029 chun cinn mar chomhfhiontar idir na struchtúir chomhoibríocha thurasóireachta ar fud na dtrí shnáithe seo a leanas: Fás Eacnamaíoch; Forbairt Turasóireachta Bia; agus Rannpháirtíocht Pobail. Cabhraíodh leis an mBeartas Bia a chomhlíonadh trí chonraitheoir is speisialtóir san earnáil turasóireachta bia a cheapadh.

Tá Ciorcal Bia Fhine Gall, mar atá sé brandáilte anois, ar bhonn níos láidre sa bhliain 2025, agus rinneadh cuideachta faoi theorainn ráthaíochta de chun cabhrú le deontais éagsúla a tharraingt anuas sna blianta atá le teacht. Chuir Comhairle Contae Fhine Gall dlús le pleananna don chlár margaí bia. Mar thoradh air sin, bunaíodh trí mhargadh bia shéasúracha nua, bunaíodh margadh feirmeoirí, agus tugadh tacaíocht agus comhairle do mhargaí eile atá ann cheana agus do mhargaí nua eile sa Chontae. Rinneadh meastóireacht ar an gclár margaí ag deireadh na bliana d'fhonn a shuí conas dul ar aghaidh sa bhliain 2026.

**CUIBHRINN**

Leanfaidh an Chomhairle le húsáid cuibhreann poiblí a chothú mar mhodh trínar féidir lenár bpobail a gcuid bia féin a fhás agus bia-aistear agus dramhbhia a laghdú mar chuid de na réitigh dhúlrabhunaithe atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide uainn. Soláthraíodh suim €112,300 chun thart ar 900 láithreán cuibhreann a bhainistiú agus a chothabháil go leanúnach i mBaile Bhlainséir, i

nDomhnach Bat, ar na Sceirí agus i mBaile Brigín. Tá páirceáil, soláthar uisce, draenáil agus ithir mhaith ar fáil ag gach cuibhreann de chuid na Comhairle.

Tá ceapacha breise á soláthar ag Cuibhrinn Bhaile Brigín, agus leithdháilfear iad sin ar iarratasóirí atá ar an liosta feithimh faoi láthair. Tá oibreacha deisiúcháin agus athsholáthair fálta sceidealaithe do Chuibhrinn Thuirbhe, áit ar suiteáladh glais nua gheata sa bhliain 2025. Bíonn an Fhoireann Cuibhreann ag dul i dteagmháil le Rannóg Maoine na Rannóige Forbartha Eacnamaíche, Fiontar, Turasóireachta agus Cultúrtha chun scrúdú a dhéanamh ar a indéanta atá sé Cuibhrinn Bhaile an Phaoraigh a leathnú, rud a chuirfeadh ceapacha breise ar fáil chun freastal ar an éileamh sa limistéar áitiúil.

Leanfaidh Comhairle Contae Fhine Gall le hobair i gcomhar leis na Coistí Cuibhreann ar gach ceann de na ceithre láithreán cuibhreann maidir le cothabháil agus oibriú laethúil na láithreán sin.

**LÍONRA RANNPHÁIRTÍOCHTA POBAIL FHINE GALL**

Cuimsíonn Líonra Rannpháirtíochta Pobail Fhine Gall breis agus 900 ceann de ghrúpaí pobail agus d'eagraíochtaí pobail. Cuireadh soláthar €71,600 ar áireamh i mbuiséad 2026 chun tacú le hobair an Líonra Rannpháirtíochta Pobail, agus aird á tabhairt ar an bPlean Straitéiseach nua a glacadh sa bhliain 2025.


**COMHAIRLE NA nÓG**

Is í Comhairle na nÓg an struchtúr trína n-imríonn leanaí agus daoine óga ról maidir le beartais rialtais láir a chur chun feidhme, amhail Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile, agus an Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga (2023-2028). Trí Chomhairle Óg Fhine Gall, faigheann daoine óga atá idir 12 bhliain d'aois agus 17 mbliana d'aois agus a chónaíonn i bhFine Gall deis chun tuairimí a chur in iúl ar bheartais rialtais áitiúil. Leithdháileadh soláthar buiséid €35k ar an Oifig Forbartha Pobail don bhliain 2026 chun tacú leis an obair sin.

# D – Bainistíocht Forbartha


## Caiteachas

| | | |
|---|---|---|
| D01 | Pleanáil Chun Cinn | €3,228,100 |
| D02 | Bainistíocht Forbartha | €11,521,200 |
| D03 | Forfheidhmiú | €2,244,100 |
| D04 | Saoráidí Tionsclaíocha agus Tráchtála | €1,733,300 |
| D05 | An Turasóireacht a Fhorbairt agus a Chur Chun Cinn | €1,569,300 |
| D06 | An Fheidhm Pobail agus Fiontair | €5,331,900 |
| D08 | Rialú Foirgníochta | €2,352,700 |
| D09 | Forbairt Gheilleagrach agus Cur Chun Cinn | €8,746,800 |
| D10 | Bainistíocht Maoine | €2,106,600 |
| D11 | Seirbhísí Oidhreachta agus Caomhantais | €1,276,800 |
| | | **€40,110,800** |




## Ioncam

| | |
|---|---|
| Fiontair, Trádáil agus Fostaíocht | €2,355,300 |
| Deontais agus fóirdheontais eile | €4,975,700 |
| Táillí Pleanála | €1,885,500 |
| Ioncam Eile (lena n-áirítear Ranníocaíochtaí ón Údarás Áitiúil) | €1,442,900 |
| Aoisliúntas | €373,400 |
| | **€11,032,800** |



Tábla F – Caiteachas

Tábla F – Caiteachas

Rannán D – Bainistíocht Forbartha

| Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fosheirbhíse | 2026 | | 2025 | |
|---|---|---|---|---|
| | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara € | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Toradh Measta € |
| D0101 Pleananna Reachtúla agus Beartas Reachtúil | 1,952,400 | 1,952,400 | 1,721,800 | 2,198,500 |
| D0199 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,275,700 | 1,275,700 | 1,017,100 | 1,049,900 |
| **D01 Pleanáil Chun Cinn** | **3,228,100** | **3,228,100** | **2,738,900** | **3,248,400** |
| D0201 Rialú Pleanála | 6,535,700 | 6,535,700 | 5,864,300 | 6,473,700 |
| D0299 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 4,985,500 | 4,985,500 | 4,652,900 | 4,803,200 |
| **D02 Bainistíocht Forbartha** | **11,521,200** | **11,521,200** | **10,517,200** | **11,276,900** |
| D0301 Costais Forfheidhmiúcháin | 1,195,200 | 1,195,200 | 1,037,800 | 1,171,200 |
| D0399 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,048,900 | 1,048,900 | 779,600 | 803,400 |
| **D03 Forfheidhmiú** | **2,244,100** | **2,244,100** | **1,817,400** | **1,974,600** |
| D0401 Oibríochtaí Suíomhanna Tionsclaíocha | 824,000 | 824,000 | 774,000 | 851,700 |
| D0403 Saoráidí Eile Tráchtála a Bhainistiú agus Ranníocaíochtaí ina leith | 185,100 | 185,100 | 148,600 | 173,400 |
| D0404 Obair Ghinearálta chun Forbairt a Chur Chun Cinn | - | - | - | - |
| D0499 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 724,200 | 724,200 | 559,800 | 577,700 |
| **D04 Saoráidí Tionsclaíocha agus Tráchtála** | **1,733,300** | **1,733,300** | **1,482,400** | **1,602,800** |
| D0501 An Turasóireacht a Chur Chun Cinn | 1,310,000 | 1,310,000 | 980,400 | 1,072,200 |
| D0502 Oibríochtaí Saoráidí do Thurasóirí | 34,200 | 34,200 | 35,400 | 30,400 |
| D0599 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 225,100 | 225,100 | 154,900 | 158,300 |
| **D05 An Turasóireacht a Fhorbairt agus a Chur Chun Cinn** | **1,569,300** | **1,569,300** | **1,170,700** | **1,260,900** |
| D0601 Caiteachais Ghinearálta Phobail agus Fiontair | 4,000,100 | 4,000,100 | 3,901,600 | 3,890,500 |
| D0602 Costais ACPIF | - | - | - | - |
| D0603 Cuimsiú Sóisialta | 358,800 | 358,800 | 491,800 | 318,400 |
| D0699 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 973,000 | 973,000 | 893,900 | 924,500 |
| **D06 An Fheidhm Pobail agus Fiontair** | **5,331,900** | **5,331,900** | **5,287,300** | **5,133,400** |
| D0701 Eastáit Tithíochta Neamhchríochnaithe | - | - | - | - |
| D0799 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **D07 Eastáit Tithíochta Neamhchríochnaithe** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| D0801 Costais a bhaineann le Cigireachtaí Rialú Foirgníochta | 1,503,600 | 1,503,600 | 1,343,600 | 1,357,500 |
| D0802 Costais a bhaineann le Forfheidhmiú Rialú Foirgníochta | - | - | - | - |
| D0899 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 849,100 | 849,100 | 743,100 | 771,500 |
| **D08 Rialú Foirgníochta** | **2,352,700** | **2,352,700** | **2,086,700** | **2,129,000** |

| Tábla F – Caiteachas | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannán D – Bainistíocht Forbartha** | | | | |
| **Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fosheirbhíse** | **2026** | | **2025** | |
| | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| D0901 Athnuachan Uirbeach agus Sráidbhaile | 2,171,000 | 2,171,000 | 2,453,100 | 2,443,200 |
| D0902 Tionscadail AE | 498,700 | 498,700 | 120,000 | 152,100 |
| D0903 Nascadh Bailte | 10,500 | 10,500 | 10,500 | 10,500 |
| D0904 An Oifig Eorpach | - | - | - | - |
| D0905 Forbairt Gheilleagrach agus Cur Chun Cinn | 1,146,700 | 1,146,700 | 865,100 | 1,464,700 |
| D0906 Poist, Fiontair agus Nuálaíocht | 2,635,900 | 2,635,900 | 2,794,000 | 2,758,800 |
| D0999 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 2,284,000 | 2,284,000 | 1,363,300 | 1,397,700 |
| **D09 Forbairt Gheilleagrach agus Cur Chun Cinn** | **8,746,800** | **8,746,800** | **7,606,000** | **8,227,000** |
| D1001 Costais Bainistíochta Maoine | 1,479,700 | 1,479,700 | 1,474,400 | 1,242,300 |
| D1099 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 626,900 | 626,900 | 691,800 | 713,300 |
| **D10 Bainistíocht Maoine** | **2,106,600** | **2,106,600** | **2,166,200** | **1,955,600** |
| D1101 Seirbhísí Oidhreachta | 256,300 | 256,300 | 313,700 | 224,700 |
| D1102 Seirbhísí Caomhantais | 193,000 | 193,000 | 104,900 | 113,500 |
| D1103 Deontais Caomhantais | 700,600 | 700,600 | 784,700 | 374,000 |
| D1199 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 126,900 | 126,900 | 126,200 | 129,500 |
| **D11 Seirbhísí Oidhreachta agus Caomhantais** | **1,276,800** | **1,276,800** | **1,329,500** | **841,700** |
| D1201 Seirbhís Gníomhaireachta agus Seirbhís In-fhorchúitithe | - | - | - | - |
| D1299 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **D12 Seirbhísí Gníomhaireachta agus Seirbhísí In-fhorchúitithe** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| **Iomlán Rannán D** | **40,110,800** | **40,110,800** | **36,202,300** | **37,650,300** |

| Tábla F – Ioncam | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannán D – Bainistíocht Forbartha** | | | | |
| **Ioncam de réir Foinse** | **2026** | | **2025** | |
| | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| **Deontais agus Fóirdheontais Rialtais** | | | | |
| Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht | 950,200 | 950,200 | 907,000 | 848,200 |
| Cultúr, Cumarsáid agus an Spórt | - | - | - | - |
| Fiontair, Turasóireacht agus Fostaíocht | 2,355,300 | 2,355,300 | 2,477,400 | 2,896,300 |
| Forbairt Tuaithe agus Pobail agus an Ghaeltacht | 3,359,500 | 3,359,500 | 3,831,300 | 3,677,900 |
| Dlí agus Ceart, Gnóthaí Baile agus Imirce | - | - | - | - |
| Eile | 666,000 | 666,000 | 168,800 | 491,200 |
| **Iomlán Deontas agus Fóirdheontas Rialtais** | **7,331,000** | **7,331,000** | **7,384,500** | **7,913,600** |
| **Earraí agus Seirbhísí** | | | | |
| Táillí Pleanála | 1,885,500 | 1,885,500 | 1,880,500 | 1,885,500 |
| Aoisliúntas | 373,400 | 373,400 | 315,700 | 322,100 |
| Seirbhísí Gníomhaireachta agus Oibreacha is Gá a Aisíoc | - | - | - | - |
| Ranníocaíochtaí ón Údarás Áitiúil | - | - | - | - |
| Ioncam eile | 1,442,900 | 1,442,900 | 1,219,300 | 1,346,800 |
| **Iomlán Earraí agus Seirbhísí** | **3,701,800** | **3,701,800** | **3,415,500** | **3,554,400** |
| **Iomlán Rannán D** | **11,032,800** | **11,032,800** | **10,800,000** | **11,468,000** |

# Rannán E
# SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL

**LÁITHREÁIN THRÉIGTHE**

Is í an Oifig um Athghiniúint Bailte a riarann an fheidhm Láithreán Tréigthe atá ag an gComhairle faoin Acht um Láithreáin Thréigthe, 1990, arna leasú. Sa bhliain 2025, rinneadh 221 chigireacht san iomlán ar 158 láithreán. Aicmíodh 77 gcinn de na láithreáin sin mar láithreáin thréigthe, agus seirbheáladh fógraí alt 11 lenar ceanglaíodh go mbainfí an tréigean. Nuair a rinneadh cigireacht orthu arís, measadh gur chomhlíon 21 cheann de na láithreáin sin na fógraí, agus baineadh an tréigean ansin. Cuireadh 16 láithreán eile leis an gClár. Tá na láithreáin atá fágtha ina n-ábhar do ghníomh forfheidhmiúcháin go fóill.

Bhí 30 láithreán ar Chlár na Láithreán Tréigthe amhail mí Dheireadh Fómhair 2025, i gcomparáid le 12 láithreán i mí Eanáir 2025, ar láithreáin iad a bhí faoi réir an tobhaigh ar láithreáin thréigthe. Gearrfar tobhaigh arís i leith láithreáin a bheidh ar an gClár amhail an 1 Eanáir 2026.

Leanfar le mórdhíriú a leagan ar láithreáin thréigthe sa bhliain 2026. Tá comhaid á n-ullmhú faoi láthair chun láithreáin thréigthe a fháil trí úsáid a bhaint as cistiú ceadaithe ón gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach, d'fhonn maoine a thabhairt ar ais ar an margadh sa bhliain 2026.

**LÍONTAÍ TALÚN A OIBRIÚ AGUS A CHOTHABHÁIL AGUS IARCHÚRAM A THABHAIRT DÓIBH**

Cumhdaíonn an tseirbhís seo bainistíocht comhshaoil, athbhunú agus iarchúram Líonadh Talún Bhaile Amhlaoibh agus Líonadh Talún Dhún Since, imscrúdú, agus an ceanglas reachtúil chun líontaí talún stairiúla a thabhairt chun rialtachta agus chun muirir a mhaoiniú do thionscadal Líonadh Talún Neimhead. Áirítear leis an obair leanúnach slándáil láithreáin, bainistíocht gáis agus láisteáite líontaí talún agus oibreacha gaolmhara innealtóireachta, faireachán comhshaoil, agus cothabháil tailte.

Leanfar le hoibreacha cothabhála caipitil a dhéanamh sa bhliain 2026, agus áireofar leo na hoibreacha innealtóireachta a bheidh ag teastáil chun bainistíocht bonneagair gáis agus láisteáite a chothabháil/a uasghrádú. Tá na hoibreacha riachtanacha liostaithe sa Chlár Caipitil. Tá oibreacha caipitil ag teastáil freisin chun Líonadh Talún Bhaile Amhlaoibh a aistriú ina Pháirc Réigiúnach. Tá muirir ann freisin a bhaineann leis an soláthar do dhliteanais chomhshaoil do Líonadh Talún Bhaile Amhlaoibh agus do Líonadh Talún Dhún Sinche araon.

**BAINISTÍOCHT CONARTHAÍ I LEITH SAORÁIDÍ AISGHABHÁLA AGUS ATHCHÚRSÁLA**

Cumhdaíonn an tseirbhís seo na costais uile a bhaineann le hIonad Athchúrsála an Inbhir agus Ionad Athchúrsála Chúil Mhín, mar aon leis an líonra ionad 'fág anseo' de chuid na Comhairle a oibriú. Rinneadh soláthar €3.37m don chostas a bheidh ag baint leis na seirbhísí sin a sholáthar sa bhliain 2026. Tugadh muirir mhéadaithe isteach le linn na bliana 2025 chun freastal ar an easnamh méadaitheach ar chostais

chaiteachais agus ar leathnú na seirbhíse ag Cúil Mhín, rud a tugadh isteach i mí na Bealtaine 2025.

**FORFHEIDHMIÚ BRUSCAIR**

Cumhdaíonn an tseirbhís seo forfheidhmiú na nAchtanna um Thruailliú ó Bhruscar trí Sheirbhís Maorachta Bruscair na Comhairle, lena n-áirítear patróil laethúla, faireachán ar ionaid 'fág anseo', imscrúduithe ar thruailliú ó bhruscar, ionchúisimh chúirte, agus TCI a thabhairt isteach an athuair ar fud an chontae chun athchiontóirí a dhíspreagadh agus/nó a shainaithint. Beidh an tseirbhís Maorachta Bruscair ag aistriú ina seirbhís seacht lá sa tseachtain sa bhliain 2026. Cumhdaíonn sí freisin feachtais faisnéise chun feasacht a mhúscailt faoi bhruscar i measc scoileanna, gnólachtaí agus an mhórphobail. Rinneadh soláthar €711,200 don chostas a bheidh ag baint leis na seirbhísí sin a sholáthar sa bhliain 2026.

**GLANTACHÁN SRÁIDE**

Rinneadh soláthar €8m do ghlantachán sráide, mar aon le soláthar leanúnach €537,000 d'araidí gréine a léasú. Tá soláthar €20,000 ann i ngach limistéar le haghaidh araidí sráide caighdeánacha sa bhreis a shuiteáil i limistéir ina mbíonn ardlíon daoine i láthair. Áirítear leis an soláthar leanúnach do ghlantachán sráide soláthar do na míonna gnóthacha samhraidh ar ár spásanna oscailte poiblí agus ar ár dtránna.

**PLEAN CIGIREACHTA COMHSHAOIL (ÍOSCHRITÉIR MHOLTA LE hAGHAIDH CIGIREACHTAÍ COMHSHAOIL)**

Is faoi Phlean Cigireachta Comhshaoil bliantúil a bhainistítear obair an aonaid um Dhramhaíl, Cáilíocht an Uisce, Bruscar agus Aer agus Torann, ar plean é a chuirtear faoi bhráid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil gach bliain. Déanann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil measúnú ar fheidhmíocht an údaráis áitiúil maidir leis an bplean agus na tosaíochtaí náisiúnta atá leagtha síos ag an nGníomhaireacht a chur chun feidhme. Is go luath sa bhliain 2026 a ullmhófar an plean don bhliain 2026. Tuairiscítear an líon cigireachtaí ar bhonn ráithiúil i dtuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh.

**RIALÚ, FAIREACHÁN AGUS FORFHEIDHMIÚ DRAMHAÍOLA**

Leanann Aonad Forfheidhmiúcháin Dramhaíola an Rannáin Comhshaoil le comhlíonadh na Rialachán um Bainistiú Dramhaíola a chinntiú. Cuirtear an obair sin ar áireamh sa Phlean Cigireachta Comhshaoil (an Plean um Íoschritéir Mholta le haghaidh Cigireachtaí Comhshaoil) atá tuairiscithe thuas. Ba iad seo a leanas na príomhréimsí ar tugadh aghaidh orthu:

- Ceadanna Saoráidí Dramhaíola
- Ceadanna Bailithe Dramhaíola
- Dumpáil Neamhdhleathach
- Dramhaíl Tógála agus Scartála
- Dramhbhia Teaghlaigh agus Tráchtála
- Gearáin Dramhaíola
- Fodhlíthe um Thíolacadh Dramhaíola
- Feithiclí a bhfuil a Ré Caite agus Inrianaitheacht Miotail
- Tionscnaimh Freagrachta Táirgeora, pacáistiú, boinn, dramhthrealamh

leictreach agus leictreonach, ceallraí, dramhaíl ghuaiseach, an Scéim Aisíoca Éarlaise, Plaistigh Aon Úsáide, agus feithiclí allmhairithe.

**PLEANÁIL BAINISTÍOCHTA DRAMHAÍOLA**

Cumhdaíonn an tseirbhís seo costais a bhaineann le pleanáil bainistíochta dramhaíola agus le hoifig Réigiúnach Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre a oibriú.

**IONAID ADHLACTHA A CHOTHABHÁIL**

Cuireadh suim €2.5m ar fáil do na hoibreacha leanúnacha cothabhála agus forbartha ag ár n-ionaid adhlactha.

Tá 36 ionad adhlactha faoi bhainistiú ag an gComhairle, agus leanfar le hiad sin a chothabháil de réir ardchaighdeáin i rith na bliana atá le teacht. Tosaíodh an reilig nua i mBaile Uí Cheallaigh sa bhliain 2025 agus críochnófar sa chéad ráithe den bhliain 2026 í.

**SEIRBHÍS DÓITEÁIN A OIBRIÚ AGUS COSC DÓITEÁIN**

Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a sholáthraíonn an tSeirbhís Dóiteáin d’Fhine Gall. Tá seirbhísí iomlána Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear an tSeirbhís Otharchairr, ar fáil chun déileáil le teagmhais agus éigeandálaí i bhFine Gall, más gá. Meastar gurb é €27.3m sciar Fhine Gall de chostas na seirbhíse dóiteáin sa bhliain 2026.

**AN tAONAD UM THRUAILLIÚ UISCE**

Tá an tAonad um Thruailliú Uisce freagrach as na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) a fhorfheidhmiú, as na Rialacháin um Uisce Snámha a chur chun feidhme agus a bhainistiú agus as uiscí a chosaint agus a fheabhsú, mar atá mionsonraithe sa Phlean Bainistíochta Abhantraí 2022-2027.

Gach bliain, ceanglaíonn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ar an aonad plean cuimsitheach cigireachtaí comhshaoil, ar a dtugtar an Plean um Íoschritéir Mholta le haghaidh Cigireachtaí Comhshaoil, a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Is é is aidhm do na tosaíochtaí sin aghaidh a thabhairt ar na tionchair a bhíonn ag fuíolluisce talmhaíochta, trádála agus tí agus ag brúnna eile idirleata agus poncfhoinse ar cháilíocht an uisce inár n-aibhneacha agus inár ndobharlaigh screamhuisce agus chósta. Áirítear na nithe seo a leanas leis an bplean:

- Teagmhais truaillithe uisce a imscrúdú
- Faireachán agus ceadúnú a dhéanamh ar dhoirteadh eisiltigh trádála isteach san uisce
- Cáilíocht an uisce snámha a bhainistiú ag deich láithreán shainaitheanta agus ag láithreán amháin eile a ndéantar faireachán air.
- Faireachán a dhéanamh ar cháilíocht an uisce abhann
- Suirbhéanna feirme a dhéanamh (faoi na Rialacháin um Dhea-Chleachtas Talmhaíochta)
- Cur chun feidhme a dhéanamh ar an bPlean Cigireachta Náisiúnta ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil i leith córais cóireála fuíolluisce tí.

Oibríonn an tAonad i ndlúthchomhar le hOifig Pobal Uisce na nÚdarás Áitiúil (LAWCO), le hOifig Chlár Uiscí na nÚdarás Áitiúil (LAWPRO) agus leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil chun an Plean a chur chun feidhme. Cumhdaíonn an tseirbhís an costas a bhaineann leis na cigireachtaí thuasluaite a acmhainniú, na muirir a bhaineann le hanailís saotharlainne ag an tSaotharlann Lárnach, agus an costas a bhaineann le taighde comhoibríoch le hinstitiúidí áitiúla tríú leibhéal.

**CÁILÍOCHT AN AEIR AGUS TRUAILLIÚ TORAINN**
Cabhraíonn an Rannán Comhshaoil leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil faireachán a dhéanamh ar thruailliú aeir ag Bóthar na hAbhann, Baile Bhlainséir, agus ag Lána an Uisce, Sord. Tá na stáisiúin faireacháin sin mar chuid de líonra náisiúnta na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil. Soláthraítear leo sonraí fíor-ama, beagnach, faoi $NO_2$, $PM_{10}$ agus $O_3$ (Ózón).

Pléann an t-aonad le gearáin faoi thruailliú Aeir agus Torainn agus ullmhaíonn sé pleananna gníomhaíochta torainn le haghaidh torann bóithre agus iarnróid.

**ÚDARÁS INNIÚIL UM THORANN AERÁRTHAÍ**
Ainmníodh Comhairle Contae Fhine Gall mar Údarás Inniúil chun críocha torainn aerárthaí faoin Acht um Thorann Aerárthaí (Aerfort Bhaile Átha Cliath) a Rialáil, 2019. De réir alt 5 den Acht um Thorann Aerárthaí (Aerfort Bhaile Átha Cliath) a Rialáil, 2019, gearrtar tobhach ar an údarás aerfoirt d’Aerfort Bhaile Átha Cliath i leith na gcostas a thabhaíonn Comhairle Contae Fhine Gall ina cáil mar údarás inniúil.

**FEASACHT COMHSHAOIL**
Rinneadh soláthar €374,800 don chlár Feasachta Comhshaoil don bhliain 2026, lena n-áirítear gníomhaíochtaí faoi na ceannteidil seo a leanas:

**Feasacht Comhshaoil agus Cosc Dramhaíola**
- Tacú le feachtais Náisiúnta agus Réigiúnacha agus le tionscnaimh de chuid na nÚdarás Áitiúil i mBaile Átha Cliath.
- Cláir agus deontais do scoileanna agus Clár na Scoileanna Glasa, Athchúrsáil agus Múiríniú do Scoileanna, Picker Pals, agus ceardlanna ar théamaí comhshaoil, amhail an Geilleagar Ciorclach, Mearfhaisean, Bithéagsúlacht, Gníomhú ar son na hAeráide, agus Forbairt Inbhuanaithe.
- Tacú le Comórtas Relove Fashion agus leis an gclár Let’s Fix Fashion.
- Pobail – cistiú do thionscadail gharraíodóireachta agus bhithéagsúlachta, agus an tionscnamh pobail um múiríniú duillí.
- Tionscadal Gléasanna Fhine Gall – gléasanna ceoil a dheisiú, a athúsáid agus a athdháileadh.
- Tionscadal Deisiúcháin Rothar Fhine Gall – rothair a dheisiú, a athúsáid agus a athdháileadh.
- Tionscadal Fhine Gall um Péint do Phobail – péint athchúrsáilte a sholáthar do ghrúpaí pobail agus do scoileanna.
- Trealamh Malartaithe Éadaí Fhine Gall – trealamh malartaithe éadaí a sholáthar do ghrúpaí pobail agus do scoileanna.
- Ceardlanna agus turais oideachasúla ag Ionad Athchúrsála an Inbhir.
- Faisnéis a sholáthar faoi dhramhaíl tí mar chuid de Chúrsaí Ionduchtúcháin

Tionóntaí.

- Keen to be Green – Obair i gcomhar le 30 Ionad Pobail chun dea-chleachtas san inbhuanaitheacht a chinntiú.
- Coimeádáin dramhbhia a dháileadh le linn Sheachtain Bhaile Átha Cliath um Ghníomhú ar son na hAeráide agus ag Blasanna Fhine Gall. Chomh maith leis sin, dáiltear coimeádáin dramhbhia le linn na Seachtaine Náisiúnta um Dhramhbhia a Chosc, ar lena linn a reáchtáiltear ceardlanna maidir le dramhbhia a chosc agus maidir le múiríniú tí freisin.
- Ábhair cur chun cinn, lena n-áirítear grafaicí faisnéise agus ábhar ar líne chun feachtais feasachta comhshaoil agus frithbhruscair a chur chun cinn.

**Gníomhaíochtaí Frithbhruscair agus Frithghraifítí**

- Dáiltear bailitheoirí bruscair, dáileoirí málaí madra agus málaí madra ar na deich mol-ionad pobail, a sholáthraíonn iad ina dhiaidh sin don phobal.
- Comórtas bliantúil Frithbhruscair agus Frithghraifítí.

**GNÍOMHÚ AR SON NA hAERÁIDE**

Déanann an rannóg um Ghníomhú ar son na hAeráide comhordú ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024-2029, agus tugann sí tuairisc ar dhul chun cinn ar chur chun feidhme an Phlean. Is iad na rannóga faoi seach atá freagrach astu a bhuiséadaíonn do na gníomhartha éagsúla faoin bPlean. Cumhdaíonn an leithdháileadh buiséid faoin rannán seo costais a bhaineann leis na nithe seo a leanas:


- Ranníocaíocht airgeadais €323,000 le Gníomhaireacht Bainistíochta Fuinnimh Chathair Bhaile Átha Cliath (Codema) don bhliain 2026. Agus é á mhaoiniú ag na ceithre Údarás Áitiúla i mBaile Átha Cliath, tugann Codema cúnamh teicniúil i ndáil le héifeachtúlachtaí fuinnimh agus le beartas, pleanáil agus tionscadail fuinnimh ar an leibhéal áitiúil.
- Roinnt gníomhartha a chur chun feidhme faoin Rannán Comhshaoil
- Cur leis na gníomhartha atá ann cheana faoin gClár um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide, mar aon le gníomhartha nua a fhorbairt agus a chur chun feidhme
- Gníomhaíochtaí feasachta ar ghníomhú ar son na haeráide agus ábhar cur chun cinn
- Seirbhísí comhairleoireachta agus tacaí coimhdeacha, lena n-áirítear i ndáil le measúnú a dhéanamh ar an acmhainneacht atá ann scéimeanna Téimh Ceantair a reáchtáil laistigh den Chontae agus Crios Dícharbónaithe a fhorbairt laistigh den Chontae.
- Snáithe 1 den Chlár um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide, Pobail Ísealcharbóin a Thógáil, a riar

Tá na gníomhartha faoin gClár um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide agus faoin bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, a bhfuil tréimhse cúig bliana i gceist leo, á gcur chun feidhme faoi láthair, agus roinnt éachtaí suntasacha á ngnóthú cheana féin.

# E – Seirbhísí Comhshaoil


## Caiteachas

| | | |
|---|---|---|
| E01 | Líontaí Talún a Oibriú agus Iarchúram | €2,748,300 |
| E02 | Oibríochtaí Saoráidí Aisghabhála agus Athchúrsála | €4,744,800 |
| E03 | Saoráidí ina nDéantar Fuinneamh de Dhramhaíl | €896,600 |
| E05 | Bainistíocht Bruscair | €1,517,800 |
| E06 | Glantachán Sráide | €9,750,500 |
| E07 | Faireachán a Dhéanamh ar na Rialacháin Dramhaíola agus iad a Fhorfheidhmiú | €1,525,300 |
| E08 | Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola | €286,800 |
| E09 | Ionaid Adhlactha a Chothabháil | €3,178,800 |
| E10 | Sábháilteacht Déanmhas agus Áiteanna | €1,468,500 |
| E11 | Seirbhís Dóiteáin a Oibriú | €27,324,400 |
| E12 | Cosc Dóiteáin | €255,300 |
| E13 | Cáilíocht an Uisce, Aer agus Truailliú Torainn | €3,465,000 |
| E15 | An tAthrú Aeráide agus Tuile | €2,236,900 |
| | | **€59,399,000** |




## Ioncam

| | |
|---|---|
| Gníomhú ar son na hAeráide agus Líonraí Cumarsáide | €1,251,900 |
| Deontais agus fóirdheontais eile | €110,000 |
| Ioncam Eile | €4,159,100 |
| Ranníocaíochtaí ón Údarás Áitiúil | €1,546,900 |
| Muirir Dramhaíola Tí | €1,475,000 |
| Muirir Dhóiteáin | €1,500,000 |
| Aoisliúntas | €298,200 |
| | **€10,341,100** |



Tábla F – Caiteachas

Tábla F – Caiteachas

Rannán E – Seirbhísí Comhshaoil

| Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fosheirbhíse | 2026 | | 2025 | |
|---|---|---|---|---|
| | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara € | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Toradh Measta € |
| E0101 Oibríochtaí Líontaí Talún | 1,196,300 | 1,196,300 | 1,185,100 | 1,233,900 |
| E0102 Ranníocaíocht i leith Saoráidí Líonadh Talún de chuid Údaráis Áitiúla eile | - | - | - | - |
| E0103 Costais Iarchúraim Líontaí Talún | 893,700 | 893,700 | 822,000 | 911,100 |
| E0199 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 658,300 | 658,300 | 572,300 | 593,900 |
| **E01 Líontaí Talún a Oibriú agus Iarchúram** | **2,748,300** | **2,748,300** | **2,579,400** | **2,738,900** |
| E0201 Oibríochtaí Saoráidí Athchúrsála | 23,900 | 23,900 | 70,000 | 20,500 |
| E0202 Oibríochtaí Ionad ‘Fág Anseo’ | 4,177,400 | 4,177,400 | 3,935,200 | 3,979,100 |
| E0204 Seirbhísí Eile Athchúrsála | 31,400 | 31,400 | 44,500 | 30,400 |
| E0299 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 512,100 | 512,100 | 527,600 | 542,500 |
| **E02 Oibríochtaí Saoráidí Aisghabhála agus Athchúrsála** | **4,744,800** | **4,744,800** | **4,577,300** | **4,572,500** |
| E0301 Oibríochtaí Saoráidí ina nDéantar Fuinneamh de Dhramhaíl | 896,400 | 896,400 | 871,400 | 896,400 |
| E0399 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 200 | 200 | 200 | 200 |
| **E03 Oibríochtaí Saoráidí ina nDéantar Fuinneamh de Dhramhaíl** | **896,600** | **896,600** | **871,600** | **896,600** |
| E0401 Seirbhísí Bailithe Dramhaíola In-athchúrsáilte | - | - | - | - |
| E0402 Seirbhísí Bailithe Dramhaíola Orgánaí | - | - | - | - |
| E0403 Seirbhísí Bailithe Dramhaíola Iarmharaí | - | - | - | - |
| E0404 Seirbhísí Bailithe Dramhaíola Tráchtála | - | - | - | - |
| E0406 Ranníocaíocht i leith Seirbhísí Bailithe Dramhaíola | - | - | - | - |
| E0407 Costais Eile a bhaineann le Bailiú Dramhaíola | - | - | - | - |
| E0499 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **E04 Seirbhísí Bailithe Dramhaíola a Sholáthar** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| E0501 Seirbhís Maor Bruscair | 711,200 | 711,200 | 753,800 | 653,700 |
| E0502 Tionscnaimh Rialaithe Bruscair | - | - | - | - |
| E0503 Seirbhísí Feasachta Comhshaoil | 375,100 | 375,100 | 370,300 | 372,000 |
| E0599 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 431,500 | 431,500 | 453,900 | 467,600 |
| **E05 Bainistíocht Bruscair** | **1,517,800** | **1,517,800** | **1,578,000** | **1,493,300** |
| E0601 Seirbhís Glantacháin Sráide a Oibriú | 7,494,000 | 7,494,000 | 7,139,300 | 7,067,900 |
| E0602 Araidí Bruscair a Sholáthar agus a Fheabhsú | 537,000 | 537,000 | 493,600 | 493,200 |
| E0699 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,719,500 | 1,719,500 | 1,610,600 | 1,660,800 |
| **E06 Glantachán Sráide** | **9,750,500** | **9,750,500** | **9,243,500** | **9,221,900** |
| E0701 Faireachán a Dhéanamh ar na Rialacháin Dramhaíola (lena n-áirítear Saoráidí Príobháideacha Líonadh Talún) | 34,400 | 34,400 | 30,000 | 28,400 |
| E0702 Na Rialacháin Dramhaíola a Fhorfheidhmiú | 1,045,600 | 1,045,600 | 1,073,500 | 826,900 |
| E0799 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 445,300 | 445,300 | 459,500 | 476,400 |
| **E07 Faireachán a Dhéanamh ar na Rialacháin Dramhaíola agus iad a Fhorfheidhmiú** | **1,525,300** | **1,525,300** | **1,563,000** | **1,331,700** |

| Tábla F – Caiteachas | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Rannán E – Seirbhísí Comhshaoil | | | | |
| Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fosheirbhíse | 2026 | | 2025 | |
| | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara € | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Toradh Measta € |
| E0801 Plean Bainistíochta Dramhaíola | 237,300 | 237,300 | 246,700 | 237,200 |
| E0802 Ranníocaíocht i leith Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola de chuid Comhlachtaí Eile | - | - | - | - |
| E0899 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 49,500 | 49,500 | 52,700 | 54,400 |
| **E08 Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola** | **286,800** | **286,800** | **299,400** | **291,600** |
| E0901 Ionaid Adhlactha a ChothabháilE0999 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 2,453,800<br>725,000 | 2,503,800<br>725,000 | 1,990,500<br>658,200 | 2,326,400<br>679,700 |
| **E09 Ionaid Adhlactha a Chothabháil** | **3,178,800** | **3,228,800** | **2,648,700** | **3,006,100** |
| E1001 Costais Oibríochta na Cosanta Sibhialta | 250,000 | 250,000 | 229,000 | 240,000 |
| E1002 Foirgnimh Chontúirteacha | 127,600 | 127,600 | 103,100 | 124,900 |
| E1003 Pleanáil Éigeandála | 171,000 | 171,000 | 83,400 | 187,100 |
| E1004 Láithreáin Thréigthe | 246,700 | 246,700 | 111,700 | 119,400 |
| E1005 Oibríochtaí Sábháilteachta Uisce | 234,500 | 234,500 | 320,500 | 215,100 |
| E1099 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 438,700 | 438,700 | 368,300 | 382,500 |
| **E10 Sábháilteacht Déanmhas agus Áiteanna** | **1,468,500** | **1,468,500** | **1,216,000** | **1,269,000** |
| E1101 Seirbhís Briogáide Dóiteáin a Oibriú | 27,322,900 | 27,322,900 | 25,852,300 | 26,212,000 |
| E1103 Oiliúint Seirbhísí Dóiteáin | - | - | - | - |
| E1104 Seirbhís Otharcharranna a Oibriú | - | - | - | - |
| E1199 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,500 | 1,500 | 1,900 | 2,000 |
| **E11 Seirbhís Dóiteáin a Oibriú** | **27,324,400** | **27,324,400** | **25,854,200** | **26,214,000** |
| E1201 Costais a bhaineann le Deimhnithe um Rialú Sábháilteachta Dóiteáin | 177,100 | 177,100 | 160,000 | 179,400 |
| E1202 Cosc Dóiteáin agus Oideachas ina leith | - | - | - | - |
| E1203 Cigireacht agus Faireachán a Dhéanamh ar Shaoráidí Tráchtála | - | - | - | - |
| E1299 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 78,200 | 78,200 | 105,100 | 108,300 |
| **E12 Cosc Dóiteáin** | **255,300** | **255,300** | **265,100** | **287,700** |
| E1301 Cáilíocht an Uisce a Bhainistiú | 714,900 | 714,900 | 636,000 | 713,300 |
| E1302 Cáilíocht an Aeir agus an Torainn a Cheadúnú agus Faireachán a Dhéanamh uirthi | 1,727,400 | 1,727,400 | 1,448,900 | 1,709,500 |
| E1399 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,022,700 | 1,022,700 | 724,900 | 747,800 |
| **E13 Cáilíocht an Uisce, Aer agus Truailliú Torainn** | **3,465,000** | **3,465,000** | **2,809,800** | **3,170,600** |
| E1401 Seirbhís Gníomhaireachta agus Seirbhís In-fhorchúitithe | - | - | - | - |
| E1499 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **E14 Seirbhísí Gníomhaireachta agus Seirbhísí In-fhorchúitithe** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| E1501 An tAthrú Aeráide agus Tuile | 1,840,300 | 1,840,300 | 977,900 | 1,750,600 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| E1599 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 396,600 | 396,600 | 297,900 | 307,400 |
| **E15 An tAthrú Aeráide agus Tuile** | **2,236,900** | **2,236,900** | **1,275,800** | **2,058,000** |
| **Iomlán Rannán E** | **59,399,000** | **59,449,000** | **54,781,800** | **56,551,900** |

| Tábla F – Ioncam | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannán E – Seirbhísí Comhshaoil** | | | | |
| **Ioncam de réir Foinse** | **2026** | | **2025** | |
| | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| **Deontais agus Fóirdheontais Rialtais** | | | | |
| Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht | 10,000 | 10,000 | - | 10,000 |
| Coimirce Shóisialach | - | - | - | - |
| Cosaint | - | - | - | - |
| Aeráid, Comhshaol agus Fuinneamh | 1,201,900 | 1,201,900 | 576,200 | 1,041,900 |
| Eile | 100,000 | 100,000 | 100,000 | 100,000 |
| **Iomlán Deontas agus Fóirdheontas Rialtais** | **1,311,900** | **1,311,900** | **676,200** | **1,151,900** |
| **Earraí agus Seirbhísí** | | | | |
| Muirir Dramhaíola Tí | 1,475,000 | 1,475,000 | 1,456,000 | 1,450,000 |
| Muirir Dramhaíola Tráchtála | - | - | - | - |
| Muirir Líontaí Talún | 50,000 | 50,000 | - | 10,000 |
| Muirir Dhóiteáin | 1,500,000 | 1,500,000 | 1,500,000 | 1,500,000 |
| Aoisliúntas | 298,200 | 298,200 | 271,600 | 277,200 |
| Seirbhísí Gníomhaireachta agus Oibreacha is Gá a Aisíoc | - | - | - | - |
| Ranníocaíochtaí ón Údarás Áitiúil | 1,546,900 | 1,546,900 | 1,693,300 | 2,570,000 |
| Ioncam eile | 4,159,100 | 4,159,100 | 3,674,800 | 4,008,200 |
| **Iomlán Earraí agus Seirbhísí** | **9,029,200** | **9,029,200** | **8,595,700** | **9,815,400** |
| **Iomlán Rannán E** | **10,341,100** | **10,341,100** | **9,271,900** | **10,967,300** |

# Rannán F
# ÁINEAS AGUS TAITNEAMHACHT

## TURASÓIREACHT AGUS FORBAIRT CHULTÚRTHA

### LEABHARLANNA

Mar atá luaite i bPlean Forbartha Sheirbhís Leabharlainne Fhine Gall 2024–2029, leanfaidh ár leabharlanna le bheith ina spásanna pobail dinimiciúla cuimsitheacha ina dtacaítear le cultúr, áineas, litearthacht, oideachas, agus foghlaim ar feadh an tsaoil. Trínár gcuid seirbhísí, bímid ag freagairt do riachtanais ár bpobal éagsúil, ag caomhnú fhéiniúlacht stairiúil uathúil Fhine Gall, agus ag tabhairt rochtain ar an bhféiniúlacht sin, agus ag réamh-mheas riachtanais seirbhíse amach anseo.

Chaith Comhairle Contae Fhine Gall €56.23 in aghaidh an duine den daonra ar sheirbhísí leabharlainne sa bhliain 2025. Éascaíonn an caiteachas sin rochtain saor in aisce ar leabhair agus ar raon leathan acmhainní leictreonacha, ar chlár gníomhaíochtaí agus imeachtaí ina soláthraítear faisnéis agus siamsaíocht, agus ar spásanna ina dtagann daoine le chéile, ina ndéanann siad caidreamh le chéile, ina gcruthaíonn siad agus ina bhfoghlaimíonn siad. Bíonn ár leabharlanna ar oscailt sé lá sa tseachtain, agus bíonn baill foirne ar fáil iontu ar feadh 47 n-uaire sa tseachtain ar an meán, atá ar cheann de na figiúirí is airde sa tír.

Chun cur leis an rath a bhí ar 'Mo Leabharlann Oscailte' ag Leabharlann Bhaile Dúill, atá ar an gcéad cheann dá leithéid de chuid na Comhairle, leathnófar an tsaoráid sin sa bhliain 2026 chuig Leabharlann Mhullach Íde, chuig Leabharlann Bhaile Bhlainséir, agus chuig Leabharlann na Sceirí, rud a athchóiríodh le déanaí. Fadófar uaireanta oscailte na dtrí bhrainse sin chun go mbeidh siad ar oscailt ar an Domhnach, go luath ar maidin ó 8am agus go déanach san oíche go 10pm. Oibreoidh Leabharlann Dhomhnach Bat mar 'Mo Leabharlann Oscailte' freisin. Is leabharlann nua í sin atá suite ag Teach Bhaile Uisce, a bhí ina fhoirgneamh Comhair Creidmheasa roimhe sin.

Sa bhliain 2026, beidh an Chomhairle tiomanta go fóill do chroísheirbhísí leabharlainne a sholáthar saor in aisce agus do spás sábháilte, neodrach agus daonlathach a sholáthar do shaoránaigh Fhine Gall. Tá léitheoireacht, litearthacht agus soláthar faisnéise ina ngnéithe lárnacha dár misean go fóill. Chuige sin, rinneadh soláthar €1.32m don chiste leabhar, lena n-áirítear stoc fisiciúil agus ríomhleabhair, ríomh-chlosleabhair agus ríomhacmhainní eile a cheannach. I straitéis náisiúnta na leabharlann poiblí 2023-2027 dar teideal 'Is í an Leabharlann an Áit', leagtar sprioc síos go gcaithfeadh gach údarás áitiúil €4 in aghaidh an duine ar chiste leabhar bliantúil. Trí €1.32m a leithdháileadh ar chiste leabhar leabharlainne Fhine Gall i mbuiséad 2026, tá an sprioc sin á comhlíonadh ag an gComhairle. Cinntíonn sé sin infheistíocht leanúnach i leabhair agus in acmhainní leictreonacha, agus léitheoireacht agus litearthacht á gcur chun cinn ar fud an Chontae.

Áirítear lenár gcláir chultúrtha, oideachais agus áineasa féilte bliantúla staire, scríbhneoireachta cruthaithí agus litríochta do leanaí, agus bíonn an tóir atá orthu

ag méadú bliain i ndiaidh bliana. Eagraímid imeachtaí faoi chláir náisiúnta amhail Éire Shláintiúil ag do Leabharlann, an Ceart chun Léamh, agus Scileanna don Saol freisin. Leithdháileadh suim €295,100 ar na cláir sin faoi bhuiséad 2026.

**MAOINE OIDHREACHTA AGUS NITHE IS DÍOL SPÉISE DO CHUAIRTEOIRÍ**

Is é an Rannán Forbartha Turasóireachta agus Cultúrtha a dhéanann rialú, cothabháil agus forbairt ar na Maoine Oidhreachta de chuid na Comhairle a oibríonn mar Nithe is Díol Spéise do Chuairteoirí. Is trí chuideachtaí sealbhaíochta agus oibritheora a dhéanann sé amhlaidh. Ag gníomhú dóibh faoi mheirge nua brandála agus turasóireachta, táthar ag súil leis go n-oibreoidh na nithe is díol spéise do chuairteoirí ar bhealach níos comhleanúnaí sa bhliain 2026 mar thairiscint fhoriomlán laistigh den Turasóireacht i bhFine Gall.

Leanfaidh an Rannán le hobair i gcomhar le cuideachtaí sealbhaíochta, le hoibritheoirí agus le lamháltóirí chun an chuid is fearr a bhaint as acmhainneacht tráchtála agus oidhreachta gach láithreáin agus chun tairbhí eacnamaíocha láidre a sholáthar don Chontae. Leis an mbuiséad ioncaim, tacófar le feabhsuithe agus deisiúcháin, agus méadófar cistiú do na tionscadail atá leagtha amach sa Phlean Caipitil. Leanann an Chomhairle lena chinntiú go gcomhlíonann na hoibreacha uile ceanglais an Phlean Bainistíochta Caomhantais do gach láithreán.

**IMEACHTAÍ**

Chonacthas an fás is mó riamh ar fud chlár imeachtaí Fhine Gall sa bhliain 2025. Ba mhó i bhfad an líon daoine a d’fhreastail ar na himeachtaí sin ná an líon a rabhthas ag súil leis, agus bhí fás suntasach ann ar líon agus scála na n-imeachtaí a reáchtáladh ar fud an chontae. Tacaíodh leis sin trí chistiú méadaithe a dhíriú ar raon leathan tionscnamh pobaltreoraithe, rud a chinntigh gur lean imeachtaí áitiúla le bláthú agus le dul i bhfeidhm ar spriocphobail nua.

Ag féachaint chun cinn, agus faoi réir buiséid imeachtaí a ath-leithdháileadh, rinneadh soláthar chun an móiminteam dearfach sin a choinneáil ar bun sa bhliain 2026 agus chun a chinntiú go leanfadh clár imeachtaí Fhine Gall le heispéiris a sholáthar atá cuimsitheach, inrochtana agus tarraingteach do na cónaitheoirí agus na cuairteoirí uile ar fud an chontae.

Leagfar tuilleadh béime ar na nithe seo a leanas sa Scéim Cistiúcháin Féilte agus Imeachtaí 2026:

- Spreagfar gach iarratasóir beartas néara-éagsúlachta a fhorbairt
- Imeachtaí glasaithe, lena spreagtar cleachtais inbhuanaithe agus soláthar imeachtaí atá freagrach ó thaobh an chomhshaoil de
- Inrochtaineacht agus sábháilteacht sluaite, agus infheistíocht sa bhreis á leithdháileadh chun feabhas a chur ar shaoráidí agus ar phleanáil sábháilteachta ag imeachtaí mórscála
- Táirgeoirí áitiúla bia a chur chun cinn, ar aon dul le Beartas Bia Fhine Gall, trí thaispeántais agus sárthaispeántais thiomnaithe bhia a reáchtáil ag príomhfhéilte

Tá na tosaíochtaí sin ina léiriú ar an tiomantas leantach atá ag Comhairle Contae Fhine Gall tacú le féilire imeachtaí atá bríomhar, inbhuanaithe agus pobaldírithe, arb imeachtaí iad lena gcuirtear feabhas ar an saol cultúrtha, lena gcuirtear fiontar áitiúil chun cinn, agus lena neartaítear féiniúlacht Fhine Gall mar phríomhcheann scríbe d'imeachtaí ardchaighdeáin.

Cuirfear obair sa bhreis isteach chun na himeachtaí uile a chur chun cinn agus a mhargú, chun a chinntiú go mbeidh na daoine a bheidh i láthair ar an eolas gur imeachtaí de chuid Chomhairle Contae Fhine Gall iad. Déanfar an méid sin go príomha trínár suíomh Gréasáin ag www.eventsinfingal.ie agus trí bhealaí meán sóisialta, i dteannta Threoir Imeachtaí Fhine Gall 2026.

Cuireadh an obair chun Straitéis Imeachtaí an Chontae a fhorbairt i gcrích agus glacadh an Straitéis go luath sa bhliain 2025, rud lena soláthraítear creat cuimsitheach le haghaidh fás agus bainistíocht imeachtaí amach anseo ar fud Fhine Gall. Leagfar béim sa straitéis ar na tairbhí eacnamaíocha agus sóisialta a sholáthraíonn féilte agus imeachtaí do phobail áitiúla — idir thacú le gnólachtaí beaga agus leis an turasóireacht agus bhród sibhialta agus rannpháirtíocht chultúrtha a chothú.

Mar chuid den phróiseas sin, tá athbhreithniú críochnúil á dhéanamh ag an Aonad Imeachtaí ar na mórimeachtaí uile chun a chinntiú go mbíonn caiteachas ailínithe i gcónaí le riachtanais an phobail, le hionchais an phobail, agus le prionsabail an luacha is fearr, agus an dea-cháil atá ar Fhine Gall maidir le himeachtaí ardchaighdeáin, cuimsitheacha agus sábháilte a sholáthar á coinneáil ar bun.

## AN OIFIG EALAÍON

### Forbairt Ealaíon Áitiúil

Tacaíonn Comhairle Contae Fhine Gall go gníomhach le raon leathan gníomhaíochta ealaíon i bhFine Gall, go háirithe trí imeachtaí agus taibhléirithe a chistiú. Cuireann sí gníomhaíocht den sórt sin chun cinn go gníomhach freisin. Ag teacht sna sála ar athbhreithniú ar Scéim Deontas an Achta Ealaíon 2003 agus ar ghlao oscailte ar iarratais sa bhliain 2025, tá suim €200,000 á soláthar chun tacú le raon leathan gníomhaíochtaí cultúrtha ar fud Fhine Gall sa bhliain 2026. Áirítear leis na gníomhaíochtaí sin féilte ealaíon bliantúla áitiúla, mórimeachtaí ceoil, scannánaíocht, seachtainí ealaíon scoile, agus tionscadail chruthaitheacha atá inrochtana agus cuimsitheach do gach duine den phobal.

Leanann an dá Ionad Ealaíon de chuid na Comhairle – Draíocht i mBaile Bhlainséir agus Ionad Ealaíon Shéamais Mhic Aonghasa ar an Aill – le bláthú, agus tá suim €815,000 á soláthar chun tacú leo arís eile sa bhliain 2026. Tá suim €150,000 á soláthar d'Institiúid Cheoil agus Amhránaíochta na hÉireann i mBaile Bhlainséir, agus tá suim €25,000 á soláthar d'Amharclann Bhruach an Mhuilinn ar an Ros.
Tá na heagraíochtaí sin ina léaró cultúir agus ina n-ionaid barr feabhais do na hEalaíona i bhFine Gall.

### Óige agus Oideachas

Cuireadh €70,000 ar áireamh i mbuiséad 2026 do Ghiniúint Cheoil faoin gClár Óige agus Oideachais. Úsáidfear an cistiú sin chun creat inbhuanaithe a dhearadh, a

fhorbairt agus a sholáthar do sheirbhísí oideachais ceoil taibhléirithe do leanaí agus daoine óga faoi mhíbhuntáiste i bhFine Gall.

Tá suim €110,500 á soláthar dár gClár Óige agus Oideachais freisin chun tacú le tionscnaimh lena gcumasaítear do leanaí agus daoine óga gabháil do na healaíona mar rannpháirtithe, mar chruthaitheoirí agus mar dhaoine den lucht féachana agus éisteachta i suíomhanna oideachais agus pobail ar fud an chontae, mar aon le tacú le cleachtas ealaíne a fhorbairt san earnáil daoine óga, leanaí agus oideachais.

**Seirbhísí Gairmiúla Ealaíon**
Tá meastóireacht á déanamh ar Scéim Tacaíochta Ealaíontóirí Fhine Gall (scéim sparánachta) faoi láthair, agus leanfar le hí a reáchtáil sa bhliain 2026. Is é cuspóir na Scéime tacú le healaíontóirí gairmiúla aonair ó Fhine Gall a gcleachtas ealaíne féin a fhorbairt. Is é is aidhm don dámhachtain am agus acmhainní a sholáthar d'ealaíontóirí ionas gur féidir leo smaoineamh agus taighde agus machnamh a dhéanamh ar a ngairm ealaíne agus gabháil di. Is ionann an cistiú don bhliain 2026 agus €260,000.

Leithdháileadh suim bhreise €44,450 ar an gClár Dámhachtainí agus Cónaitheachta, a fhágann go mbeifear in ann 13 dheis forbartha gairmiúla a sholáthar d'ealaíontóirí Fhine Gall i gcomhpháirt le heagraíochtaí ceannródaíocha ealaíon, lena n-áirítear an tAcadamh Ibeirneach Ríoga, Age & Opportunity, Stiúideo Grafaice, Baile Átha Cliath, agus Ionad Scríbhneoirí na hÉireann.

Gheall an Oifig Ealaíon €70,000 le haghaidh Cónaitheacht Stiúideo Phlás Bhaile Locha, Lusca, a fheistiú sa bhliain 2026, mar aon le €20,000 do Choimisiún Theach Bád Loch Sionnaigh. Soláthraíonn an dá cheann díobh sin rochtain ar spás oibre agus ar fhorbairt agus dul chun cinn gairme.

**Ealaín Phoiblí**
Leithdháileadh suim €115,000 do dhoiciméadacht, imeachtaí agus cláir ghaolmhara lena gcomhlánaítear an mór-ról atá ag an gclár um Ealaín Phoiblí a Choimisiúnú ar fud Fhine Gall. Dearadh agus soláthraíodh beartas nua ealaíne poiblí d'Fhine Gall sa bhliain 2025. Sa bhliain 2026, seolfar Straitéis Ealaíne Poiblí ar fud an chontae, rud lena n-áireofar saothair choimisiúnaithe a léarscáiliú agus a mheas ionas gur féidir ullmhú do dheiseanna nua i bhFine Gall.

**Áiteanna Ildánacha, Baile Brigín**
D'aistrigh Áiteanna Ildánacha, Baile Brigín, chuig an Oifig Ealaíon sa bhliain 2025. Féachadh sa chéad bhliain le bunchloch láidir a leagan don chlár, agus béim á cur ar fhorbairt straitéise, ar thaighde agus ar chomhairliúchán leis an bpobal. Bíonn an Oifig Ealaíon ag obair go dlúth le geallsealbhóirí, ealaíontóirí agus cónaitheoirí chun na tosaíochtaí áitiúla a shainaithint, chun deiseanna a iniúchadh, agus chun fís fhadtéarmach a mhúnlú atá ag teacht le féiniúlacht chultúrtha uathúil Bhaile Brigín. Leithdháileadh suim €197,000 chun an clár a reáchtáil sa bhliain 2026.

**Clár Ealaíon Leabharlann Carnegie**
Mar thoradh ar athruithe móra bonneagair a bhain le Ceathrú Chultúir Shoird a fhorbairt agus le Leabharlann Carnegie a athchóiriú, lean na cláir a cuireadh ar siúl

ag Leabharlann Carnegie le feidhmiúlacht agus inoiriúnaitheacht an fhoirgnimh a thástáil sa bhliain 2025 trí raon éagsúil imeachtaí lenar mealladh spriocphobail éagsúla. Trí ghníomhaíochtaí cultúrtha, oideachasúla agus pobal-lárnacha éagsúla a óstáil, d'fhéach an leabharlann le treisiú leis an ról atá aici mar mhol cruthaitheach agus mar spás poiblí inrochtana. A bhuí leis na himeachtaí sin, spreagadh rannpháirtíocht áitiúil, cothaíodh léiriú cruthaitheach, agus cuireadh le heispéiris chultúrtha i bhFine Gall.

Chuir an Oifig Ealaíon Ráiteas Straitéise le chéile do Leabharlann Carnegie sa bhliain 2025, rud ina mionsonraítear ár n-uaillmhian agus ár n-intinn do na blianta atá le teacht. Cuirfidh Oifig Ealaíon Fhine Gall le heispéiris na bliana 2025 le linn Ceathrú Chultúir Shoird a fhorbairt agus a thógáil. Leanfaidh Leabharlann Carnegie le forbairt trí chéim taighde gníomhaíochta agus trí Theach Léiriúcháin sa bhliain 2026, agus í ag tairiscint cónaitheachtaí, cleachtaí, taibhléirithe, agus spásanna cruinnithe. Leithdháileadh suim €83,000 tríd an gCreat-Chomhaontú idir an Cumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach agus an Chomhairle Ealaíon ar mhaithe leis an gclár oibre sin a chomhlíonadh.

**CEATHRÚ CHULTÚIR SHOIRD**

Leis an mbuiséad, leantar le soláthar a dhéanamh don iasacht a aisíoc a tógadh chun tógáil an Árais Cultúir a cheadaigh na comhaltaí sa bhliain 2023 a chistiú.

Chuir Duggan Brothers Ltd, an príomhchonraitheoir tógála, tús le hobair ar an láithreán i mí Lúnasa 2024. Tá an clár tógála á chur i gcrích de réir sceidil, agus táthar ag súil leis go mbeidh an chuid is mó den tógáil críochnaithe faoi dheireadh mhí na Samhna 2026.

Áirítear leis an mbuiséad cistiú chun cabhrú le pleananna straitéiseacha a fhorbairt do Cheathrú Chultúir Shoird.

**CLÁR ÉIRE ILDÁNACH FHINE GALL**

Is iad Leabharlanna Fhine Gall a reáchtálann Fine Gall Ildánach. Leis an gclár sin, leanfar le cláir chultúrtha thrasrannacha a neartú, le tacaíocht ó thionscnaimh bheoga amhail Féile i Veain - Cuma an tSamhraidh, Camchuairt i bhFine Gall, ceardlanna inbhuanaithe Cruthaitheachta Cuimsithí le grúpaí imeallaithe ar fud bhrainsí Leabharlanna Fhine Gall, Bríd i mBaile Brigín, Picnic Sheanré, agus Draíocht na Scéalta - Féile Fhine Gall le haghaidh Litríocht do Leanaí.

Tá tionscadal comhoibríoch á thriail againn le Tionscadal Lucht Siúil Bhaile Brigín faoi láthair, rud atá dírithe ar cheird thraidisiúnta na stánadóireachta a athbheochan, a thaifeadadh, a chur chun cinn agus a chaomhnú laistigh de Lucht Siúil Bhaile Brigín. Tá sé mar aidhm againn an tionscnamh sin a fhorbairt tuilleadh sa bhliain 2026.

Tá Fine Gall Ildánach tiomanta go fóill do leanaí agus daoine óga ar fud an Chontae a chumhachtú a gcumas cruthaitheach a iniúchadh agus a bhaint amach. Trí chlár spreagúil éagsúil Chruinniú na nÓg, cuirimid deiseanna ar fáil chun taibhléiriú agus páirt a ghlacadh in imeachtaí amhail 'Is Linne an Caisleán' – Féile Bheo Ceoil Óige agus 'Wavin' Words', áit a gceiliúrtar an fhilíocht, an focal labhartha agus an ceol.

Leanaimid le dul i dteagmháil go díreach le daoine óga chun a fháil amach cé na gníomhaíochtaí cruthaitheacha a bhfuil an spéis is mó acu iontu. Cuirtear beocht sna smaointe sin trí Charnabhail na Fiosrachta, a óstáiltear ar fud bhrainsí Leabharlann Fhine Gall. Ina theannta sin, tiocfaidh an Tionscadal Oileáin Chomhroinnte de chuid Fhine Gall Ildánach darb ainm "Amhráin a Chomhroinnt... Guthanna Dodhearmadta", ar tionscadal an-rathúil dhá bhliain é, chun deiridh i mí Feabhra 2026, tráth a gcuirfear taibhléiriú mór a chuimseoidh an dá chór ar siúl i bhFoirgnimh Stormont, Béal Feirste.

Rinneadh soláthar €282,600 i mbuiséad 2026 don obair sin.

## PÁIRCEANNA AGUS SPÁSANNA OSCAILTE

Déantar le Buiséad 2026 socrú do chothabháil leanúnach a dhéanamh ar 5,000 acra (2,000 heicteár) de spásanna oscailte, de pháirceanna réigiúnacha agus de shaoráidí spóirt mar ghnéithe lárnacha de Bhonneagar Glas Fhine Gall. Tá cistiú ar áireamh ann le haghaidh páirceanna imeartha a fheabhsú go leanúnach, le haghaidh an líon clós súgartha agus saoráidí spóirt a mhéadú agus le haghaidh thart ar 50,000 crann sráide.

Rinneadh soláthar méadaithe €1.2m don Chlár Oibreacha Limistéir le haghaidh Spásanna Oscailte don bhliain 2026. Leagfar an clár oibre sin faoi bhráid na gCoistí Limistéir i mí Eanáir, agus déantar socrú ann d'oibreacha feabhsúcháin nua agus breise i bpáirceanna agus i spásanna oscailte le linn na bliana 2026.

Tá soláthar á dhéanamh sa bhuiséad ioncaim le haghaidh ár bPáirceanna Réigiúnacha, Teach na bhFéileacán agus Gairdíní an Talbóidigh, Mullach Íde, agus Gairdíní Shackleton, Cluain Saileach, a chothabháil go leanúnach.

Leanfar le hinfheistíocht a dhéanamh sa bhonneagar aclaíochta páirce amuigh faoin spéir, agus athléimneacht mhéadaithe á cur chun cinn i sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte. Cuirfear scairdeáin uisce phoiblí i bhfeidhm freisin, rud a chabhróidh le dramhaíl phlaisteach a laghdú. Leanfaidh an Rannóg Oibríochtaí le limistéir pailneoirí a chur i bhfeidhm i bpáirceanna poiblí agus i spásanna oscailte.

Is sa Phlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht a dhéantar socrú do Bhithéagsúlacht Fhine Gall a chaomhnú agus a fheabhsú, lena n-áirítear an chuid de Bhithsféar Chuan Bhaile Átha Cliath atá suite i bhFine Gall.

## CLÓIS SÚGARTHA AGUS SAORÁIDÍ ÁINEASA

Déanann an Rannóg Oibríochtaí 80 clós súgartha, 43 limistéar aclaíochta, 22 limistéar callaistéinice, ceithre pháirc scátála, dhá limistéar Parkour, 34 limistéar ilúsáide cluichí, ceithre chosán lúfaireachta, trí limistéar BMX, 166 pháirc imeartha féir agus seacht bpáirc uile-aimsire a bhainistiú agus a chothabháil faoi láthair. Agus é seo á scríobh ag deireadh na bliana 2025, tá sé beartaithe go nglacfar 48 gclós súgartha, ceithre limistéar ilúsáide cluichí agus trí chosán aclaíochta d'aosaigh sa bhreis faoi chúram. Glacfaidh an Chomhairle 17 gclós súgartha sa bhreis faoi chúram cothabhála sa bhliain 2026. Is ionann na sócmhainní sa bhreis sin agus meascán de na nithe atá á nglacadh faoi chúram trí choinníollacha pleanála agus de thionscadail atá á soláthar ag Fine Gall féin.

**TRÁNNA AGUS SEIRBHÍS GARDA TARRTHÁLA**

Tá an Chomhairle freagrach as tránna a chothabháil go leanúnach, agus soláthar €432,800 á dhéanamh chuige sin i mBuiséad 2026. Tá soláthar ar áireamh ann freisin le haghaidh cothabháil mhéadaithe, seirbhís glantacháin agus bainistíocht tráchta ag tránna le linn na míonna gnóthacha den samhradh.

Rinneadh i mBuiséad 2026 soláthar leanúnach do 45 gharda tarrthála a earcú. Áirítear leis an soláthar sin na Seirbhísí Garda Tarrthála ag na deich dtrá ainmnithe sa Chontae agus ag trá amháin eile – Trá Mhullach Íde – de réir an mheasúnaithe riosca a chuir Sábháilteacht Uisce Éireann i gcrích.

Déantar faireachán ar thránna gach deireadh seachtaine i mí an Mheithimh agus gach lá i mí Iúil agus i mí Lúnasa. Chun críocha an ghradaim, déantar faireachán ar thránna Brait Ghoirm ag an deireadh seachtaine i mí Mheán Fómhair amháin, agus críochnaíonn an séasúr gradam an 15 Meán Fómhair gach bliain.

Cuirfear gnáthchothabháil i gcrích ag stáisiúin garda tarrthála atá ann cheana, agus soláthrófar stáisiúin nua, i gcás gur gá, sa bhliain 2026. Cuirfear na huasghráduithe trealaimh is gá i gcrích sa bhliain 2026 freisin, roimh thús an tséasúir snámha.

Soláthraíonn an Chomhairle cathaoireacha rothaí trá saor in aisce ag trí láithreán trá – an Trá Mhín (Port Mearnóg), an Trá Theas (na Sceirí), agus Trá Bhaile Carraige (Domhnach Bat).

Leanfaidh an Chomhairle le cithfholcadáin a shuiteáil lena n-úsáid ag snámhóirí ag roinnt de na tránna is gnóthaí.

**OIFIG FORBARTHA POBAIL**

Oibríonn an Oifig Forbartha Pobail i gcomhpháirt le grúpaí pobail deonacha, le gníomhaireachtaí agus le soláthraithe seirbhíse chun pobail láidre, ghafa agus imeasctha a fhorbairt ar fud Fhine Gall.

Is iad na príomhthosaíochtaí atá ag an Oifig Forbartha Pobail ná comhionannas agus cuimsiú a chur chun cinn, tacú le rannpháirtíocht agus í a spreagadh, obair i gcomhar le raon leathan grúpaí agus eagraíochtaí, agus a chinntiú go gcomhlíontar straitéisí náisiúnta agus áitiúla lena dtacaítear le rannpháirtíocht shibhialta agus le cuimsiú sóisialta agus le pobail inbhuanaithe a bhfuil bród ar dhaoine cónaí iontu, áit a bhfuil rochtain ag daoine ar raon deiseanna sóisialta, cultúrtha agus forbartha agus ar féidir leo ionchur a thabhairt i leith na bpróiseas áitiúil cinnteoireachta.

Is faoi sheacht gcolún a chuirtear obair na hOifige Forbartha Pobail i gcrích:

- Tacaíocht Idirghníomhaireachta
- Tacaíocht Forbartha Pobail
- Clár Aoisbhá Fhine Gall
- Tacaíocht Straitéiseach
- Tacaíocht Saoráidí
- Tacaíocht Cistiúcháin
- Imeascadh

## TACAÍOCHT IDIRGHNÍOMHAIREACHTA
Tá an Líonra Rannpháirtíochta Pobail agus Comhairle na nÓg ina gcuid de Rannán D.

## TACAÍOCHT FORBARTHA POBAIL
Is é is Forbairt Pobail ann ná próiseas ina dtagann daoine den phobal le chéile chun gníomhaíocht chomhchoiteann a dhéanamh agus chun teacht ar réitigh ar fhadhbanna coiteanna. Is minic a réitítear dúshláin folláine pobail, eacnamaíocha, shóisialta, chomhshaoil agus chultúrtha trí ghníomhaíocht chomhchoiteann a dhéanamh ar leibhéal an phobail. Bíonn forbairt pobail sa raon idir tionscnaimh bheaga laistigh de ghrúpa áitiúil agus tionscnaimh mhóra a mbíonn an mórphobal páirteach iontu.

Leithdháileadh soláthar buiséid €3.58m chun Tacaí Forbartha Pobail a sholáthar, lena n-áirítear soláthar €3.15m chun tacú le saoráidí nua pobail a fhorbairt agus chun oibreacha athchóirithe/deisiúcháin a éascú ar na hIonaid Phobail is sine de chuid Chomhairle Contae Fhine Gall.

Féachann an fhoireann forbartha pobail ar fud an chontae le tacú le grúpaí pobail agus deonacha tabhairt faoi raon tionscnamh éagsúil agus le hiad a chumhachtú déanamh amhlaidh.

## AOISBHÁ
Tá rún daingean ag Aoisbhá Fhine Gall cur chuige comhoibríoch ilearnála a bhrú chun cinn i leith tacú le hidirghabhálacha lena gcabhrófar go mór le feabhas a chur ar cháilíocht na beatha don phobal reatha daoine breacaosta i bhFine Gall agus do na glúnta atá le teacht. Leithdháileadh soláthar buiséid €84,500 chun tacú le gníomhaíochtaí sa réimse seo.

## TACAÍOCHT STRAITÉISEACH
Ceann amháin den líon mór tionscnamh a dtacaítear leo faoin gColún Tacaíochta Straitéisí is ea na gníomhartha atá leagtha amach i Straitéis Fhine Gall um Imeascadh Imirceach agus Comhtháthú Sóisialta a chomhlíonadh. Tá suim €186,400 á soláthar chun tacú le gníomhartha atá ceaptha chun pobail chuimsitheacha chomhtháite a chruthú i bhFine Gall, áit a bhfuil meas ar gach duine a chónaíonn nó a oibríonn i bhFine Gall agus a thugann cuairt uirthi, agus áit a gcumasaítear do gach cónaitheoir páirt iomlán a ghlacadh ina bpobal féin agus rannchuidiú iomlán a dhéanamh leis, beag beann ar a náisiúntacht, a n-eitneacht agus a gcúlra reiligiúnach nó cultúrtha.

## TACAÍOCHT SAORÁIDÍ
Leithdháileadh soláthar buiséid ioncaim €3.27m chun tacaíocht airgeadais agus bainistíochta a thabhairt le haghaidh bhainistiú agus oibriú na 38 saoráid pobail a dtacaíonn an Chomhairle leo ar fud an Chontae.

Soláthraíonn an Oifig Forbartha Pobail raon máistir-ranganna lena gcumhdaítear topaicí atá tábhachtach do bhaill, lena n-áirítear bainistíocht saoráidí, bainistíocht airgeadais, bainistíocht maoirseachta, agus reachtaíocht.

Tacaíonn an Oifig Forbartha Pobail le Líonra Saoráidí Pobail Fhine Gall freisin, rud a chuimsíonn bainisteoirí ionaid, maoirseoirí, príomhbhaill foirne, oifigigh phobail agus oibrithe deonacha a oibríonn i saoráidí pobail. Soláthraíonn an líonra struchtúr trínar féidir leis an Oifig Forbartha Pobail faisnéis a sholáthar faoi dheiseanna cistiúcháin agus faoi oiliúint, mar aon le faisnéis faoi chleachtais agus treochtaí ó thaobh bainistíocht saoráidí de. Éascaíonn an líonra comhroinnt faisnéise i measc ball agus geallsealbhóirí iomchuí freisin. D'fhoilsigh sé Lámhleabhar Treorach do Shaoráidí Pobail agus d'fhorbair sé Mol Beartais chun tacú le boird bhainistíochta ar ionaid phobail, idir bhoird phobail agus bhoird dheonacha.

**TACAÍOCHT CISTIÚCHÁIN**

Tá cistiú Gníomhaíochtaí Pobail le húsáid chun tacú le grúpaí pobail agus deonacha tionscnaimh a fhorbairt lena dtacaítear le forbairt grúpaí pobail, tionscnaimh chuimsithe shóisialta, imeachtaí pobail, gníomhú ar son na haeráide/feabhsú comhshaoil, imeascadh, nó tionscnaimh idirchultúrtha. Soláthraíodh cistiú deontais dar luach €550k faoin Scéim Cistiúcháin Gníomhaíochtaí Pobail ionas gur féidir Tionscadail Samhraidh, Tionscadail Oíche Shamhna agus Tionscadail Ghníomhaíochta a reáchtáil.

**IMEASCADH**

Is é ról na Foirne Údaráis Áitiúil um Imeascadh ná tacaí leanúnacha imeasctha a sholáthar d'iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta, do Dhídeanaithe Cláir agus do Thairbhithe Cosanta Sealadaí ionas go mbeidh siad in ann maireachtáil go neamhspleách sa phobal. Is iad na príomhspriocanna atá aici ná a chinntiú go bhfreastalóidh seirbhísí Chomhairle Contae Fhine Gall ar riachtanais an daonra éagsúil agus go n-oibreoidh siad chun a chinntiú gur féidir le gach saoránach páirt iomlán a ghlacadh i saol an phobail, beag beann ar a náisiúntacht, a n-eitneacht agus a gcúlra reiligiúnach nó cultúrtha.

Leanfaidh an Fóram um Imeascadh Pobail de chuid na Comhairle le teacht le chéile sa bhliain 2026, rud a thugann eagraíochtaí rialtais, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus grúpaí deonacha agus pobail le chéile chun freagairt phobaltreoraithe a chomhordú agus chun cabhrú le daoine atá ag teacht go hÉirinn chun cosaint idirnáisiúnta a lorg, daoine atá ag teitheadh ó chogadh san Úcráin nó daoine a bhfuil stádas dídeanaí acu socrú isteach sa limistéar.

Leithdháileadh soláthar buiséid €106k chun tacú le gníomhaíochtaí agus cláir sa réimse seo, mar aon le cláir thacaíochta do dhaoine ón Úcráin agus tionscadail Sheachtain Fhine Gall um Chuimsiú lena gcuirtear feabhas ar chuimsiú sóisialta agus ar imeascadh agus lena laghdaítear stiogma laistigh dár bpobal trí fheasacht a mhúscailt agus trí spásanna sábháilte a chruthú do chuimsiú i nGrúpaí Pobail.

**OIFIG FORBARTHA SPÓIRT**

Is é aidhm Chomhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Fhine Gall cabhrú le daoine a bheith gníomhach agus deireadh a chur le haon bhacainní ar an spórt agus ar ghníomhaíocht fhisiciúil. Tugann an Oifig Spóirt faoi raon leathan gníomhartha ar mhaithe le leibhéil rannpháirtíochta sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú ina pobail áitiúla. Sa bhliain 2026, leanfaidh an Oifig Spóirt leis an bPlean Áitiúil um Spórt agus Gníomhaíocht Fhisiciúil 2024-2029 uaithi a chur chun feidhme, rud a bhfuil mar aidhm leis stíl mhaireachtála ghníomhach a spreagadh do

gach duine i bhFine Gall.

Tacaíonn an Oifig Spóirt le cláir atá dírithe ar rannpháirtíocht sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú, ar cláir iad lena spriocdhírítear ar ghrúpaí sonracha amhail leanaí, daoine óga atá i mbaol, grúpaí faoi mhíbhuntáiste, cailíní sna déaga, mná sa spórt, daoine breacaosta, agus daoine faoi mhíchumas. Soláthraíonn an Oifig Spóirt cláir den sórt sin freisin. Leithdháileadh suim €200,000 ar na cláir sin faoi bhuiséad 2026.

Leanfaidh an Oifig Spóirt le hobair i gcomhar leis na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta do spóirt éagsúla i rith na bliana 2026, chun an líon rannpháirtithe sa spórt agus i ngníomhaíochtaí a mhéadú ar fud an Chontae, agus béim ar leith á cur ar thionscnaimh a bhaineann le cuimsiú agus le Mná sa Spórt. Tá soláthar €455,000 á chur ar fáil chun tacú leis an obair sin sa bhliain 2026.
Tá ranníocaíocht €50,000 á déanamh le Cluichí Oilimpeacha Speisialta Éireann freisin chun tacú le Cluichí Samhraidh Chluichí Oilimpeacha Speisialta Éireann, a bheidh ar siúl i mí an Mheithimh 2026.

Leanfaidh an Oifig Spóirt le cúrsaí agus ceardlanna a fhorbairt agus a sholáthar i rith na bliana 2026. Sa bhliain 2026, leanfar le cúrsaí oiliúna sna réimsí seo a leanas a sholáthar do chlubanna spóirt pobail agus do ghrúpaí gaolmhara eile nach bhfuil aon mhodh eile acu chun an oiliúint sin a rochtain: Cumhdach Leanaí; Uathachas sa Spórt; Leanaí a Chóitseáil; Litearthacht Fhisiciúil a Thuiscint; Scileanna Éigeandála; Cuimsiú sa Spórt; agus Feasacht ar Mhíchumas. Ina theannta sin, tá suim €150,000 á soláthar do dheontais tacaíochta trealaimh spóirt ar fud an chontae.

Áirítear leis an mbuiséad €1,100,000 sa bhreis le haghaidh forbairt linne snámha ag Fearann an Chaisleáin, Baile Brigín, a chistiú. Seolfar tionscnamh nua sa bhliain 2026 chun tacú le ceachtanna snámha do roinnt bunscoileanna sa chontae, agus leithdháileadh €50,000 chuige sin.

**CLÁIR DO SCOILEANNA**
Leanfar leis an gclár um Aclú Spóirt i mbunscoileanna sa bhliain 2026, agus raon modúl inrochtana oiliúna múinteoirí agus gníomhaíochtaí seomra ranga ar líne á soláthar mar thaca leis. Reáchtálfar an clár 'Marathon Kids' agus sraithchomórtais Lúthchleasaíochta i mbunscoileanna arís eile, in éineacht leis an gclár 'Exercise Energize' atá dírithe ar chailíní meánscoile. Leithdháileadh suim €150,000 ar na cláir sin faoi bhuiséad 2026.

**IMEACHTAÍ**
Mar gheall ar an rath a bhí orthu roimhe seo, reáchtálfar na Gradaim Bhliantúla d'Oibrithe Deonacha Spóirt arís eile sa bhliain 2026 chun aitheantas a thabhairt don obair luachmhar a dhéanann oibrithe deonacha sa spórt pobail. Beidh an samhradh ina thréimhse ghnóthach don fhoireann Spóirt. Reáchtálfar roinnt féilte lena linn, lena n-áirítear Bog @ Caisleán Shoird, féile trá Bhaile Brigín, agus Féile Spóirt Fhine Gall, rud a bheidh ar siúl don tríú bliain ag Caisleán Mhullach Íde.

Soláthróidh an Rannóg Spóirt lá 'SportAbility' do lúthchleasaithe faoi mhíchumas i mí Mheán Fómhair, rud a bhfuil mar aidhm leis lúthchleasaithe a nascadh le

clubanna áitiúla ionas gur féidir leo leanúint lena bhforbairt spóirt.


**DEONTAIS CAIPITIL SPÓIRT**

Soláthrófar roinnt saoráidí spóirt nua agus uasghrádaithe sa bhliain 2026, a bhuí leis an gciste Deontas Caipitil Spóirt a eisíodh sa bhliain 2023. Áirítear le roinnt de na buaicphointí Páirc Uile-Aimsire nua do Chlub Peile Swords Celtic i mBaile Anraí, uasghrádú glas do Chlub Bollaí na Sceirí, agus giomnáisiam nua agus athchóiriú ar shaoráidí feistis do Chlub CLG San Sailbheastar. Rinneadh soláthar €974,500 chuige sin sa bhuiséad, agus an soláthar sin comhdhéanta de dheontais rialtais agus de ranníocaíocht ó Chomhairle Contae Fhine Gall.

# F – Áineas agus Taitneamhacht


## Caiteachas

| | | |
|---|---|---|
| F01 | Oibríochtaí Saoráidí Fóillíochta | €671,300 |
| F02 | Seirbhís Leabharlainne agus Cartlainne a Oibriú | €21,322,800 |
| F03 | Oibríochtaí Limistéar Fóillíochta Amuigh faoin Spéir | €31,411,500 |
| F04 | Spórt Pobail agus Saoráidí Áineasa a Fhorbairt | €15,856,200 |
| F05 | An Clár Ealaíon a Oibriú | €15,472,200 |
| | | **€84,734,000** |




## Ioncam

| | |
|---|---|
| Deontais ó RTRÁO | €75,000 |
| An Chomhairle Ealaíon | €209,000 |
| Iomlán Deontas agus Fóirdheontas Eile | €2,739,200 |
| Ioncam Eile | €2,920,600 |
| Áineas/Taitneamhacht/Cultúr | €845,300 |
| Aoisliúntas | €685,400 |
| | **€7,474,500** |



Tábla F – Caiteachas

Tábla F – Caiteachas

Rannán F – Áineas agus Taitneamhacht

| Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fosheirbhíse | 2026 | | 2025 | |
|---|---|---|---|---|
| | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara € | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Toradh Measta € |
| F0101 Oibríochtaí Saoráidí Fóillíochta | 311,500 | 311,500 | 291,200 | 281,600 |
| F0103 Ranníocaíocht i leith Saoráidí Fóillíochta de chuid Comhlachtaí Seachtracha | 94,000 | 94,000 | 101,000 | 95,000 |
| F0199 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 265,800 | 265,800 | 210,400 | 221,700 |
| **F01 Oibríochtaí Saoráidí Fóillíochta** | **671,300** | **671,300** | **602,600** | **598,300** |
| F0201 Oibríochtaí na Seirbhíse Leabharlainne | 12,301,100 | 12,821,100 | 11,477,600 | 11,508,500 |
| F0202 Seirbhís Cartlainne | 253,000 | 253,000 | 155,000 | 152,300 |
| F0204 Leabhair, Dlúthdhioscaí, etc., a Cheannach | 1,323,000 | 1,323,000 | 1,323,000 | 1,323,000 |
| F0205 Ranníocaíochtaí le hEagraíochtaí Leabharlainne | - | - | - | - |
| F0299 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 7,445,700 | 7,445,700 | 6,735,500 | 6,935,800 |
| **F02 Seirbhís Leabharlainne agus Cartlainne a Oibriú** | **21,322,800** | **21,842,800** | **19,691,100** | **19,919,600** |
| F0301 Páirceanna, Páirceanna Imeartha agus Spásanna Oscailte | 23,519,700 | 23,664,700 | 21,259,200 | 22,131,900 |
| F0302 Clóis Súgartha | 1,198,900 | 1,198,900 | 688,600 | 869,300 |
| F0303 Tránna | 432,800 | 432,800 | 488,800 | 370,500 |
| F0399 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 6,260,100 | 6,260,100 | 5,685,600 | 5,783,900 |
| **F03 Oibríochtaí Limistéar Fóillíochta Amuigh faoin Spéir** | **31,411,500** | **31,556,500** | **28,122,200** | **29,155,600** |
| F0401 Deontais Phobail | 5,153,500 | 5,153,500 | 3,312,200 | 5,323,500 |
| F0402 Halla Spóirt/Staidiam a Oibriú | - | - | - | - |
| F0403 Saoráidí Pobail | 4,583,500 | 5,113,500 | 3,448,600 | 3,447,100 |
| F0404 Saoráidí Áineasa a Fhorbairt | 4,376,000 | 4,376,000 | 3,650,300 | 3,578,200 |
| F0499 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,743,200 | 1,743,200 | 1,478,300 | 1,509,800 |
| **F04 Spórt Pobail agus Saoráidí Áineasa a Fhorbairt** | **15,856,200** | **16,386,200** | **11,889,400** | **13,858,600** |
| F0501 An Clár Ealaíon a Riar | 4,796,600 | 4,796,600 | 4,293,800 | 4,457,100 |
| F0502 Ranníocaíocht i leith an Chláir Ealaíon de chuid Comhlachtaí eile | 200,000 | 200,000 | 120,000 | 124,600 |
| F0503 Oibríochtaí Músaem | - | - | - | - |
| F0504 Oibríochtaí Saoráidí Oidhreachta/Léirmhínitheacha | 4,658,700 | 5,178,700 | 3,654,300 | 3,659,500 |
| F0505 Féilte agus Ceolchoirmeacha | 4,426,400 | 4,426,400 | 4,143,900 | 4,342,100 |
| F0599 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,390,500 | 1,390,500 | 1,202,600 | 1,233,500 |
| **F05 An Clár Ealaíon a Oibriú** | **15,472,200** | **15,992,200** | **13,414,600** | **13,816,800** |
| F0601 Seirbhís Gníomhaireachta agus Seirbhís In-fhorchúitithe | - | - | - | - |
| F0699 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **F06 Seirbhísí Gníomhaireachta agus Seirbhísí In-fhorchúitithe** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| **Iomlán Rannán F** | **84,734,000** | **86,449,000** | **73,719,900** | **77,348,900** |

| Tábla F – Ioncam | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannán F – Áineas agus Taitneamhacht** | | | | |
| **Ioncam de réir Foinse** | **2026** | | **2025** | |
| | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| **Deontais agus Fóirdheontais Rialtais** | | | | |
| Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht | 75,000 | 75,000 | 75,000 | 75,000 |
| Oideachas agus Óige | - | - | - | - |
| Cultúr, Cumarsáid agus an Spórt | - | - | - | - |
| Coimirce Shóisialach | - | - | - | - |
| An Chomhairle Leabharlanna | - | - | - | - |
| An Chomhairle Ealaíon | 209,000 | 209,000 | 100,000 | 202,000 |
| Iompar | - | - | - | - |
| Forbairt Tuaithe agus Pobail agus an Ghaeltacht | 822,600 | 822,600 | 30,000 | 860,000 |
| Eile | 1,916,600 | 1,916,600 | 1,841,900 | 2,612,700 |
| **Iomlán Deontas agus Fóirdheontas Rialtais** | **3,023,200** | **3,023,200** | **2,046,900** | **3,749,700** |
| **Earraí agus Seirbhísí** | | | | |
| Áineas/Taitneamhacht/Cultúr | 845,300 | 845,300 | 666,200 | 711,700 |
| Aoisliúntas | 685,400 | 685,400 | 599,900 | 612,400 |
| Seirbhísí Gníomhaireachta agus Oibreacha is Gá a Aisíoc | - | - | - | - |
| Ranníocaíochtaí ón Údarás Áitiúil | - | - | - | - |
| Ioncam eile | 2,920,700 | 2,920,700 | 2,191,500 | 2,874,400 |
| **Iomlán Earraí agus Seirbhísí** | **4,451,400** | **4,451,400** | **3,457,600** | **4,198,500** |
| **Iomlán Rannán F** | **7,474,600** | **7,474,600** | **5,504,500** | **7,948,200** |

# Rannán G
# TALMHAÍOCHT, BIA AGUS MUIR

**BÉILÍ SCOILE**
Cuireadh suim €95,000 ar áireamh sa bhuiséad le haghaidh an Scéim Béilí Scoile a sholáthar sa bhliain 2026.

**CUANTA A OIBRIÚ AGUS A CHOTHABHÁIL**
Déantar le soláthar buiséid €480,600 socrú do chothabháil laethúil leanúnach ár gcuanta i mBaile Brigín, ar na Sceirí, i Loch Sionnaigh agus ar an Ros. Ag teacht sna sála ar na Fodhlíthe Cuain a ghlacadh níos luaithe i mbliana, tugadh táillí feistithe isteach ar fud na gceithre chuan de chuid na Comhairle, agus úsáidfear ioncam ó na táillí sin chun feabhas a chur ar shaoráidí do gach úsáideoir cuain as seo amach.

**SEIRBHÍS MAORACHTA MADRAÍ AGUS DÍDINE MADRAÍ A OIBRIÚ**
Cuireadh soláthar €750,000 ar áireamh i mBuiséad 2026 ionas gur féidir linn ár bhfreagrachtaí faoin Acht um Rialú Madraí, 1986, na Rialacháin um Rialú Madraí, 1998, agus na Rialacháin um Bulaithe Rímhóra, 2024, a chomhlíonadh.

Faoin Acht um Rialú Madraí, tá sé de chumhacht ag an gComhairle aon mhadra fáin, neamhcheadúnaithe nó ionsaitheach a urghabháil agus a chur i bpóna. Is í foireann d'ochtar maor madraí a dhéanann patróil maorachta madraí ar fud gach limistéir d'Fhine Gall, lena n-áirítear lár bailte, eastáit tithíochta, tránna agus páirceanna, agus an méid sin á dhéanamh acu seacht lá sa tseachtain. Eisíonn an fhoireann fíneálacha ar an láthair i leith cionta a dhéantar faoin Acht um Rialú Madraí, faoi na Rialacháin um Rialú Madraí, agus faoi Fhodhlithe Páirce Chomhairle Contae Fhine Gall.

Déantar patróil maorachta madraí i rith na bliana, agus díriú á leagan ar phatróil tráthnóna i bpáirceanna Fhine Gall i rith na míonna den samhradh. Cabhraíonn na maoir madraí leis an nGarda Síochána, le gníomhaireachtaí reachtúla eile agus le Rannóga eile de chuid na Comhairle feidhmeanna a chomhlíonadh faoin reachtaíocht um Rialú Madraí. Chomh maith leis sin, déanann siad idirchaidreamh le heagraíochtaí amhail Cumann Bhaile Átha Cliath um Fhóirithint ar Ainmhithe maidir le nithe a bhaineann le leas ainmhithe.

Eisíonn na maoir madraí fógraí deich lá chuig úinéirí nach bhfuil Ceadúnas Madraí acu. Eisíonn siad fíneálacha i leith mainneachtain Ceadúnas a thabhairt ar aird freisin. Rinneadh soláthar €285,000 d'ioncam ó Cheadúnú Madraí don bhliain 2026.

Cuireadh tús le conradh nua Dídine Madraí sa cheathrú ráithe den bhliain 2025 le haghaidh seirbhísí dídine madraí a sholáthar do mhadraí fáin, do mhadraí urghafa agus do mhadraí a tugadh suas.


**SEIRBHÍS URGHABHÁLA CAPALL AGUS SAORÁID PÓNA CAPALL A OIBRIÚ**
Cuireadh soláthar €182,000 ar áireamh i mBuiséad 2026 ionas gur féidir linn ár bhfreagrachtaí faoin Acht um Rialú Capall, 1996, a chomhlíonadh, rud lena dtugtar

de chumhacht don Chomhairle aon chapall fáin ar thailte poiblí a urghabháil agus a chur i bpóna i gcás go bhféadfadh sé a bheith ina chúis le contúirt do dhaoine nó do mhaoin nó i gcás go bhféadfadh sé a bheith ina chúis le núis.

# G – Talmhaíocht, Bia agus Muir


## Caiteachas

| | | |
|---|---|---|
| G02 | Céanna agus Cuanta a Oibriú agus a Chothabháil | €740,400 |
| G04 | Seirbhís Tréidliachta | €1,289,700 |
| G05 | Seirbhísí Tacaíochta Oideachais | €133,900 |
| | | **€2,164,000** |




## Ioncam

| | |
|---|---|
| Talmhaíocht agus Muir | €10,000 |
| Iomlán Deontas agus Fóirdheontas Eile | €143,000 |
| Ioncam Eile | €343,200 |
| Aoisliúntas | €8,300 |
| | **€504,50** |



Tábla F – Caiteachas

Tábla F – Caiteachas

| Rannán G – Talmhaíocht, Bia agus Muir | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | 2026 | | 2025 | |
| Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fosheirbhíse | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara € | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Toradh Measta € |
| G0101 Limistéir Draenála Talún a Chothabháil | - | - | - | - |
| G0102 Ranníocaíochtaí le Comhchomhlachtaí Draenála | - | - | - | - |
| G0103 Pinsin Talmhaíochta a Íoc | - | - | - | - |
| G0199 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **G01 Costais Draenála Talún** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| G0201 Céanna a Oibriú | - | - | - | - |
| G0203 Cuanta a Oibriú | 615,800 | 615,800 | 524,600 | 653,900 |
| G0299 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 124,600 | 124,600 | 112,200 | 115,100 |
| **G02 Céanna agus Cuanta a Oibriú agus a Chothabháil** | **740,400** | **740,400** | **636,800** | **769,000** |
| G0301 Cothabháil Ghinearálta – Réigiúin Chósta | - | - | - | - |
| G0302 Cosaint Phleanáilte Réigiún Cósta | - | - | - | - |
| G0399 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **G03 Cosaint an Chósta** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| G0401 Seirbhís Tréidliachta a Sholáthar | - | - | - | - |
| G0402 Cigireacht a Dhéanamh ar Sheamlais, etc. | - | - | - | - |
| G0403 Sábháilteacht Bia | - | - | - | - |
| G0404 Seirbhís Maorachta Madraí a Oibriú | 920,600 | 920,600 | 800,000 | 969,100 |
| G0405 Seirbhísí Eile um Leas Ainmhithe (lena n-áirítear Rialú Capall) | 181,900 | 181,900 | 146,800 | 151,200 |
| G0499 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 187,200 | 187,200 | 186,100 | 190,600 |
| **G04 Seirbhís Tréidliachta** | **1,289,700** | **1,289,700** | **1,132,900** | **1,310,900** |
| G0501 Deontais Ardoideachais a Íoc | - | - | - | - |
| G0502 Deontais Ardoideachais a Riar | - | - | - | - |
| G0503 Pinsin Coistí Gairmoideachais a Íoc | - | - | - | - |
| G0504 Pinsin Coistí Gairmoideachais a Riar | - | - | - | - |
| G0505 Ranníocaíocht i leith Coistí Gairmoideachais | - | - | - | - |
| G0506 Seirbhísí Eile Oideachais | 5,000 | 5,000 | 5,000 | 5,000 |
| G0507 Béilí Scoile | 121,600 | 121,600 | 98,800 | 99,700 |
| G0599 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 7,300 | 7,300 | 8,200 | 8,400 |
| **G05 Seirbhísí Tacaíochta Oideachais** | **133,900** | **133,900** | **112,000** | **113,100** |
| G0601 Seirbhís Gníomhaireachta agus Seirbhís In-fhorchúitithe | - | - | - | - |
| G0699 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **G06 Seirbhísí Gníomhaireachta agus Seirbhísí In-fhorchúitithe** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| **Iomlán Rannán G** | **2,164,000** | **2,164,000** | **1,881,700** | **2,193,000** |

| Tábla F – Ioncam | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannán G – Talmhaíocht, Bia agus Muir** | | | | |
| **Ioncam de réir Foinse** | **2026** | | **2025** | |
| | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| **Deontais agus Fóirdheontais Rialtais** | | | | |
| Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht | - | - | - | - |
| Cultúr, Cumarsáid agus an Spórt | - | - | - | - |
| Oideachas agus Óige | - | - | - | - |
| Iompar | - | - | - | - |
| Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann | - | - | - | - |
| Talmhaíocht, Bia, Iascach agus Muir | 10,000 | 10,000 | 20,000 | 10,000 |
| Eile | 143,000 | 143,000 | 43,000 | 143,000 |
| **Iomlán Deontas agus Fóirdheontas Rialtais** | **153,000** | **153,000** | **63,000** | **153,000** |
| **Earraí agus Seirbhísí** | | | | |
| Aoisliúntas | 8,300 | 8,300 | 7,400 | 7,600 |
| Seirbhísí Gníomhaireachta agus Oibreacha is Gá a Aisíoc | - | - | - | - |
| Ranníocaíochtaí ón Údarás Áitiúil | - | - | - | - |
| Ioncam eile | 343,200 | 343,200 | 366,300 | 340,000 |
| **Iomlán Earraí agus Seirbhísí** | **351,500** | **351,500** | **373,700** | **347,600** |
| **Iomlán Rannán G** | **504,500** | **504,500** | **436,700** | **500,600** |

# Rannán H
# SEIRBHÍSÍ ILGHNÉITHEACHA

**RÁTAÍ A RIAR**

Leantar le soláthar a dhéanamh sa Bhuiséad do chaillteanais fhéideartha a eascraíonn as cinntí ón mBinse Luachála, mar a leagadh amach roimhe seo do na comhaltaí uile. Áirítear leis an tseirbhís sin an costas a bhaineann le rátaí a bhailiú, mar aon le soláthar do dhrochfhiacha a dhíscríobh.

Déantar foráil shonrach le halt 9 den Acht um Rátaí Rialtais Áitiúil agus Nithe Eile, 2019, go bhféadfaidh comhaltaí tofa d'údarás áitiúil scéim a dhéanamh, a leasú, a dhiúltú nó a athnuachan lena ndéanfar foráil maidir le rátaí a laghdú i leith maoine folmha, agus go gceadófar scéim den sórt sin ag cruinniú buiséid an údaráis áitiúil i dtaobh na bliana airgeadais áitiúla a mbeidh feidhm ag an scéim maidir léi. Leis an mBuiséad, athnuaitear don bhliain 2026 an ráta 0% a cuireadh i bhfeidhm don bhliain 2025.

Déantar foráil le halt 3 den Acht um Rátaí Rialtais Áitiúil agus Nithe Eile, 2019, go ndéanfaidh comhaltaí tofa d'údarás áitiúil Ráta Bliantúil ar an Luacháil a ghlacadh don bhliain airgeadais. Déantar leis an mBuiséad socrú don Ráta Bliantúil ar an Luacháil a mhéadú go 0.1868 don bhliain 2026.

B'ionann an muirear i leith Áiteanna Cónaithe Príobháideacha Neamhphríomha agus táille bhliantúil €200 do mhaoine cónaithe nárbh iad príomhtheach an úinéara iad idir na blianta 2009 agus 2013. Cé nach bhfuil an muirear féin gníomhach a thuilleadh, chuaigh aon dliteanais neamhíoctha ón tréimhse sin in éag go hiomlán ag deireadh mhí an Mhárta 2025, agus ní cheanglaítear ar dhíoltóirí Deimhniú Urscaoilte ná Deimhniú Díolúine a sholáthar a thuilleadh agus maoin á díol acu.

**TOGHTHÓIRÍ/VÓTÁLAITHE A CHLÁRÚ**

Tiomsaíonn an Chomhairle Contae Clár na dToghthóirí gach bliain, agus foilsíonn sí é de réir na spriocdhátaí reachtúla. Bhí 215,158 dtoghthóir ar Chlár na dToghthóirí amhail an 14 Deireadh Fómhair 2025.

Soláthraíodh suim €130,000 i ndáil leis an tionscadal voter.ie atá ar bun ag Comhairle Contae Fhine Gall i gcomhar leis na trí Údarás Áitiúla eile i mBaile Átha Cliath.

**CAITEACHAIS COMHALTAÍ**

Soláthraíodh suim €19,500 le haghaidh comhdhálacha agus oiliúna do Chomhaltaí Tofa sa bhliain 2026.

**COSTAIS TACAÍOCHTA SEIRBHÍSE**

**OIFIGÍ NA COMHAIRLE A MHAOINIÚ**

Leithdháileadh suim €2.387m ar shocruithe maoiniúcháin d'oifigí Bhaile Bhlainséir.

**SEIRBHÍSÍ DIGITEACHA**

Tacaíonn an Rannóg Seirbhísí Digiteacha le seirbhísí de chuid na Comhairle a sholáthar do dhaoine den phobal, do ghnólachtaí, agus d'ionadaithe tofa Fhine Gall trí theicneolaíochtaí digiteacha a úsáid.

Leanfar leis an gClár um Chlaochlú Digiteach Áiteanna Oibre sa bhliain 2026. Cuireadh an chéim is déanaí den chlár i gcrích sa bhliain 2025 – réiteach bainistíochta caidrimh custaiméirí na Comhairle a aistriú chuig Dynamics 365, lena n-áirítear an córas Uiríoll Comhairleoirí a uasghrádú. Cuireadh tús leis an gcéad chéim eile den chlár – Obair Allamuigh agus Seirbhísí ar Líne – sa bhliain 2025, agus leanfar leis an gcéim sin sa bhliain 2026. Beidh sé mar aidhm leis an Obair Allamuigh obair a dhigitiú in iostaí agus i limistéir allamuigh. Oibreoidh Seirbhísí ar Líne i dtreo an sprioc Rialtais a bhaint amach, is é sin go mbeadh 90% de sheirbhísí ar fáil ar líne faoin mbliain 2030. Leanfar leis an obair atá ar bun chun taifid agus próisis a dhigitiú ar fud Rannóga na Comhairle chun cur le héifeachtúlachtaí i bpróisis oibre, chun feabhas a chur ar sheirbhísí don phobal, chun feabhas a chur ar rialachas agus slándáil faisnéise, agus chun gnóthachain chomhshaoil a bhaint amach.

Leanfar leis na cláir Ríomhphleanála agus Ríomhthithíochta sa bhliain 2026 freisin. Is é aidhm na gclár sin córais atá ann cheana a uasghrádú agus a fheabhsú chun feabhas a chur ar éifeachtúlachtaí i bpróisis oibre, lena n-áirítear oibríochtaí oifige agus oibríochtaí allamuigh araon, agus seirbhísí ar líne a chur i bhfeidhm do dhaoine den phobal i réimsí na Pleanála agus na Tithíochta.

Seo a leanas rogha de na tionscadail Seirbhísí Digiteacha a chuirfear chun cinn sa bhliain 2026:

- Clár Thairseach ar Líne myFingal
- Clár Seirbhísí Allamuigh
- Réitigh bhreise ar Microsoft Power Platform
- Córas nua Bainistíochta Stoic
- Tionscadail Intleachta Saorga Giniúnaí Microsoft Copilot
- Clár Ríomhthithíochta (Céim 2)
- Clár Ríomhphleanála (Céim 2)
- Orduithe ón bPríomhfheidhmeannach (Modúl Ríomhshínithe)

Leanfaidh an Rannóg Seirbhísí Digiteacha le bainistiú a dhéanamh ar chothabháil an bhonneagair teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide do Chomhairle Contae Fhine Gall agus ar an tacaíocht a thugtar don bhonneagar sin, lena n-áirítear na seirbhísí ar líne, na córais ghnó, an bonneagar freastalaithe, an líonra sonraí agus na gléasanna ríomhaireachta de chuid na Comhairle.

Leanfaidh an Chomhairle lena rannpháirtíocht ghníomhach sa tionscnamh réigiúnach 'Baile Átha Cliath Cliste', i mBaile Brigín Cliste agus i bhFóram Cathracha Cliste Uile-Éireann, a bhfuil mar aidhm leo nuálaíocht agus comhoibriú a bhrú chun cinn maidir leis an teicneolaíocht a úsáid chun feabhas a chur ar cháilíocht na beatha i bpobail áitiúla.

Leanfaidh an Chomhairle le páirt a ghlacadh i dtionscnaimh Sonraí Oscailte réigiúnacha agus náisiúnta agus le ról lárnach a imirt iontu freisin, rud a chumasóidh d'Údaráis Áitiúla Sonraí Oscailte a fhoilsiú ar bhealach comhordaithe caighdeánaithe.

**SEIRBHÍSÍ DAOINE**

D'fhoilsigh an Rannóg Seirbhísí Daoine Plean Straitéiseach Fórsa Saothair Chomhairle Contae Fhine Gall 2025–2029, rud ina sainaithnítear na saincheisteanna fórsa saothair atá le cur chun cinn ag an gComhairle ar mhaithe lena cuid cuspóirí a bhaint amach sa todhchaí. Comhlíonfar an plean sin ar bhonn na n-acmhainní airgeadais atá ar fáil agus ar bhonn imthosca eacnamaíocha ginearálta.

Is dúshlán mór sa timpeallacht oibriúcháin reatha atá i mbaill foirne a choinneáil agus a earcú ar gach leibhéal. Eascraíonn sé sin as an deacracht leanúnach a bhaineann le baill foirne a choinneáil agus leis an gcumas chun tallann a mhealladh i margadh saothair an-iomaíoch. Leanfaidh an Rannóg Seirbhísí Daoine le feachtais earcaíochta a reáchtáil sa bhliain 2026. Leanfar le socruithe oibre cumaisc a chur chun feidhme le linn na bliana 2026, agus baill foirne incháilithe ag obair go cianda ar feadh dhá lá ar a mhéad in aghaidh na seachtaine.

Leanfaidh an Rannóg Seirbhísí Daoine le dul i gcomhairle leis na Ceardchumainn, agus leanfaidh sí le leas a bhaint as an bpróiseas comhpháirtíochta "Líonra Fhine Gall" chun na héifeachtúlachtaí riachtanacha áit oibre a chur chun feidhme agus chun dea-chaidreamh tionsclaíoch a choinneáil ar bun an tráth céanna.

Leanfaidh an Rannóg Párolla le próiseáil chruinn thráthúil gach íocaíochta tuarastail a chinntiú de réir ceanglais reachtúla agus eagraíochtúla. Comhlíonfaidh an Rannóg go hiomlán na caighdeáin Comhaontaithe Seirbhíse faoi MyPay, agus cuirfidh sí coigeartuithe pá chun feidhme a eascróidh as Comhaontú na Seirbhíse Poiblí 2024–2026 agus as aon bhearta pá eile a chomhaontófar ar an leibhéal náisiúnta. Díreoidh an Rannóg Párolla freisin ar threisiú le rialuithe inmheánacha, le sláine sonraí agus le cruinneas tuairiscithe chun tacú le bainistíocht airgeadais éifeachtach.

Tá an Rannóg Aoisliúntais ag gabháil don aistriú chuig ardán Seirbhísí Comhroinnte MyPay faoi láthair. Tá an t-aistriú sin ina fhorbairt shuntasach maidir le riarachán pinsean a nuachóiriú laistigh den earnáil údaráis áitiúil. A bhuí leis an aistriú, soláthrófar éifeachtúlachtaí oibríochtúla níos fearr trí phróisis aoisliúntais a uathoibriú agus a chaighdeánú. Neartófar sláine sonraí, cinnteofar comhlíonadh níos fearr caighdeán náisiúnta, agus laghdófar forchostais riaracháin dá bharr freisin. Trí MyPay a chur chun feidhme, cothófar samhail soláthair seirbhíse níos cuíchóirithe, níos cruinne agus níos inbhuanaithe.

**FOGHLAIM AGUS FORBAIRT**

Is ionann Córas nua Bainistíochta Foghlama na Comhairle agus ardán dinimiciúil atá deartha chun feabhas a chur ar an eispéireas foghlama agus forbartha fostaithe, agus rochtain éasca á soláthar ar ábhair oiliúna, ar chúrsaí agus ar acmhainní atá saincheaptha chun tacú le fás gairmiúil fostaithe. Leanann an Rannóg Seirbhísí Daoine lena chinntiú go ndéantar scileanna, cumais agus inniúlachtaí ár bhfostaithe

a fheabhsú agus a thabhairt cothrom le dáta ionas go gcomhlíonfaidh siad a róil ar bhealach inniúil sábháilte i dtimpeallacht oibre a bhíonn ag athrú.

**FOLLÁINE**

Tá tréimhse feidhme na Straitéise Folláine 2022-2025 thart anois, agus tá obair ar siúl chun straitéis chomharba a cheapadh sa bhliain 2026. Tá rún daingean ag an Rannóg Seirbhísí Daoine go fóill tacú le folláine fostaithe trí raon leathan tionscnamh amhail an Scéim um Chúnamh d’Fhostaithe, an Cór Foirne, an Giomnáisiam Digiteach, Cruthaitheacht don Fholláine, agus cuid mhór tionscnamh eile.

**SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT CHEIRDE**


Tacaíonn Aonad Sláinte agus Sábháilteachta Chomhairle Contae Fhine Gall leis na stiúrthóireachtaí agus na baill foirne éagsúla laistigh den údarás áitiúil trí bhearta réamhghníomhacha agus frithghníomhacha sábháilteachta a chur i bhfeidhm san áit oibre. Bainistíonn an tAonad Sláinte agus Sábháilteachta guaiseacha aitheanta sláinte agus sábháilteachta ceirde agus na rioscaí gaolmhara trí chomhairle, oiliúint, measúnuithe, beartais, nósanna imeachta agus imscrúduithe, atá leagtha amach i dteannta a chéile i ráitis sábháilteachta chorparáideacha agus choimhdeacha. Déantar na próisis sin a bhailíochtú laistigh den eagraíocht trí iniúchtaí cuimsitheacha fógartha sábháilteachta agus trí chigireachtaí neamhfhógartha sábháilteachta láithreáin a dhéantar go minic. Leanfar ar aghaidh leis an gcóras cigireachta sin i rith na bliana 2026.

Is trí aighneachtaí bliantúla ón Aonad Sláinte agus Sábháilteachta chuig scéim Gradam Sábháilteachta NISO a dhéantar bailíochtú seachtrach ar chóras bainistíochta sábháilteachta an údaráis áitiúil. Sealbhaíonn Comhairle Contae Fhine Gall ‘Ardghradam’ faoi láthair, mar aon leis an nGradam ‘Sármhaitheas sa tSábháilteacht’, ar gradam é a thugtar d’eagraíochtaí ar éirigh leo gradam sábháilteachta ardchaighdeáin a bhaint amach go seasta le níos mó ná 15 bliana.

# H – Seirbhísí Ilghnéitheacha


## Caiteachas

| | |
|---|---|
| H01 Cuntas Brabúis agus Caillteanais maidir le hInnealra | €21,200 |
| H02 Cuntas Brabúis agus Caillteanais maidir le Stórtha | €240,200 |
| H03 Rátaí a Riar | €19,699,500 |
| H04 Costais Saincheadúnais | €702,800 |
| H06 Droichid Mheáite | €17,300 |
| H07 Margaí a Oibriú agus Corrthrádáil | €1,700 |
| H09 Ionadaíocht Áitiúil agus Ceannaireacht Shibhialta | €3,641,100 |
| H11 Seirbhísí Gníomhaireachta agus Seirbhísí In-fhorchúitithe | €570,100 |
| | **€24,893,900** |




## Ioncam

| | |
|---|---|
| Deontais ó RTRÁO | €23,348,700 |
| Íocaíochtaí i leith Áiteanna Cónaithe Príobháideacha Neamhphríomha | €0 |
| Ioncam Eile | €6,131,800 |
| Ranníocaíochtaí ón Údarás Áitiúil | €170,000 |
| Aoisliúntas | €65,000 |
| | **€29,715,500** |



| Tábla F – Caiteachas | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannán H – Seirbhísí Ilghnéitheacha** | | | | |
| **Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fosheirbhíse** | **2026** | | **2025** | |
| | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| H0101 Seirbhís Innealra a Chothabháil | 2,179,500 | 2,179,500 | 2,078,100 | 2,073,200 |
| H0102 Oibríochtaí Gléasra agus Innealra | (2,158,300) | (2,158,300) | (2,078,100) | (2,073,200) |
| H0199 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **H01 Cuntas Brabúis agus Caillteanais maidir le hInnealra** | **21,200** | **21,200** | **-** | **-** |
| H0201 Ábhair, Stórtha a Cheannach | 120,100 | 120,100 | 110,100 | 120,200 |
| H0202 Costais a bhaineann le Stórtha a Riar | 75,800 | 75,800 | 115,300 | 53,500 |
| H0203 Foirgnimh, Stórtha a Chothabháil | - | - | - | - |
| H0299 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 44,300 | 44,300 | 79,400 | 81,100 |
| **H02 Cuntas Brabúis agus Caillteanais maidir le Stórtha** | **240,200** | **240,200** | **304,800** | **254,800** |
| H0301 Oifig Rátaí a Riar | 25,000 | 25,000 | 10,000 | 25,000 |
| H0302 Rátaí Seirbhíse a bhaineann le Bainistiú Fiach | 888,700 | 888,700 | 852,500 | 868,800 |
| H0303 Aisíocaíochtaí agus Rátaí Do-aisghafa | 17,450,000 | 17,450,000 | 16,715,000 | 16,700,000 |
| H0399 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,335,800 | 1,335,800 | 1,234,000 | 1,271,800 |
| **H03 Rátaí a Riar** | **19,699,500** | **19,699,500** | **18,811,500** | **18,865,600** |
| H0401 Costais a bhaineann le Clár na dToghthóirí | 413,300 | 413,300 | 290,700 | 382,900 |
| H0402 Costais a bhaineann le Toghcháin Áitiúla | - | - | - | - |
| H0499 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 289,500 | 289,500 | 222,900 | 231,600 |
| **H04 Costais Saincheadúnais** | **702,800** | **702,800** | **513,600** | **614,500** |
| H0501 Táillí agus Caiteachais an Chróinéara | - | - | - | - |
| H0502 Marbhlann a Oibriú | - | - | - | - |
| H0599 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **H05 Marbhlann a Oibriú agus Caiteachais an Chróinéara** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| H0601 Oibríochtaí Droichead Meáite | 16,000 | 16,000 | 18,500 | 18,500 |
| H0699 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,300 | 1,300 | 1,700 | 1,700 |
| **H06 Droichid Mheáite** | **17,300** | **17,300** | **20,200** | **20,200** |
| H0701 Margaí a Oibriú | - | - | - | - |
| H0702 Limistéir Chorrthrádála | 1,000 | 1,000 | 1,000 | 1,000 |
| H0799 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 700 | 700 | 200 | 200 |
| **H07 Margaí a Oibriú agus Corrthrádáil** | **1,700** | **1,700** | **1,200** | **1,200** |
| H0801 Damáiste Mailíseach | - | - | - | - |
| H0899 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **H08 Damáiste Mailíseach** | **-** | **-** | **-** | **-** |

| Tábla F – Caiteachas | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannán H – Seirbhísí Ilghnéitheacha** | | | | |
| **Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fosheirbhíse** | **2026** | | **2025** | |
| | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach /Méara €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| H0901 Íocaíochtaí le hIonadaithe | 1,281,600 | 1,281,600 | 1,159,100 | 1,175,600 |
| H0902 Liúntais an Chathaoirligh/an Leas-Chathaoirligh | 60,600 | 60,600 | 60,000 | 64,100 |
| H0903 Liúntais Bhliantúla Chomhaltaí an Údaráis Áitiúil | 466,400 | 466,400 | 445,200 | 443,700 |
| H0904 Caiteachais Chomhaltaí an Údaráis Áitiúil | - | - | - | - |
| H0905 Caiteachais Eile | - | - | - | - |
| H0906 Comhdhálacha Thar Lear | 1,500 | 1,500 | 1,500 | 1,500 |
| H0907 Aiscí Scoir | 10,000 | 10,000 | 10,000 | 10,000 |
| H0908 Ranníocaíocht le Cumainn Comhaltaí | 37,500 | 37,500 | 24,500 | 25,500 |
| H0909 Leithdháileadh Bardasach Ginearálta | - | - | - | - |
| H0999 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,783,500 | 1,783,500 | 1,671,700 | 1,671,600 |
| **H09 Ionadaíocht Áitiúil agus Ceannaireacht Shibhialta** | **3,641,100** | **3,641,100** | **3,372,000** | **3,392,000** |
| H1001 Mótarchánachas a Oibriú | - | - | - | - |
| H1099 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **H10 Mótarchánachas** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| H1101 Seirbhís Gníomhaireachta agus Seirbhís In-fhorchúitithe | 108,000 | 108,000 | 101,500 | 115,900 |
| H1102 Íocaíochtaí i leith Áiteanna Cónaithe Príobháideacha Neamhphríomha | 242,500 | 242,500 | 257,300 | 234,400 |
| H1199 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 219,800 | 219,800 | 209,200 | 214,900 |
| **H11 Seirbhísí Gníomhaireachta agus Seirbhísí In-fhorchúitithe** | **570,300** | **570,300** | **568,000** | **565,200** |
| **Iomlán Rannán H** | **24,894,100** | **24,894,100** | **23,591,300** | **23,713,500** |
| **IOMLÁN FORIOMLÁN** | **433,353,600** | **436,053,600** | **388,875,700** | **394,105,500** |

| Tábla F – Ioncam | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannán H – Seirbhísí Ilghnéitheacha** | | | | |
| **Ioncam de réir Foinse** | **2026** | | **2025** | |
| | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Arna mheas ag an bPríomhfheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| **Deontais agus Fóirdheontais Rialtais** | | | | |
| Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht | 23,348,700 | 23,348,700 | 20,878,800 | 20,538,800 |
| Talmhaíocht, Bia, Iascach agus Muir | - | - | - | - |
| Coimirce Shóisialach | - | - | - | - |
| Dlí agus Ceart, Gnóthaí Baile agus Imirce | - | - | - | - |
| Eile | - | - | - | - |
| **Iomlán Deontas agus Fóirdheontas Rialtais** | **23,348,700** | **23,348,700** | **20,878,800** | **20,538,800** |
| **Earraí agus Seirbhísí** | | | | |
| Aoisliúntas | 65,000 | 65,000 | 56,000 | 57,100 |
| Seirbhísí Gníomhaireachta agus Oibreacha is Gá a Aisíoc | - | - | - | - |
| Ranníocaíochtaí ón Údarás Áitiúil | 170,000 | 170,000 | 170,000 | 167,500 |
| Íocaíochtaí i leith Áiteanna Cónaithe Príobháideacha Neamhphríomha | - | - | 50,000 | 20,900 |
| Ioncam eile | 6,131,700 | 6,131,700 | 8,539,300 | 11,231,100 |
| **Iomlán Earraí agus Seirbhísí** | **6,366,700** | **6,366,700** | **8,815,300** | **11,476,600** |
| **Iomlán Rannán H** | **29,715,400** | **29,715,400** | **29,694,100** | **32,015,400** |
| **IOMLÁN FORIOMLÁN** | **235,231,900** | **237,931,900** | **208,423,800** | **214,136,000** |

# DEIMHNIÚ

Deimhním leis seo gurb amhlaidh, ag an gcruinniú Buiséid Bhliantúil de chuid Chomhairle Contae Fhine Gall a tionóladh ar an 18ú lá seo de mhí na Samhna 2025, a ghlac an Chomhairle le rún don bhliain airgeadais dar críoch an 31ú lá de mhí na Nollag 2026, an Buiséad Bliantúil, arna leasú, atá leagtha amach i dTáblaí A - F agus a chinn sí le rún i gcomhréir leis an mbuiséad sin gurb é an ráta atá leagtha amach i dTábla A an Ráta Bliantúil ar Luacháil atá le gearradh mar thobhach don bhliain sin chun na gcríoch atá leagtha amach i dTábla A.

Síniú: ______________________
Méara

Comhshíniú: ______________________
Stiúrthóir Airgeadais

Dáta: 18/11/25

| AGUISÍN 1 | | |
|---|---|---|
| **ACHOIMRE AR MHUIRIR BHAINISTÍOCHTA LÁRNAÍ DON BHLIAIN 2026** | | |
| **Tuairisc** | **2026**<br>**€** | **2025**<br>**€** |
| Forchostas na Rannóige um Ghnóthaí Corparáideacha | 7,219,200 | 7,106,900 |
| Forchostas na Rannóige um Fhoirgnimh Chorparáideacha | 12,446,000 | 11,151,000 |
| Forchostas na Feidhme Airgeadais | 3,593,200 | 3,483,700 |
| Forchostas na Feidhme Acmhainní Daonna | 5,133,000 | 4,662,100 |
| Seirbhísí TF | 12,620,100 | 10,491,300 |
| Forchostas Pinsean agus Cnapshuimeanna | 25,423,000 | 22,242,800 |
| **Caiteachas Iomlán a Leithdháileadh ar Sheirbhísí** | **66,434,500** | **59,137,800** |

| AGUISÍN 2 | | |
|---|---|---|
| **ACHOIMRE AR AN LEITHDHÁILEADH CÁNACH MAOINE ÁITIÚLA DON BHLIAIN 2026** | | |
| **Tuairisc** | **2026 €** | **2026 €** |
| **Lánroghnach** | | |
| ** Cáin Mhaoine Áitiúil Lánroghnach (Tábla A) | 22,356,158 | |
| | | **22,356,158** |
| **Féinchistiú – Buiséad Ioncaim** | | |
| Tithíocht agus Foirgníocht | 20,978,292 | |
| Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht | 3,914,446 | |
| | | **24,892,738** |
| **Iomlán Cánach Maoine Áitiúla – Buiséad Ioncaim** | | **47,248,896** |
| **Féinchistiú – Buiséad Caipitil** | | |
| Tithíocht agus Foirgníocht | - | |
| Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht | - | |
| | | **-** |
| **Iomlán Cánach Maoine Áitiúla – Buiséad Caipitil** | | **-** |
| **Iomlán an Leithdháilte Cánach Maoine Áitiúla (Tar Éis Athrú)** | | **47,248,896** |

**Áirítear leis an méid sin ranníocaíocht cothromaithe is ionann agus €0 ón gCiste Státchiste/Rialtais Áitiúil.

# Nótaí

# Nótaí



**Comhairle Contae Fhine Gall**
Fingal County Council

County Hall, Main Street,
Swords, Co. Dublin K67 X8Y2

+353 1 890 5000

finance@fingal.ie

www.fingal.ie

